RSA




# Tuarascáil Bhliantúil

# 2015

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Road Safety Authority

01

# CLÁR ÁBHAR


Ráiteas an chathaoirligh ........ 02

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh ........ 04

Réamhrá ........ 06

Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe ........ 24

Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe ........ 34

Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú ........ 54

Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála ........ 81

Acmhainní Daonna ........ 88

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ........ 89

Aguisín A: Ráitis Airgeadais RSA 2015 ........ 91

Eagraíochtaí ........ 120

02

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**LIZ O'DONNELL**, CATHAOIRLEACH



## NÍ MÓR NA DLÍTHE SÁBHÁILTEACHTA BÓTHAIR A CHUR I BHFEIDHM GO HÉIFEACHTACH

### Príomhphointí

- 166 teaghlach agus pobal croíbhriste de dheasca timpistí bóthair
- Tá Éire ar gcúl san Eoraip ó thaobh luasteorainneacha 30km/h a leagan síos
- Fáilte roimh an ngealltanas sa chlár rialtais reatha líon na nGardaí a ardú go dtí 15,000
- Imní faoin bhfianaise go bhfuil an tsábháilteacht ag dul ar gcúl

In 2015 bhí laghdú 14% ar bhásanna ar na bóithre i gcomparáid le 2014.

Is deacair liom a rá gur éacht é sin. Cé go bhfáiltím roimh an laghdú ar líon na mbásanna agus ar líon na ndaoine a chaill duine muinteartha leo, is ríléir dom gurb ann do 166 teaghlach agus pobal atá croíbhriste de dheasca timpistí bóthair a tharla anuraidh.

Cé nach deas an dul chun cinn atá déanta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a thomhas de réir líon na mbásanna, níl aon slat tomhais eile againn. Ós rud é gur muide an príomhchomhlacht stáit ar a bhfuil cúram na sábháilteachta ar na bóithre, tá sé tábhachtach an dul chun cinn sin a aithint, sa chaoi is gur féidir linn an pobal a chur ar an eolas go bhfuil ag éirí lenár gcuid comhiarrachtaí.

Oibríonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, i dteannta gníomhaireachtaí eile, grúpaí tathanta agus feachtasóirí sábháilteachta ar bhóithre, le tabhairt ar dhaoine a meon agus n-iompar a athrú, chun líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú. Mar sin, tá sé tábhachtach an feabhas ar an iompar sin, nuair is ann dó, a aithint.

Mura n-aithnítear, cén chaoi is féidir linn a chinntiú go leanfaidh tiománaithe orthu ag tacú leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus go mbeidh siad ar son an chéad bheart forfheidhmithe eile a thabharfar isteach?

Beidh an tacaíocht sin uainn in 2016.

Tacaíocht ar son Bille nua um Thrácht ar Bhóithre ina ndéantar foráil maidir le:

- Tástáil ceimiceán cois bóthair a thabhairt isteach le dul i ngleic le tiomáint faoi thionchar drugaí,
- Luasteorainn nua 20 km/h i gcás eastát tithíochta
- An tríú rogha íocaíochta dóibh siúd nach bhfuair an fógra um muirear seasta sa phost a thabhairt isteach.

Beidh na forálacha sin ina gcúnamh mór agus muid ag iarraidh dul i ngleic le cuid de na príomhcheisteanna ar na bóithre.

Is gá aghaidh a thabhairt freisin ar cheisteanna eile maidir le sábháilteacht ar bhóithre, ceisteanna a cheapamar a bhí réitithe, amhail róluas agus tiomáint faoi thionchar an óil.

Le 12 mhí anuas, tá an RSA agus an Garda Síochána ag obair i gcomhar le chéile le tuiscint níos fearr a fháil ar na cúiseanna a bhíonn le himbhuailtí ar na bóithre. Chuige sin, tugadh rochtain do Roinn Taighde an RSA ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil faoi

imbhuailtí marfacha idir na blianta 2008 agus 2012, an Tuarascáil Imscrúdaithe Fóiréinsigh ar Imbhuailtí san áireamh. An méid a fuarthas amach, chuir sé alltacht orainn le fírinne. Is léiriú lom an taighde is deireanaí a rinneadh faoi ról an alcóil in imbhuailtí marfacha gur fadhb fós í an tiomáint faoi thionchar an óil i bpobail ar fud na tíre.

Léiríodh sa taighde go raibh baint ag an alcól le 38% de na himbhuailtí marfacha idir na blianta 2008 agus 2012. Ó thaobh uimhreacha de, ciallaíonn sé sin gur maraíodh 286 duine toisc gur ól siadsan nó duine eile alcól. Má dhéantar tuilleadh anailíse ar na figiúirí feictear dúinn gur i measc fear óg idir 16 agus 24 bliana is mó atá an t-iompar sin le tabhairt faoi deara.

Níl aon údar le tiomáint faoi thionchar an óil. Cé go ndéanann an chuid is mó againn an rud ceart agus go bhfaighimid bealaí iompair eile le dul abhaile tar éis oíche amuigh, is ann do roinnt mhaith daoine fós a cheapann go bhfuil sé ceart go leor a mbeatha féin agus beatha daoine eile a chur i mbaol leis an iompar sin.

Mar shochaí, tá sé de fhreagracht orainn tuiscint níos fearr a fháil ar iarmhairtí tubaisteacha na tiomána faoi thionchar an óil agus iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh agus acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar an iompar sin.

Mar dhaoine aonair, caithfimid freagracht phearsanta a ghlacadh as ár mbearta féin. Nuair a thiomáineann duine agus é faoi thionchar an óil, déanann sé é agus fios maith aige go bhfuil lagú mór ar an gcumas atá aige tiomáint agus go mbíonn baol níos mó ann, nuair a thiomáintear faoi thionchar an alcóil, go marófar nó go ngortófar duine ar na bóithre.

Níl aon dabht faoi ach go gcaithfear na dlíthe sábháilteachta bóthair a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus cuirim fáilte mhór roimh an ngealltanas sa chlár rialtais reatha líon na nGardaí a ardú go dtí 15,000, a líon roimh an gcúlú eacnamaíochta.

Tá ról lárnach ag an nGarda Síochána maidir leis na bóithre a choinneáil saor ón mbás agus ó ghortuithe tromchúiseacha trí mhonatóireacht a dhéanamh ar iompar bóthair ardriosca agus na dlíthe maidir le trácht ar bhóithre a chur i bhfeidhm. Is é an bealach is fearr le hiompar daoine ar na bóithre a athrú ná na Gardaí a bheith le feiceáil go han-rialta ar na bóithre agus an faitíos a bhíonn ar dhaoine maidir le cur i bhfeidhm na ndlíthe. Mar sin, tá sé fíorthábhachtach go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta don Chór Tráchta agus go mbeadh sé le feiceáil níos minice ar na bóithre.

Cé go mbeidh ról ag na Gardaí agus ag idirghabháil gníomhaireachtaí eile chun na bóithre a dhéanamh níos sábháilte in 2016, is ar gach úsáideoir bóithre a bheidh an fhreagracht is mó. Nó de réir ár mana nua: "Is ar bhóithre sábháilte amháin a bhainfimid ceann scríbe amach."

**Liz O'Donnell**
Cathaoirleach

03



## RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**MOYAGH MURDOCK**, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

# IN 2015 BHÍ LAGHDÚ 14% AR BHÁSANNA I GCOMPARÁID LE 2014.

**Príomhphointí**

- An dara bliain is sábháilte ar an taifead
- Is baol mór ar na bóithre an réchúis
- Athrú radacach ar fheidhmeanna an RSA ó bunaíodh é in 2006
- A chinntiú go bhfuilimid níos dírithe ar an gcustaiméir

Cailleadh 166 duine in 2015. Bhain gortuithe tromchúiseacha do 396 duine eile. Tá aon bhás amháin iomarcach ach rinneadh dul chun cinn in 2015. Laghdú 14% ar bhásanna agus laghdú 18% ar ghortuithe tromchúiseacha i gcomparáid le 2014. An dara bliain is sábháilte ó tosaíodh ag coinneáil taifead agus athrú iomlán ar threocht líon na mbásanna ar na bóithre, treocht a bhí ag ardú le blianta beaga anuas.

Mar sin féin, tá sé ráite agam cheana gur baol mór ar na bóithre í an réchúis. Tá sé fíorthábhachtach go gcuirfimis leis an dul chun cinn atá déanta. Más mian linn príomhchuspóir na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhaint amach ní mór dúinn líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú go 124 duine nó níos lú faoin mbliain 2020.

Sa bhliain 2015 bhí feabhas mór ar an gcaoi a ndéanaimid taifead agus anailís ar shonraí faoi thimpistí bóthair. Cuireadh feabhas ar an gcóras lena ndéanaimid anailís ar réamhthuairiscí na nGardaí ó láthair na timpiste, ar a dtugtar CT68. Baineadh é sin amach go príomha trí nasc leictreonach ar leith a chruthú idir an RSA agus taifid na nGardaí. Ar an gcaoi sin is féidir linn faisnéis faoi thimpistí a fháil i bhfíor-am agus cabhraíonn sé linn treochtaí a aithint agus freagra a thabhairt orthu ar bhealach níos sciobtha.

Tá patrúin a chonacthas cheana, agus ar údar imní iad, le sonrú ón bhfaisnéis atá le fáil sna réamhthuairiscí timpiste ó 2015. Is fadhb a bhaineann go dlúth leis na fir an tsábháilteacht ar bhóithre. Ba fhir iad 80% de na daoine a bhásaigh ar na bóithre in 2015. Ba thiománaithe iad formhór na ndaoine a maraíodh (75) agus is ábhar mór imní é nach raibh crios sábhála ar 25% de na tiománaithe sin tráth na timpiste. Cé go raibh laghdú 31% ar líon na bpaisinéirí a maraíodh, tá an líon acu nach raibh crios sábhála orthu ina ábhar imní freisin. Ní raibh crios sábhála ar an tríú cuid acu tráth na timpiste.

Is rídheacair é sin a thuiscint, agus bhrisfeadh sé do chroí, dá gcuimhneofá ar an líon acu a thabharfaí slán dá mbeadh crios sábhála orthu.

Meascán torthaí a bhí le sonrú maidir leis na daoine is mó a bhíonn i mbaol ar na bóithre. Cé go raibh laghdú ar líon na leanaí, na rothaithe agus na gcoisithe a maraíodh, is údar imní líon na ngluaisrothaithe a fhaigheann bás ar na bóithre.

Cé go raibh laghdú beag ar líon na ngluaisrothaithe a maraíodh ar na bóithre in 2015 i gcomparáid le 2014, (22 i gcomparáid le 24), tá an feabhas ar an tsábháilteacht ghluaisrothair ag tarlú go rómhall. Bhí na rátaí báis ró-ard le blianta beaga anuas agus ní mór díriú go háirithe ar an ngrúpa úsáideoirí bóithre leochaileach sin in 2016.

Ní mór díriú freisin ar na haoisghrúpaí is mó a bhíonn i mbaol. In 2015 maraíodh níos mó daoine sna haoisghrúpaí 16-25 agus 56-65 ná mar a maraíodh in aon aoisghrúpa eile.

Aithnítear go forleathan próifíl ard an RSA agus feachtais an RSA sna meáin a bhfuil duaiseanna buaite acu, agus meastar gurb iad fógraí an RSA na fógraí is éifeachtaí ar an teilifís. Mar sin féin, níl san obair sin ach cuid bheag d'obair an RSA ó lá go lá.

Bhí bliain an-ghnóthach ag an Údarás in 2015 agus ní mór foireann na heagraíochta, atá fíorthiomanta agus a oibríonn go crua, a mholadh. Le cúnamh

na foirne sin d'éirigh linn an méid seo a leanas a bhaint amach:

- 500,000 Ceadúnas Iomlán agus Ceadúnas Foghlaimeora a eisiúint;
- 132,000 Tástáil Tiomána a chur i gcrích;
- 130,000 Tástáil Teoirice a chur i gcrích;
- 15,000 Cárta Digiteach Tacagraif a eisiúint;
- Cigireacht a dhéanamh ar 1,500 Uair Tiománaithe Tráchtála.

Ina theannta sin, chuireamar seirbhísí riachtanacha ródacmhainneachta ar fáil d'fheithiclí úinéirí, go háirithe:

- 1.49 milliún feithicil tríd an Tástáil Náisiúnta Carranna (NCT)
- 680,000 feithicil tríd an gclár Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála agus ADR (iompar earraí contúirteacha)
- 18,000 cigireacht ar fheithiclí.

In 2015 bhí 825,000 idirghníomhaíocht ag Aonad Oideachais agus Oiliúna an RSA leis an bpobal agus le scoláirí.

Is léir dom go bhfuil athrú radacach tagtha ar fheidhmeanna an RSA ó bunaíodh é in 2006. Is eagraíocht anois é a chuireann go leor seirbhísí riachtanacha tráchtála ar fáil don phobal.

Tá an tÚdarás 100% féinmhaoinithe freisin agus ní fhaigheann sé aon mhaoiniú ón Stát chun a chuid seirbhísí a chur ar fáil. In 2015 bhí táirgeacht caiteachais oibríochtúil €63.4 milliún ag an RSA.

Tá athrú tagtha ar an eagraíocht. An dúshlán atá romham mar phríomhfheidhmeannach agus roimh an bhfoireann bainistíochta ná a chinntiú go mbeidh an struchtúr, an bonneagar agus na hacmhainní cuí ag an Údarás chun an dúshlán nua sin a shárú. Tá sé fíorthábhachtach go mbeimis níos dírithe ar an gcustaiméir, i ngach seirbhís a chuirimid ar fáil, má táimid le muid féin a chur in oiriúint don athrú atá tagtha ar chineál na heagraíochta.

Is é an phríomhaidhm eagraíochtúil atá againn don bhliain 2016 ná leanúint le forbairt an RSA agus an custaiméir a chur i lár an aonaigh. D'éirigh linn costais a laghdú go mór le linn 2015 trí sholáthraithe TFC a thabhairt le chéile agus a chuíchóiriú agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis sin in 2016.

Maidir le sábháilteacht ar na bóithre is é an phríomhthosaíocht atá againn ná sraith tuarascálacha a fhoilsiú a thabharfaidh léargas ar na tosca a bhaineann le bás úsáideoirí bóithre. Tá tionscadal mór ar bun ag Roinn Taighde an RSA le dhá bhliain anuas ina bhfuiltear ag déanamh anailíse ar chomhaid fhóiréinseacha an Gharda Síochána faoi imbhuailtí marfacha. Is iad sin na mion-imscrúduithe atá ar bun le tamall níos faide a dhéanann foirne an Gharda Síochána um Imscrúdú Fóiréinseach ar Thimpistí agus cigirí PSV an Gharda Síochána. San áireamh sna himscrúduithe, i measc nithe eile, tá torthaí na dtuarascálacha tocsaineolaíochta agus cróinéara. Is iad na comhaid sin a chuirtear chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) má táthar le himeachtaí a thionscnamh in aghaidh duine tar éis timpiste marfaí. Tá i bhfad níos mó mionsonraí iontu ná aon rud eile a raibh rochtain ag an RSA air san am a caitheadh. Táimid thar a bheith buíoch de na Gardaí, go háirithe de Bhiúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána, a thug rochtain ar na comhaid sin dúinn.

Táimid buíoch dár bpáirtithe leasmhara ar fad go deimhin, go háirithe an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Gardaí, Bonneagar Iompair Éireann, an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, na húdaráis áitiúla agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA).

Caithfidh mé aitheantas a thabhairt do ról agus tacaíocht na meán maidir le haird a tharraingt ar an tsábháilteacht ar bhóithre. Murach an tacaíocht iontach a thugann siad dúinn, ní bheimis in ann ár gcúram a chur i gcrích.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na húsáideoirí bóithre a chabhraigh linn an bhliain 2015 a dhéanamh níos sábháilte. Tá toradh ar bhur gcuid iarrachtaí. Leanaimis orainn mar sin in 2016.

**Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach

# 04

# RÉAMHRÁ

## Bunú

Comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a cruthaíodh faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Bunaíodh an RSA an 13 Meán Fómhair 2006 le hIonstraim Reachtúil (I.R. Uimhir 477 de 2006).

## Ár Misean

Is é aidhm an RSA beatha daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is é atá mar sprioc glactha ag Bord an RSA: 'Oibriú lena Chéile le Beatha Daoine a Shábháil'.

## Feidhmeanna

Leagtar na feidhmeanna a bhfuil an RSA freagrach astu amach san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Áirítear leis na feidhmeanna sin: tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin feithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre, oideachas tiománaithe agus taighde ar shábháilteacht ar bhóithre. Tá na feidhmeanna sin leagtha ar na stiúrthóireachtaí seo a leanas:

**Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe**

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

**Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí**

**Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála**

05

# COMHALTAÍ BOIRD



## Liz O'Donnell – Cathaoirleach

Soláthraíonn Liz O'Donnell seirbhísí sainchomhairleoireachta, léachtóireachta agus comhairleacha i réimse an chaidrimh rialtais agus gnóthaí poiblí, d'eagraíochtaí corparáideacha agus oideachais den chuid is mó. Scríobhann sí colún tuairimíochta sa nuachtán Irish Independent freisin.

Bhíodh sí ina polaiteoir tráth dá raibh. Teachta Dála ba ea í do Bhaile Átha Cliath Theas idir 1992 agus 2007. Bhí sí ina hAire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha idir 1997 agus 2002.



## Eddie Rock

D'oibrigh sé i réimsí éagsúla den Gharda Síochána sular ceapadh ina Choimisinéir Cúnta é i mí Feabhra 2005 agus é i gceannas ar Chór Tráchta an Gharda Síochána.

Ghlac sé páirt i ngníomhaíochtaí póilíneachta éagsúla i rith a ghairme – mar shampla, ar dualgas i gColáiste an Gharda Síochána mar Cheannfort don Rannóg Sainréimse. Tá an Rannóg sin freagrach as rogha disciplíní lena n-áirítear Oiliúint Tiománaithe na nGardaí agus Oiliúint do Bhleachtairí.

Bhí sé mar ionadaí an Gharda Síochána ar Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, an chéad fhoireann chuimsitheach dá leithéid, a bhunaigh an Rialtas sa bhliain 2001.

Le linn dó a bheith i gCór Tráchta an Gharda Síochána, bhí sé ar thús cadhnaíochta i bhfáil an uathchórais chun uimhirphlátaí a léamh. Faightear é sin i gCarranna Tráchta an Gharda Síochána mar ghnáthghné anois. Lena chois sin, rinne sé sárobair chun comhoibriú gníomhaireachta a lorg d'fhonn na "stráicí" den ghréasán bóithre a aithint ina mbíonn an claonadh is mó go dtarlóidh imbhuailtí tráchta.

Chomh maith leis sin, réitigh sé cás ar son an Aonaid um Imscrúdú Fóiréinseach ar Imbhuailtí agus d'éirigh leis iad a bhunú. Is ríthábhachtach an tAonad sin chun na cúiseanna éagsúla a bhíonn le himbhuailtí tráchta a aithint.

Tá Dioplóma i Staidéar Dlí agus Baitsiléir Ealaíon sa Bhainistíocht Póilíní aige agus d'éirigh leis i Scrúdú Iontrála Deiridh Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann in 2003. Tá sé ina chéimí de chuid Acadamh Náisiúnta FBI, Quantico, Virginia, leis.

# COMHALTAÍ BOIRD



## An Dr Áine Carroll, MB, BCh, MD, FRCP, FRCPI

Is í an Dr Áine Carroll Stiúrthóir Náisiúnta FSS maidir le Straitéis Cliniciúil agus Cláir ó mhí na Samhna 2012 i leith. Is rannán é sin a chuimsíonn na Cláir Chliniciúla Náisiúnta, na Cláir Chúraim Chomhtháite agus Oifig na Seirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais.

Bunaíodh na Cláir Chliniciúla Náisiúnta chun cúram othar a fheabhsú agus a chaighdeánú ar fud na seirbhísí sláinte trí dhisciplíní cliniciúla a thabhairt le chéile d'fhonn réitigh cúram sláinte nuálacha a fhorbairt agus a roinnt i soláthar speisialtachta aonair. Tá an Dr Carroll ag cur le rath na gClár Cliniciúil faoi láthair trí bhunú na gClár Cúraim Chomhtháite do dhaoine breacaosta, do pháistí, do ghalair ainsealacha agus do shreabhadh othar. Cuirfidh na cláir sin cúram comhordaithe agus obair bhuíne chun cinn ar fud na seirbhísí agus na speisialtachtaí, lena chinntiú go gcuirfear cúram ar fáil go héifeachtach agus go héasca d'othair agus iad ag dul tríd an gcóras.

Sular ceapadh ina Stiúrthóir Náisiúnta í, bhí an Dr Carroll ina Ceannasaí Cliniciúil ar an gClár Leighis Athshlánúcháin. Tá sí ina Comhairleoir i Leigheas Athshlánúcháin; ina hOllamh Cliniciúil Comhlach i Scoil an Leighis, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; ina hiar-Chathaoirleach ar Bhord Leighis an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin; agus ina hiar-Uachtarán ar Chumann Leighis Athshlánúcháin na hÉireann. Tá a cuid oibre sa dúrud topaicí i gcló go forleathan agus roinneadh iad ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.



## Seán Finan

Is as Baile an Locha, an Caisleán Riabhach, Contae Ros Comáin do Sheán Finan. Bhain Seán céim amach san Innealtóireacht Shibhialta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa bhliain 2006. Ó shin i leith, d'oibrigh sé ar thionscadail éagsúla leis an gconraitheoir tógála is mó in Éirinn, John Sisk & Son Ltd.

Tá Seán ina Uachtarán ar Mhacra na Feirme – an ógeagraíocht tuaithe – san am i láthair. Toghadh ina Uachtarán é i mí Aibreáin 2015 ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Bhí poist éagsúla ag Seán i Macra na Feirme ar leibhéal an chumainn, an chontae agus na tíre. Tá sé ar Chomhairle Náisiúnta agus ar Fheidhmeannas Náisiúnta Mhacra na Feirme leis. Ainmníodh Seán mar Ógfheirmeoir Ros Comáin na Bliana de chuid FBD in 2009. Mar thoradh ar an obair a rinne Seán le Macra na Feirme go háitiúil agus sa chontae, bhuaigh sé gradam mór le rá i mí Eanáir 2010 – Gradam Ceannaireachta Náisiúnta Mhacra na Feirme, arna urrú ag Banc na hÉireann.



## Ronan Melvin

Ceapadh Ronan Melvin ar Bhord RSA i mí Mheán Fómhair 2011.

Is as Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe, do Ronan ó dhúchas ach tá sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath le roinnt blianta anuas.

Is cuntasóir cáilithe é Ronan agus is comhalta é de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte. Is rialtóir airgeadais é le brainse na hÉireann de chuid comhlacht tógála idirnáisiúnta agus tá sé ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí gaolmhara eile chomh maith. Tá taithí aige freisin ar chúraimí airgeadais le roinnt comhlachtaí Éireannacha eile san earnáil tógála agus san earnáil fáilteachais.

Tá sé ar roinnt comhlachtaí deonacha neamhbhrabúis freisin.



## John Mulvihill

Toghadh John ina chomhalta de Dháil Éireann idir 1992 agus 1997. Le linn a théarma oifige bhí sé mar ionadaí Rialtas na hÉireann ar Chomhairle na hEorpa, ar Chomhlacht Idirpharlaiminteach na Breataine-na hÉireann agus ar Choiste Reachtaíochta agus Slándála Dháil Éireann. Tá taithí mhór ag John freisin i gcáil breathnóir toghcháin thar lear, rud atá déanta aige níos mó ná uair amháin.

Chaith John os cionn 20 bliain mar bhall de Chomhairle Contae Chorcaí agus toghadh ina Chathaoirleach/Mhéara é dhá uair.



## Aideen Carberry

D'fhreastail Aideen Carberry ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, áit ar bhain sí céim amach i Stair na hEalaíne agus sa Bhéarla. Ghlac sí páirt in Aontas na Mac Léinn nuair a bhí sí ar an ollscoil agus bhí sí gníomhach i dtaca le líon saincheisteanna óige – táillí ollscoile agus teacht ar chúram sláinte ina measc. Ghlac sí páirt i mórán feachtas le hAontas na Mac Léinn in Éirinn leis.

Tar éis di a céim a ghnóthú, d'fhreastail sí ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, áit ar bhain sí Máistreacht i nGnóthaí Poiblí agus Cumarsáid Pholaitiúil amach. Tá sí fós gníomhach sa pholaitíocht i dtaca le saincheisteanna ina pobal agus i ngrúpaí óige éagsúla. Tá sí ag obair faoi láthair mar Eagraí Tionsclaíoch i Rannóg Sláinte an cheardchumainn is mó in Éirinn, SIPTU.



## John Lumsden

Is céimí le heacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é John agus is iar-státseirbhíseach gairme é sa Roinn Iompair. Bhí poist shinsearacha aige sa Roinn sin agus freagracht air as cúrsaí bóthair, iarnróid, muirí agus eitlíochta. Agus é ina Ard-Rúnaí Cúnta, bhí sé freagrach as reachtaíocht agus as forbairt beartais maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar feadh roinnt blianta.

Rachaidh a chuid taithí chun leasa an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre; tá taithí mhór aige ar an gcaidreamh idir gníomhaireachtaí stáit agus struchtúir eile an Rialtais, agus ar an timpeallacht rialachais chorparáidigh, airgeadais agus dlí ina bhfeidhmíonn gníomhaireachtaí stáit.

Chuir John léiriú spéise isteach i mballraíocht Bhoird an Stáit tríd an gcóras a thionscain an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2011.



## Aileen O'Toole

Tá Aileen O'Toole ina Stiúrthóir Cairte, cáilíocht a bhronnann Institiúid na Stiúrthóirí tar éis do dhuine a gclár rialachais chorparáidigh a chur i gcrích.  Is Straitéisí Digiteach í agus tá sí i mbun a gnólachta sainchomhairleoireachta digití féin. Chomhbhunaigh sí an nuachtán The Sunday Business Post agus bhí sí ina hEagarthóir Gnó dó.

Tá Aileen ina Stiúrthóir ar Business in the Community Ireland, an eagraíocht neamhbhrabúis a chabhraíonn le gnólachtaí freagracht shóisialta chorparáideach a fhorbairt, a bhainistiú agus a thomhas.  Is iar-Stiúrthóir í ar Chambers Ireland, an líonra gnó is mó sa tír, agus ar ASH Ireland, a throid ar son an choisc ar chaitheamh tobac san ionad oibre.

Chuaigh Aileen le Bord RSA in 2014 i ndiaidh di spéis a chur ann tríd an Tionscnamh um Éagsúlacht ar Bhoird, a sholáthraíonn nasc idir boird agus iarrthóirí mná.  Is iad cumarsáid agus margaíocht dhigiteach a sainréimse agus rachaidh sé sin chun leasa RSA agus iad ag iarraidh a dteachtaireacht a chur ina luí ar thiománaithe óga trí na meáin shóisialta agus trí bhealaí digiteacha eile.



**Moyagh Murdock – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Tá Moyagh Murdock ag plé leis an earnáil iompair le breis agus 20 bliain i gcáileanna éagsúla. Chaith sí 10 mbliana sa tionscal aerlíne ag tús a gairme; chaith sí seal le Bombardier i mBéal Feirste mar innealtóir córas aerárthaí agus ina dhiaidh sin le TEAM Aer Lingus. Chaith sí ocht mbliana le TEAM mar Bhainisteoir Bainistíochta Éilimh agus mar Bhainisteoir Cothabhála Líne Idirnáisiúnta.

Ina dhiaidh sin chuaigh sí isteach sa tionscal gléasra throm, tógála agus mara – d'oibrigh sí don chomhlacht díoltóireachta Caterpillar in Éirinn mar Bhainisteoir um Tháirgí an Ghrúpa agus um Thacaíocht do Chustaiméirí ar feadh seacht mbliana. Ba é ról ba dhéanaí a bhí aici ná Príomhoifigeach Oibriúcháin Bhus Éireann, tar éis di tosú leis an gcuideachta sa bhliain 2007 mar Leas-Phríomhinnealtóir Meicniúil agus í freagrach as cothabháil cabhlaigh agus oibríochtaí garáiste. Agus í ina Príomhoifigeach Oibriúcháin, bhí freagracht uirthi as Oibríochtaí Paisinéirí Bóthair agus Iompar Scoile agus as Córais Gnó agus Teicneolaíocht Faisnéise na cuideachta.

Is as an Iúr do Moyagh. Fuair sí céim san Innealtóireacht Mheicniúil in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath MBA uirthi sa bhliain 2012 agus tá Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre aici chomh maith.

06

# BAINISTÍOCHT FEIDHMIÚCHÁIN



**An tUasal Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach



**An tUasal Michael Rowland**
Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**An tUasal Pearse White**
Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Tráchtála




**An tUasal Denise Barry**
Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí



**An tUasal Declan Naughton**
Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe


# 07

# ATHBHREITHNIÚ AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2015





Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí 159 imbhualadh marfach tarlaithe ar bhóithre na hÉireann, a raibh **166 bás** mar thoradh orthu. Is ionann sin agus 20 (11%) imbhualadh níos lú agus 27 (14%) bás níos lú i gcomparáid le sonraí sealadacha na nGardaí don tréimhse chéanna in 2014. Sin é an dara líon is lú básanna ar na bóithre ó tosaíodh ag coinneáil taifead freisin.
Cuirtear fáilte roimh an laghdú sin, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe a tháinig ar líon na mbásanna in 2013 agus 2014, nuair a mhéadaigh líon na mbásanna ó 163 in 2012 go dtí 193 in 2014.

## Líon básanna in aghaidh na bliana, 1997-2015




*Foinse: RSA Collision Facts, Nollaig 2015*

**Líon básanna in aghaidh na míosa ar an meán**




*Foinse: RSA, Road Collision Facts 2006-2015.*

Is é bunchuspóir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 básanna bóthair a laghdú go 25 bás ar a mhéad in aghaidh gach milliúin den daonra faoi dheireadh na bliana 2020. Is ionann é sin agus 10 mbás ar bhóithre in aghaidh na míosa nó 124 bás in aghaidh na bliana ar an meán.


## BÁSANNA AR BHÓITHRE DE RÉIR CINEÁL ÚSÁIDEORA BÓITHRE, 2014 vs 2015

Bhí laghdú ar líon na mbásanna i ngach grúpa úsáideoirí bóithre in 2015 i gcomparáid le 2014. An t-athrú próifíle ba mhó a bhí le sonrú ná laghdú 31% ar líon na bpaisinéirí a fuair bás, ó 39 go 27.

Cé go raibh méadú ar líon na n-úsáideoirí bóithre leochaileacha (coisithe, gluaisrothaithe, agus rothaithe) a bhásaigh in 2014, ar an iomlán bhí laghdú 19% i measc na ngrúpaí úsáideoirí bóithre sin in 2015. Bhí an laghdú ba mhó le sonrú i gcás na gcoisithe (-9), ach bhí ardriosca fós ann do ghluaisrothaithe agus rothaithe.


Is ionann líon na mbásanna i measc tiománaithe agus paisinéirí agus díreach os cionn trí bhás as gach cúig bhás (62%) in 2015, agus is ionann líon na mbásanna i measc úsáideoirí bóithre leochaileacha agus dhá bhás as gach cúig bhás (38%). Níor tháinig aon athrú ar líon na dtiománaithe a maraíodh ach bhí laghdú ar líon na bpaisinéirí a maraíodh (-12). Is ionann sin agus laghdú 10% ar an iomlán (115 go 103) ar líon na dtaistealaithe a maraíodh idir 2014 agus 2015.

**Básanna ar bhóithre de réir cineál úsáideora bóithre, 2014 vs 2015**




*Foinse: Provisional Review of Road Fatalities, 2015*

## AN tSÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE IN ÉIRINN I gCOMHTHÉACS, 1959-2015




*Foinse: RSA Road Collision Facts, 1959-2015*

08


# SEASAMH NA HÉIREANN MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE I GCOMPARÁID LE TÍORTHA EILE

**TÁ ÉIRE SA 5ú ÁIT SAN EORAIP Ó THAOBH SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE DE**

## Rangú na hÉireann i gcomparáid le Ballstáit eile an AE

In 2015, bhí laghdú 14% ar líon na mbásanna ar na bóithre in Éirinn. Cé gur figiúirí sealadacha iad, tá sé le feiceáil (sa tábla thíos) gur chruthaigh Éire níos fearr ná formhór na dtíortha eile san AE.

**An t-athrú i gcéatadáin ar líon na mbásanna ar bhóithre in aghaidh milliún duine san AE, 2014 agus 2015**





*Foinse: Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa, an 9ú agus 10ú Tuarascáil Innéacs Feidhmíochta ar Shábháilteacht ar Bhóithre*

De réir an Choimisiúin Eorpaigh, ba dhrochbhliain eile 2015 don tsábháilteacht ar bhóithre san Eoraip. Maraíodh 26,300 duine sna 28 Ballstát de dheasca imbhuailtí bóthair, i gcomparáid le 25,970 in 2014. Is méadú 1% é sin. Leis an sprioc don bhliain 2020 a bhaint amach tá laghdú 7% in aghaidh na bliana ag teastáil.

I gcomparáid le tíortha eile an AE agus bunaithe ar fhigiúirí 2015, tá Éire, agus 36 bás in aghaidh milliún duine aici, faoi bhun an mheánfhigiúir náisiúnta Eorpaigh, is é sin 52 bás in aghaidh milliún duine.

**Líon na mbásanna ar bhóithre an AE in aghaidh milliún duine, 2014 agus 2015**

| Tír | 2014 | 2015 | Athrú de réir % |
|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 90 | 98 | 8.9 |
| An Rómáin | 91 | 95 | 4.4 |
| An Laitvia | 106 | 95 | -10.4 |
| An Chróit | 73 | 82 | 12.3 |
| An Liotuáin | 90 | 80 | -11.1 |
| An Pholainn | 84 | 77 | -8.3 |
| An Ghréig | 73 | 74 | 1.4 |
| Poblacht na Seice | 65 | 70 | 7.7 |
| An Bheilg | 64 | 67 | 4.7 |
| An Chipir | 52 | 67 | 28.8 |
| An Ungáir | 63 | 66 | 4.8 |
| Lucsamburg | 64 | 64 | 0.0 |
| An Phortaingéil | 58 | 60 | 3.4 |
| An tSlóivéin | 52 | 58 | 11.5 |
| An Iodáil | 55 | 56 | 1.8 |
| An Ostair | 51 | 55 | 7.8 |
| An Fhrainc | 51 | 54 | 5.9 |
| An tSlóvaic | 48 | 51 | 6.3 |
| An Eastóin | 59 | 51 | -13.6 |
| An Fhionlainn | 41 | 48 | 17.1 |
| An Ghearmáin | 42 | 43 | 2.4 |
| An Ísiltír | 34 | 37 | 8.8 |
| An Spáinn | 36 | 36 | 0.0 |
| Éire | 42 | 36 | -14.3 |
| An Danmhairg | 33 | 31 | -6.1 |
| An Ríocht Aontaithe | 28 | 28 | 0.0 |
| An tSualainn | 28 | 27 | -3.6 |
| Málta | 24 | 26 | 8.3 |




*Foinse: Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa, an 9ú agus 10ú Tuarascáil Innéacs Feidhmíochta ar Shábháilteacht ar Bhóithre*

## AN SAINMHÍNIÚ CAIGHDEÁNACH AR GHORTÚ TROMCHÚISEACH

Sna 23 tír san AE a dhéanann idirdhealú idir mionghortú agus gortú tromchúiseach sna sonraí acu, bhí ardú beagnach 3% in 2014 ar líon na ndaoine ar bhain gortú tromchúiseach dóibh i gcomparáid le 2013. Ba bheag athrú a tháinig ar fhigiúirí na hÉireann sa tréimhse sin.

Tá sé molta ag Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) don Choimisiún Eorpach laghdú 35% ar líon na ndaoine a mbaineann gortú tromchúiseach dóibh idir 2014 agus 2020 a ghlacadh mar sprioc. Tá sé molta ag an ETSC freisin go mbunófaí sainmhíniú ar Uas-scála Gortuithe Giorraithe 3 (MAIS3)+. D'aithin an Grúpa Ardleibhéil um Shábháilteacht ar Bhóithre, a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit uile an AE, trí phríomhbhealach is féidir leis na Ballstáit na sonraí a bhailiú i gcomhréir leis an sainmhíniú ar MAIS3+.

1. Leanúint de shonraí na bpóilíní a úsáid ach comhéifeacht cheartúcháin a chur i bhfeidhm;
2. Líon na ndaoine gortaithe a thuairisciú bunaithe ar shonraí ó na hospidéil; nó
3. Nasc idir sonraí na bpóilíní agus na n-ospidéal a chruthú.

Tá sé molta ag an ETSC freisin gur cheart do na Ballstáit leanúint de shonraí a bhailiú bunaithe ar a sainmhínithe féin sa chaoi is gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar an ráta dul chun cinn roimh 2014.

Tá roinnt mhaith oibre ar bun ag an gCoimisiún Eorpach chun an sainmhíniú ar ghortú tromchúiseach a bhunú agus aontú air. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn i dtaobh an sainmhíniú ar MAIS3+ a bhunú ach is obair chasta í nach bhfuil curtha i gcrích fós. Tá an obair ar bun ag Aonad Faisnéise Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte thar ceann an RSA. Cuireadh an chéad tacar sonraí i dtaobh MAIS3+ ar ais chuig an AE; mar sin féin, is gá an t-algartam a bheachtú tuilleadh.

09

# AN CEATHRÚ STRAITÉIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2013-2020

Tá an cúram curtha ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an tír, bóithre na hÉireann a chur ar bharr liosta na sábháilteachta san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. Tá sé de sprioc ag Éirinn an bhearna atá idir í agus na tíortha ina bhfuil an dul chun cinn is mó déanta ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre a líonadh.

Tá sé de chúram ar an RSA maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, 'An Bhearna a Dhúnadh 2013 – 2020'. Is é sin ceathrú straitéis na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre. Leagtar amach sa straitéis na spriocanna maidir le líon na mbásanna agus líon na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú faoin mbliain 2020 chun an bhearna idir Éirinn agus na tíortha is sábháilte a líonadh.

- Is ionann an sprioc líon na mbásanna de dheasca imbhuailtí bóthair a laghdú agus 124 bás nó níos lú faoin mbliain 2020, is é sin 25 bás in aghaidh milliún duine. Chun an sprioc sin a bhaint amach tá laghdú 25% ag teastáil idir 2015 agus 2020;
- Is é an sprioc shealadach maidir le líon na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú ná 330 faoin mbliain 2020. Is ionann sin agus 61 gortú tromchúiseach in aghaidh milliún duine. Chun an sprioc sin a bhaint amach tá laghdú 19% ag teastáil idir 2015 agus 2020.


## BÁSANNA

Tá achoimre thíos ar líon na mbásanna i gcás gach cineál úsáideora bóithre. Is léir go bhfuil Éire ag dul sa treo ceart, cé go bhfuil laghdú 25% ar fhigiúr 2015 ag teastáil chun na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 a bhaint amach.


Is léir ó na figiúirí go bhfuil laghdú de réir a chéile ar líon na mbásanna in aghaidh milliún duine bainte amach ag Éirinn, agus ó bhí 2001 ann, go bhfuil laghdú dhá thrian ar líon na mbásanna de dheasca imbhuailtí bóthair in aghaidh milliún duine bainte amach ag Éirinn.

*Foinse: RSA Collision Facts, Nollaig 2015*

**Líon na mbásanna in Éirinn in aghaidh milliún duine**




Chun an sprioc 25 bás in aghaidh milliún duine a bhaint amach, is é sin 124 bás nó níos lú faoin mbliain 2020, tá laghdú 25% ar líon na mbásanna idir 2014 agus 2020 ag teastáil.



# 10

# COMHOIBRIÚ LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Lean an RSA de bheith ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána ar bhealaí éagsúla i rith 2015. Ina measc seo bhí gníomhaíocht a bhain le forfheidhmiú ionas go raibh gníomhaíochtaí póilíneachta dírithe nasctha sna meáin le teachtaireachtaí comhlántacha chun beatha daoine a shábháil. Is é seo bunchloch ár straitéise um shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn i.e. múnla sábháilteachta ar bhóithre a bhaineann le hoideachas/forfheidhmiú a úsáid, a fhéachann le meon agus iompar daoine a athrú agus tacaíocht a lorg sa phobal don phóilíneacht um shábháilteacht ar bhóithre.

Lean an RSA freisin de bheith ag obair leis na Gardaí i dtiomsú agus in anailís sonraí ar imbhuailtí bóthair. Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2015, lena n-áirítear sonraí faoi thimpistí a chur ar ríomhaire agus a aistriú go leictreonach i bhfíor-am ó na Gardaí go dtí an tÚdarás. Mar thoradh ar chuíchóiriú an phróisis sin tá níos mó mionsonraí ar fáil le hanailís a dhéanamh orthu.

Thug an Garda Síochána rochtain dúinn ar an gComhad Imscrúdaithe deiridh i gcás gach imbhuailte ó 2008 go 2012 a raibh bás mar thoradh air. Tá dhá phríomhthuarascáil sa chomhad:

- Tuarascáil Imscrúdaithe an Gharda Síochána
- Tuarascáil Imscrúdaithe Fóiréinsigh ar Imbhuailtí (FCI)

Mar thoradh ar sin bhíomar in ann sraith tuarascálacha ar an iompar réamhthimpiste a chur i dtoll a chéile a eiseofar i rith 2016. Tarraingítear aird ar na hábhair is mó imní agus dírítear ar idirghabhálacha atá bunaithe ar fhianaise.

Lean an tÚdarás agus an Garda Síochána ar aghaidh ag obair le chéile lenár gcomhstraitéis forfheidhmithe a chur i gcrích chun tacú le comhlíonadh laistigh den tionscal gairmiúil iompair ar bhóithre in Éirinn. Lean Oifigigh Iompair agus Cigirí Feithiclí an RSA de bheith ag obair go dlúth lena gcomhghleacaithe sna Gardaí chun gníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhordú.

De bharr socruithe nua le haghaidh seicphointí ar bhonn réigiúnach, rinneadh níos mó seiceálacha ar fheithiclí tráchtála troma ná riamh in 2015. In 2015 thug an tÚdarás, i gcomhar leis an nGarda Síochána, teicneolaíochtaí nua isteach ar bhonn píolótach, ina measc aipeanna cuardaigh agus Uathaithint Uimhirphlátaí (ANPR), a chinntíonn go ndírítear an chomhiarracht forfheidhmiúcháin níos mó orthu siúd nach gcomhlíonann an dlí; mar thoradh air sin, ní chuirtear isteach an oiread céanna ar oibreoirí agus ar thiománaithe feithiclí tráchtála a chomhlíonann an dlí.



Chomh maith lena chuid oibre i gcomhar leis na Gardaí, oibríonn an RSA i ndlúthchomhar le príomhpháirtithe leasmhara eile freisin chun a lán gníomhaíochtaí sa Straitéis reatha um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm. Go háirithe, oibríonn an tÚdarás i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus leis an nGarda Síochána chun clár idirghabhálacha a chur i bhfeidhm, 'Tiomáint don Obair', atá dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe.

Oibríonn an tÚdarás go dlúth freisin leis an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, ranna rialtais agus údaráis áitiúla timpeall na tíre.

Lean an tÚdarás freisin lena chomhpháirtíochtaí oibre le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí tathanta a oibríonn ar son na sábháilteachta ar bhóithre, mar shampla Headway Ireland, Brain Injury Ireland, PARC, IRVA agus drinkaware.ie.

## AN BHEARNA A DHÚNADH

Rinneadh an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a sheoladh ag comhdháil idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a d'óstáil RSA i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Déardaoin an 28 Márta 2013. Is é atá i gceist le 'An Bhearna a Dhúnadh' ná bóithre na hÉireann a dhéanamh chomh sábháilte leis na tíortha ar domhan is fearr ar éirigh leo, go háirithe an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an tSualainn. D'fhonn é sin a bhaint amach, is gá d'Éirinn líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú go 124 bás in aghaidh na bliana agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú go dtí 330 nó níos lú faoin mbliain 2020.
Tá 144 beart sa Straitéis nua faoi na ceithre phríomhréimse idirghabhála: Oideachas, Innealtóireacht agus Forfheidhmiú.

## MAR A D'ÉIRIGH LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE IN 2015

Tháinig feabhas ar an ngeilleagar ina iomláine in 2014. Bhí ardú 29.4% ar dhíolachán carranna paisinéara nua idir 2013 agus 2014. . Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta, ó 13.1% in 2013 go 11.2% in 2014. Bhí ardú 6.4% ar an méid breosla a ídíodh in 2014. Bhí méadú 2% ar an méid tráchta ar an iomlán in 2014. Táthar ag súil gur leanadh leis an bhfeabhas sin le linn 2015.

## MONATÓIREACHT

Is é an Coiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme na straitéise nua. Tagann an Coiste sin le chéile ar bhonn bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Straitéise. Tá sé faoi chathaoirleacht an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Paschal Donohoe, TD, in éineacht le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar aon le Coimisinéir an Gharda Síochána, an tArd-Aighne agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an RSA.

Déanfaidh an RSA athbhreithniú lár téarma ar an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2016.

# 12

# TÁSTÁIL AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

**Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as bainistiú an réimis ceadúnaithe tiománaithe. Is é cuspóir na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go mbíonn na bóithre níos sábháilte do chách mar gheall ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn tiománaithe le tiomáint agus na rialacha tiomána a leanann siad.**

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as na tascanna áirithe seo:

- An tSeirbhís um Thástáil Tiománaithe a chur ar fáil
- An tSeirbhís um Cheadúnú Tiománaithe a chur ar fáil
- Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála a chur ar fáil
- Riar na Tástála Teoirice Tiomána a bhainistiú
- Córas na bPointí Pionóis a bhainistiú
- An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS) a bhainistiú

13

# TÁSTÁIL TIOMÁNAITHE

**9.6 SEACHTAINE**

**MEÁNAM NÁISIÚNTA FEITHIMH 2015**


Is é cuspóir na seirbhíse um thástáil tiománaithe, tástáil tiomána a chur ar fáil atá cothrom agus éifeachtach de réir na Treorach ón AE agus na reachtaíochta náisiúnta. Cuirtear na tástálacha ar fáil i 50 ionad tástála ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do mheánam náisiúnta feithimh 10 seachtaine a choinneáil do chustaiméirí agus baineadh é sin amach i gcaitheamh na bliana 2015 tráth arbh é an meánam náisiúnta feithimh ná 9.6 seachtaine.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Luain | 11 | Guaire | 11 | Ros Comáin | 9 |
| Béal an Átha | 8 | Cill Chainnigh | 11 | Sionainn | 9 |
| Biorra | 11 | Cill Airne | 11 | An Sciobairín | 8 |
| Bun Cranncha | 11 | Cill Rois | 8 | Sligeach | 9 |
| Ceatharlach | 10 | Leitir Ceanainn | 8 | Tamhlacht | 9 |
| Cora Droma Rúisc | 9 | Luimneach | 8 | Durlas | 11 |
| Caisleán an Bharraigh | 8 | An Longfort | 8 | Tiobraid Árann | 11 |
| An Cabhán | 9 | Baile Locha Riach | 11 | Trá Lí | 8 |
| Baile an Teampaill | 10 | Mala | 11 | Tuaim | 9 |
| An Clochán | 10 | Muineachán | 8 | An Tulach Mhór | 11 |
| Cluain Meala | 11 | An Muileann gCearr | 10 | Port Láirge | 11 |
| Corcaigh | 10 | An Nás | 11 | Loch Garman | 9 |
| Dún na nGall | 9 | An Uaimh | 9 | Cill Mhantáin | 11 |
| Dún Dealgan | 8 | An tAonach | 11 | | |
| Dún Garbhán | 9 | An Caisleán Nua | 11 | | |
| Inis | 10 | Port Laoise | 11 | | |
| Fionnghlas | 8 | Ráth Eanaigh | 9 | | |
| Gaillimh | 8 | Ráth Garbh | 9 | | |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## TORADH NA DTÁSTÁLACHA TIOMÁNA EANÁIR GO NOLLAIG 2015

Méadú 8% ar thástálacha tiomána i gcomparáid le 2014.




**BHÍ PASRÁTA 54% AGUS RÁTA TEIPE 46% AR NA TÁSTÁLACHA A CRÍOCHNAÍODH.**

## TORTHAÍ NA DTÁSTÁLACHA TIOMÁNA A RINNE IARRTHÓIRÍ I GCÁS NACH RAIBH OILIÚINT RIACHTANACH DO THIOMÁNAITHE (EDT)* INFHEIDHME.

| **Líon iomlán na dtástálacha** | **64,318** | **100%** |
|---|---|---|
| Tástálacha a críochnaíodh | 40,734 | 63.33% |
| TAn t-iarrthóir as láthair | 19,189 | 29.83% |
| Tástálacha nach ndearnadh | 3,303 | 5.14% |
| Tástálacha nár críochnaíodh | 1,092 | 1.70% |

PASRÁTA 45.91%

RÁTA TEIPE 54.09%

* Is clár 12 cheacht tiomána é EDT nach mór do shealbhóirí nua ceadúnas foghlaimeora a dhéanamh.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## TORTHAÍ NA DTÁSTÁLACHA TIOMÁNA A RINNE IARRTHÓIRÍ A RAIBH CEACHTANNA OILIÚNA RIACHTANAÍ DO THIOMÁNAITHE (EDT) DÉANTA ACU.

| **Líon iomlán na dtástálacha** | **72,367** | **100%** |
|---|---|---|
| Tástálacha a críochnaíodh | 36,273 | 54.24% |
| TAn t-iarrthóir as láthair | 2,041 | 2.82% |
| Tástálacha nach ndearnadh | 2,533 | 3.50% |
| Tástálacha nár críochnaíodh | 913 | 1.26% |

PASRÁTA 54.24%

RÁTA TEIPE 45.76%

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*



GLAONNA FAIGHTE

**345,304**

GLAONNA AR FREASTALAÍODH ORTHU

**288,436**

00:01:39

TRÉIMHSE FEITHIMH MEÁNGHLAO

84%

MEÁNLEIBHÉAL ÉIFEACHTÚLACHTA*

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

*Leibhéal Éifeachtúlachta – tá sé seo bunaithe ar an sprioc 75% de ghlaonna gutháin a fhreagairt taobh istigh de 60 soicind.

14

# AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA UM CHEADÚNAIS TIOMÁNA (NDLS)


Is é an RSA an t-údarás náisiúnta um cheadúnú tiománaithe ó Eanáir 2013; ba iad na húdaráis áitiúla timpeall na tíre a chuir an tseirbhís sin ar fáil roimhe sin. Chun an tseirbhís a chur i bhfeidhm ghlac an RSA cur chuige dhá staid chun an tseirbhís um cheadúnú tiománaithe a lárú; ar dtús, rinneadh na bearta riachtanacha ionas go bhféadfaí an ceadúnas cárta phlaistigh a tháirgeadh agus a phearsantú trí chonraitheoir seachtrach – cuireadh tús leis an gcéim sin an 19 Eanáir 2013. Le linn an dara staid tugadh céim an láraithe i gcrích; d'fhostaigh an RSA dhá chonraitheoir eile, an chéad chonraitheoir chun an fáiltiú san oifig thosaigh a chur ar fáil, íocaíocht a ghlacadh agus aitheantas custaiméirí a bhfuil ceadúnas acu a dheimhniú agus an dara conraitheoir chun seirbhísí próiseála na cúloifige a chur ar fáil – cuireadh tús leis an gcéim sin an 29 Deireadh Fómhair 2013.

Tá an cúram ar an RSA, ina cháil mar údarás um cheadúnú tiománaithe, a chinntiú go gcuirtear an tseirbhís um cheadúnú tiománaithe ar fáil i gcomhréir le socruithe éagsúla reachtacha agus conarthacha a chlúdaíonn, i measc nithe eile, teidlíochtaí ceadúnais, íocaíocht táillí, caighdeáin maidir le seirbhísí custaiméara, cosaint sonraí, cosc calaoise, faisnéis a chur ar fáil do chustaiméirí in Éirinn agus d'údaráis um cheadúnú tiománaithe thar lear agus ceadúnais a chomhlíonann caighdeáin na hÉireann agus an AE a tháirgeadh agus phearsantú. Déantar an obair sin san Aonad um Thacaíocht Ceadúnaithe de chuid an RSA (RLSU).

In 2015, fuarthas 542,371 iarratas agus próiseáladh 558,455 ceadúnas; áirítear leis sin ceadúnais iomlána agus ceadúnais foghlaimeora.

## GNÍOMHAÍOCHT NDLS 2015


**Líon na gceadúnas (ceadúnais iomlána/foghlaimeora) a táirgeadh in 2015**




*Foinse: RSA, Nollaig 2015.*

**369,954**
IARRATAIS AR CHEADÚNAIS IOMLÁNA

**172,417**
IARRATAIS AR CHEADÚNAIS FOGHLAIMEORA


2,764,069
LÍON IOMLÁN NA GCEADÚNAS EISITHE
DÚN NA NGALL 98,213
MAIGH EO 84,469
SLIGEACH 41,849
LIATROIM 21,032
MUINEACHÁN 39,505
AN CABHÁN 45,530
LÚ 70,610
ROS COMÁIN 41,715
AN LONGFORT 24,067
GAILLIMH 156,300
UÍBH FHAILÍ 46,944
AN IARMHÍ 53,757
AN MHÍ 114,125
BAILE ÁTHA CLIATH 685,710
CILL DARA 128,911
LAOIS 45,509
AN CLÁR 77,058
CEATHARLACH 37,274
CILL MHANTÁIN 87,438
TIOBRAID ÁRANN 102,481
LUIMNEACH 117,147
CIARRAÍ 94,512
CILL CHAINNIGH 58,720
LOCH GARMAN 93,849
CORCAIGH 326,248
PORT LÁIRGE 71,096

I rith 2015 lean an NDLS de bheith ag déanamh athbhreithniú ar a chur chuige cumarsáide agus é ag iarraidh go mbeadh rochtain níos éasca ar an tseirbhís fad is a bhí na riachtanais maidir le próiseáil iarratas sainmhínithe go soiléir. Le cúnamh ó aiseolas ó chustaiméirí rinneadh athbhreithniú ar an doiciméadú ar fad in 2015, mar shampla foirmeacha iarratais agus leighis. Anuas air sin rinneadh athbhreithniú iomlán ar shuíomh gréasáin an NDLS agus cuireadh na hathruithe i bhfeidhm i mí Feabhra 2016. Mar gheall ar aiseolas ó chustaiméirí cuireadh feabhas ar an gcóras chun coinní a dhéanamh. Is fianaise na torthaí ó dhá shuirbhé neamhspleácha a rinneadh ar chustaiméirí go raibh rath ar an bhfeabhas a cuireadh ar an gcóras; thug 96% i suirbhé amháin agus 94% sa suirbhé eile toradh maith nó iontach don NDLS. Leanfar leis an obair sin ar bhonn leanúnach.

Táthar fós ag cur feabhais ar na roghanna seachadta seirbhíse; tugadh an tseirbhís phoist isteach atá dírithe ar dhaoine atá os cionn 70 agus ar dhaoine atá ag déanamh athnuachana ar an gcéad/dara ceadúnas foghlaimeora – is féidir leo an tseirbhís phoist a úsáid má thug siad cuairt ar ionad NDLS cheana. Tá tuairim is 30% tar éis an rogha sin a úsáid agus táthar fós ag déanamh measúnú uirthi maidir lena bhfuil sa litir agus a oiriúnacht is a bheadh sé cur le líon na ndaoine a úsáideann an rogha sin. Tá an RSA i mbun oibre faoi láthair ar rogha seachadta seirbhíse ar líne a thabhairt isteach a bheidh le fáil ó 2017 amach.

**Ceadúnais Tiomána Reatha an 31 Nollaig 2015 de réir Cineáil i ngach Contae**

| An tÚdarás um Cheadúnú Tiománaithe – an RSA | Ceadúnais Foghlaimeora | Ceadúnais Tiomána Iomlána | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais Trí Bliana | Ceadúnais 10 mBliana |
| CEATHARLACH | 3,530 | 184 | 3,128 | 30,432 |
| AN CABHÁN | 4,154 | 150 | 4,148 | 37,078 |
| AN CLÁR | 5,651 | 315 | 7,378 | 63,714 |
| CORCAIGH | 26,900 | 1,166 | 30,694 | 267,488 |
| DÚN NA nGALL | 6,946 | 445 | 9,466 | 81,356 |
| BAILE ÁTHA CLIATH | 68,976 | 2,762 | 62,357 | 551,615 |
| GAILLIMH | 11,561 | 479 | 13,876 | 130,384 |
| CIARRAÍ | 7,119 | 309 | 9,740 | 77,344 |
| CILL DARA | 12,063 | 324 | 8,883 | 107,641 |
| CILL CHAINNIGH | 5,323 | 336 | 5,490 | 47,571 |
| LAOIS | 4,396 | 263 | 3,712 | 37,138 |
| LIATROIM | 1,541 | 127 | 2,171 | 17,193 |
| LUIMNEACH | 9,164 | 534 | 10,978 | 96,471 |
| AN LONGFORT | 2,127 | 90 | 2,383 | 19,477 |
| LÚ | 6,323 | 261 | 6,167 | 57,859 |
| MAIGH EO | 6,310 | 352 | 8,598 | 69,209 |
| AN MHÍ | 9,597 | 303 | 8,810 | 95,415 |
| MUINEACHÁN | 2,812 | 156 | 3,491 | 33,046 |
| UÍBH FHAILÍ | 4,199 | 253 | 4,013 | 38,479 |
| ROS COMÁIN | 2,959 | 169 | 4,525 | 34,062 |
| SLIGEACH | 2,738 | 225 | 4,305 | 34,581 |
| TIOBRAID ÁRANN | 9,066 | 514 | 10,489 | 82,412 |
| PORT LÁIRGE | 5,974 | 221 | 7,050 | 57,851 |
| AN IARMHÍ | 4,763 | 212 | 4,669 | 44,113 |
| LOCH GARMAN | 8,375 | 714 | 9,187 | 75,573 |
| CILL MHANTÁIN | 7,875 | 375 | 7,947 | 71,241 |
| **IOMLÁN** | **240,442** | **11,229** | **253,655** | **2,258,743** |
| An t-athrú ón 31 Nollaig 2014 | +4,564 | +1,083 | -5,679 | + 53,437 |

15

# TÁSTÁLACHA TEOIRICE TIOMÁNA


## TÁSTÁIL TEOIRICE TIOMÁNA 2015

Sa tábla thíos tá líon na dtástálacha teoirice tiomána a rinneadh in 2015 agus na torthaí ábhartha a bhí orthu.

| 2015 | Iomlán 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Líon iarratas a fuarthas | 121,554 | 107,610 |
| Céatadán iarratas a rinneadh ar líne | 84.24% | 80.57% |
| Líon tástálacha a sceidealadh | 115,305 | 104,591 |
| Líon tástálacha a rinneadh | 104,372 | 93,700 |
| Líon tástálacha ina bhfuarthas pas | 78,485 | 71,108 |
| Teipráta | 24.8% | 24.1% |
| Líon tástálacha inar theip ar an iarrthóir | 25,887 | 22,592 |
| Líon tástálacha ina raibh an t-iarrthóir as láthair | 10,933 | 10,890 |
| Líon tástálacha ar feitheamh | 0 | 0 |
| Líon tástálacha a cuireadh ar ceal | 1,866 | 1,432 |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Líon tástálacha a sceidealadh 2015**




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

16

# OIFIG AN CHLÁIR NÁISIÚNTA UM LEIGHEAS TRÁCHTA (NPOTM)

Comhthionscnamh idir an RSA agus Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (RCPI) is ea Oifig an Chláir Náisiúnta um Leigheas Tráchta agus bhunaigh an RSA í in 2011. In 2015 lean an NPOTM de bheith ag baint amach a chuspóra, is é sin a bheith ina cheann feadhna maidir le ceisteanna a bhaineann le hinniúlacht sláinte tiománaithe; tá sé d'aidhm aige cabhrú le gach tiománaí a shoghluaisteacht a uasmhéadú agus an baol a íoslaghdú san am céanna.

I gcomhréir leis an gcuspóir sin d'fhoilsigh sé *'Sláinte agus Tiomáint: Medical Fitness to Drive Guidelines (Group 1 and Group 2 Drivers)'* (leagan athbhreithnithe) lena gcuirtear i bhfeidhm an bunús fianaise atá leis na caighdeáin atá bunaithe ar athbhreithniú litríochta idirnáisiúnta. Úsáideann gairmithe cúram sláinte na Treoirlínte sin, lena n-áirítear dochtúirí chun tiománaithe a bhfuil fadhbanna sláinte acu a cheadúnú. Leagtar síos sna Treoirlínte róil agus freagrachtaí tiománaithe, gairmithe sláinte agus na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS). I mbliana chuir an NPOTM an chéad cheann de shraith bileog i dtoll a chéile a bhfuil sé d'aidhm acu tiománaithe a chur ar an eolas faoi na bealaí lena bhfadhb sláinte a bhainistiú ionas go gcinnteofar sábháilteacht ar bhóithre. Áirítear leis na bileoga sin: Diaibéiteas agus Tiomáint, Fadhbanna Cairdiacha agus Tiomáint agus Alcól agus Tiomáint. Chun poiblíocht a dhéanamh ar na bileoga agus an tábhacht atá le freagracht an tiománaí tá sraith cruinnithe poiblí tosaithe ag an NPOTM i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Tá caidreamh maith ag an NPOTM leis an bpobal leighis agus tá cúrsaí reáchtáilte aige a bhfuarthas aiseolas an-dearfach ina leith; i measc na gcúrsaí a reáchtáil sé bhí nuashonrú cliniciúil ar an tiománaí scothaosta, cúrsa ar líne faoi na caighdeáin maidir leis an inniúlacht sláinte le tiomáint agus Teastas faoin Leigheas Tráchta, teastas atá bainte amach ag trí rang cheana féin.

Leanann an NPOTM de bheith i mbun taighde agus in 2015 rinne sé suirbhéanna idirnáisiúnta ar an inniúlacht sláinte le tiomáint maidir le roinnt fadhbanna meabhairshláinte, spleáchas ar alcól agus mí-úsáid alcóil; thug lianna in Éirinn agus sa Bhreatain a chuireann cóir leighis ar dhaoine a bhfuil na fadhbanna sin acu a léargas luachmhar ar an scéal. Tá taighde déanta aige faoi mhúnlaí ceadúnaithe srianta agus grúpaí fócais stiúrtha aige le dochtúirí ginearálta a chuireann cóir leighis ar dhaoine a bhfuil na fadhbanna sin acu. Lean sé air de bheith rannpháirteach go gníomhach i ngrúpa taighde idirnáisiúnta atá le tuarascáil agus páipéar acadúil a fhoilsiú gan mhoill faoi thiomáint le néaltrú.

Tá an NPOTM fós ag déanamh dul chun cinn ina chuid oibre leis an líonra Measúnóirí Tiomána ar Bhóithre agus tá sé i mbun taighde faoi na tacaíochtaí oideachasúla ba cheart a chur i bhfeidhm chun tacú le cáilíocht agus/nó na hinniúlachtaí atá ag teastáil ó mheasúnóirí. Leanfaidh an NPOTM, trína chuid gníomhaíochtaí, de bheith ag cur beartas chun cinn maidir le hinniúlacht sláinte náisiúnta le tiomáint.

17

# CAIGHDEÁN TIOMÁNA SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA (ESDS)

Seasann ESDS do Emergency Services Driving Standard – caighdeán tiomána atá forbartha do thiománaithe Seirbhísí Éigeandála in Éirinn. Aithníodh é sin mar phríomhbheart atá le cur i gcrích faoi Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020.

Sa chaighdeán tugtar aird ar na cúinsí ardbhrú ar leith faoina n-oibríonn tiománaithe seirbhísí éigeandála agus cuirtear oiliúint ar thiománaithe chun déileáil leis na cúinsí sin agus iad a bhainistiú.

Chuir an RSA an Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (ESDS) i bhfeidhm i mí Feabhra 2015 agus tá an tÚdarás ag déanamh maoirseachta ar an tionscnamh trí Thiománaithe Seirbhísí Éigeandála, Oiliúnóirí agus Measúnóirí a dheimhniú.

Is é is aidhm leis an gcaighdeán seo spiorad na comhoibre, an chúraim agus na cúirtéise a chothú i dtiománaithe seirbhísí éigeandála. Tríd an gcaighdeán seo, ba chóir go mbeadh sé d'aidhm ag tiománaithe Seirbhísí Éigeandála caighdeán tiomána den scoth a bhaint amach atá ina eiseamláir d'úsáideoirí eile bóithre.


## PAINÉAL OIBRE ESDS

**Cuireadh painéal oibre ar bun le baill ó:**

- An RSA
- Cosaint Shibhialta
- Garda Cósta na hÉireann
- Na Fórsaí Cosanta
- An Garda Síochána
- An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála
- Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS
- An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil
- Cumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin
- Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Tá RSA ag leanúint ar aghaidh ag obair le painéal ESDS i gcur chun feidhme ESDS laistigh dá seirbhísí.

**Líon na ndeimhnithe ESDS a eisíodh in 2015.**



# 18 MIONDEALÚ AR PHOINTÍ PIONÓIS DE RÉIR CINEÁIL AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

| | |
|---|---|
| 22-35mg d'alcól in aghaidh 100ml san anáil | 1,111 |
| 50-80mg d'alcól in aghaidh 100ml san fhuil | 139 |
| 67-107mg d'alcól in aghaidh 100ml san fhual | 127 |
| **Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M1** | **15,723** |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M2 | 251 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M3 | 86 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N1 | 2,294 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N2 | 428 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N3 | 520 |
| Sárú dualgas tráth timpiste | 669 |
| Sárú na rialacha i leith tiomáint sa lána amuigh ar mhótarbhealach | 116 |
| Tiomáint Neamh-Aireach | 1,535 |
| Sárú ceanglas ag acomhail | 13 |
| Sárú ceanglas i leith cúlú | 18 |
| Sárú rialacha maidir le miontimpeallláin a úsáid | 8 |
| Trasnú líne báine leanúnaí/líne báine briste | 4,311 |
| An comhartha Cosc ar Iontráil a thrasnú | 14 |
| Tiomáint Chontúirteach Anuas go Tiomáint Neamh-Aireach | 1,254 |
| Tiomáint in aghaidh rith an tráchta ar mhótarbhealach | 50 |
| Tiomáint ón lána deas go lána eile gan slí a ghéilleadh | 5 |
| Tiomáint ar ghualainn chrua/ar bhóthar nach carrbhealach é - mótarbhealach | 212 |
| An tUaslucht Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | 163 |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | 16 |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí | 93 |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí | 99 |
| An tUasmheáchan Neamhluchtaithe Sáraithe ag an Tiománaí | 2 |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí a chinntiú go bhfuil Paisinéir faoi bhun 17 mbliana ag caitheamh Crios Sábhála | 1,588 |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí Leanbh os cionn 3 bliana a chur i Srian Sábháilteachta Linbh | 1,885 |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí Leanbh faoi bhun 3 bliana a chur i Srian Sábháilteachta Linbh | 987 |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí/Úinéir | 11 |
| Níos mó ná an tUaslucht Ceadaithe Tras-Seolta ag an Tiománaí/Úinéir | 1 |
| Tiomáint feithicle nuair nach bhfuil tú feidhmiúil | 1 |
| **Feithicil a thiomáint agus fón póca i do láimh** | **81,832** |
| Tiomáint feadh/trasna lárstráice | 570 |
| Tiomáint feithicle atá faoi locht contúirteach | 64 |
| Tiomáint ar/trasna raon rothar | 37 |
| Tiomáint ar chosán/trasna cosáin | 108 |
| Tiomáint thar sholas dearg. Contrártha le halt 35(5) ATB 1994 | 162 |
| Tiomáint feithicle sula leigheastar locht | 1 |
| Tiomáint gan aird chuí | 11,742 |

| | |
|---|---|
| Tiomáint i limistéar greanta marcáilte | 1,297 |
| Gan gníomhú de réir chomhartha na nGardaí | 19 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí Fan ar Dheis/Fan ar Chlé | 29 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha | 183 |
| Mainneachtain cloí le comhartha Cosc ar Iontráil | 351 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta coiscthe | 4,562 |
| Mainneachtain cloí le marcálacha ar lánaí tráchta | 818 |
| Mainneachtain Mala Air Linbh a Dhíghníomhachtú agus an fheithicil in úsáid | 9 |
| Mainneachtain tiomáint ar thaobh na láimhe clé | 214 |
| Mainneachtain cloí le rialacha ag crosaire comhréidh iarnróid | 11 |
| **Mainneachtain cloí le soilse tráchta** | **11,966** |
| Mainneachtain stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 695 |
| Mainneachtain stopadh do na Gardaí | 332 |
| Mainneachtain stopadh do chomhartha maor scoile | 12 |
| Mainneachtain casadh ar chlé ar thimpeallán | 29 |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh | 234 |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh ag comhartha/líne | 201 |
| Oibleagáid ghinearálta luais – stopadh ag fad infheicthe | 24 |
| Tiománaí faoi oiliúint nach bhfuil i gcuideachta tiománaí cáilithe | 3,173 |
| Feithicil atá modhnaithe nó athraithe ionas go bhfuil pláta míchruinn | 5 |
| Gan deimhniú ródacmhainneachta a bheith ag an úsáideoir | 971 |
| Gan srian sábháilteachta linbh sa suíochán tosaigh – leanbh | 100 |
| Gan srian sábháilteachta linbh sa suíochán cúil – leanbh | 240 |
| Gan árachas - (úsáideoir) | 9,127 |
| Gan crios sábhála - tiománaí | 3,721 |
| Gan crios sábhála sa suíochán tosaigh - leanbh | 135 |
| Gan crios sábhála sa suíochán cúil - leanbh | 324 |
| Gan L-phláta (tiománaí faoi oiliúint) a bheith ar taispeáint | 2,007 |
| Gan n-phláta (tiománaí nuacheadaithe) a bheith ar taispeáint | 124 |
| Gan tabard L buí a bheith ar taispeáint ar ghluaisrothar | 60 |
| Gan tabard N buí a bheith ar taispeáint ar ghluaisrothar | 2 |
| Cion a bhaineann le Scoitheadh | 1,282 |
| Feithicil a pháirceáil in ionad contúirteach | 36 |
| Dul thar an gcomhartha 'Ollmheáchan Ceaptha Feithicle | 4 |
| Dul thar chomhartha uasleithead feithicle – feithicil agus leantóir | 2 |
| Anuas go Tiomáint gan aird chuí | 328 |
| Gaireas teorantóra luais nach gcomhlíonann na riachtanais | 1 |
| Gaireas teorantóra luais nach bhfuil in úsáid | 1 |
| **Róluas** | **572,582** |
| Busanna ag tiomáint ar róluas ar mhótarbhealach/ dhébhealach | 1 |
| Droichead a thuairteáil le feithicil | 3 |
| **Feithicil a úsáid gan deimhniú NCT** | **12,685** |
| Feithicil a úsáid gan pláta údaraithe – feithicil/leantóir earraí | 4 |
| Feithicil a úsáid gan pláta údaraithe – paisinéir | 3 |
| U-chasadh ar dhébhealach/lárstráice/oileán tráchta | 22 |
| **IOMLÁN 756,175** | |

# 19

# TAIGHDE SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE AGUS OIDEACHAS TIOMÁNAITHE

**Comhcheanglaítear sa Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre príomhfheidhmeanna, feasacht a ardú, oideachas agus taighde le heolas agus leis na scileanna cuí a thabhairt d'úsáideoirí bóithre agus iad ag dul tríd an saol. Cuidíonn agus oibríonn an Stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uile atá cláraithe don Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 le deimhin a dhéanamh gur féidir na gníomhartha a shonraítear sa straitéis a bhaint amach.**

20

# FÓGRAÍOCHT

## FEACHTAIS FEASACHTA AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE


Sa bhliain 2015, reáchtáil an RSA roinnt feachtas ardphróifíle arbh é ab aidhm dóibh díriú ar na príomhchúiseanna a bhíonn le himbhuailtí ar bhóithre agus ar na daoine a bhíonn i mbaol imbhuailtí ar bhóithre. Comhtháthaíodh na feachtais le plean póilíneachta an Gharda Síochána.

**Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhfheachtais a reáchtáladh in 2015:**

**EAN.**

SCÓR FEASACHTA: 72%
TÁSTÁLACHA AR LAGÚ AR THAOBH AN BHÓTHAIR






ÚSÁIDEOIRÍ BÓTHAIR LEOCHAILEACHA
SCÓR FEASACHTA: 73%

**LÚN.**

SCÓR FEASACHTA: 45%
TUISMITHEOIRÍ FAOI SHEACHMALL







ROTHAÍOCHT
SCÓR FEASACHTA: 75%

**D. FÓMH.**


SCÓR FEASACHTA: 68%
SÁBHÁILTEACHT AR GHLUAISROTHAIR 'UNDERNEATH'





SÁBHÁILTEACHT AR GHLUAISROTHAIR 'HIDE & SEEK/MAGICIAN'
SCÓR FEASACHTA: 41%


**M. FÓMH.**



TUIRSE TIOMÁNAITHE
SCÓR FEASACHTA: 50%

**SAMH.**

SCÓR FEASACHTA: 45%
SEACHMALL FÓIN PHÓCA




21

# FEACHTAIS NUA IN 2015

## SEACHMALL TIOMÁNAITHE





Léiríodh agus craoladh dhá fhógra nua faoi sheachmall tiománaithe in 2015. San fhógra 'Looking back' díríodh ar sheachmall linbh agus san fhógra 'Anatomy of a Split Second' díríodh ar an gcontúirt a bhaineann le fón póca a úsáid agus tú ag tiomáint. Léiríodh iad mar thoradh ar thaighde a rinneadh inar taispeánadh gurb iad sin an dá rud is mó a chuireann seachmall ar thiománaithe in Éirinn. Bhuaigh 'Looking back' dhá ghradam óir ag na Gold Shark Awards i gCionn tSáile agus bhuaigh 'Anatomy of a Split Second' gradam idirnáisiúnta don Fhógra Seirbhíse Poiblí is Fearr in 2015 nuair a bronnadh dhá ghradam Epica air.

## TUIRSE TIOMÁNAITHE



Léiríodh fógra nua teilifíse 40 soicind chun comhairle a chur ar thiománaithe faoinar cheart a dhéanamh má thagann tuirse orthu agus iad ag tiomáint. Sin é an chéad fheachtas teilifíse a rinneadh faoi thuirse tiománaithe. Ba é teachtaireacht an fheachtais ná 'Stop.Sip.Sleep.' Áiríodh freisin san fheachtas fógraíocht raidió, ar líne, taobh amuigh, sna meáin shóisialta agus i bpictiúrlanna.

# 22


# TIONCHAR FÓGRAÍOCHTA/ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

I dtaighde neamhspleách arna dhéanamh ag Behaviour and Attitudes, tacaítear leis an gcumas atá ag feachtais tionchar dearfach a imirt ar athrú iompraíochta. Léiríonn torthaí suirbhé de chuid RSA ar mheon arna dhéanamh ag *Behaviour and Attitudes* (Meitheamh 2014):

- Measann 92% de dhaoine fásta go bhfuil tionchar ag fógraí teilifíse ar shábháil beatha daoine ar bhóithre na hÉireann.
- Creideann 2 as 3 duine fásta fós nach bhfuil go leor Gardaí ann faoi láthair chun na dlíthe tráchta a chur i bhfeidhm ar na bóithre, agus in 2014, is dócha go mór go ndéarfaidís nach bhfuil go leor Gardaí ann chun na dlíthe a bhaineann le fóin phóca a chur i bhfeidhm.
- Tacaíonn níos mó ná 80% de dhaoine fásta in Éirinn le húsáid ceamaraí slándála agus measann níos mó ná 70% go bhfuil siad éifeachtach ó thaobh tabhairt ar thiománaithe tiomáint ar bhealach níos sábháilte
- D'ainneoin conspóidí maidir leis an gcóras pointí pionóis, tacaíonn 80% den phobal le húsáid pointí pionóis
- Measann 78% den phobal go bhfuil an córas éifeachtach.

*Foinse: Behaviour & Attitudes Survey for RSA, Iúil, Nollaig 2014.*


## SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – NA TOSCA IS MÓ TIONCHAR






*Foinse: Behaviour & Attitudes Survey for the RSA, Iúil 2015*

23

# GNÍOMHAÍOCHT SNA MEÁIN – FÓGRAÍOCHT 2015





# 24

# TAIGHDE

**Déanann Roinn Taighde an RSA clár oibre a shainítear sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 a chur i bhfeidhm.**

**Déanann an Roinn teagmháil chomh maith le Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána, Bonneagar Iompair Éireann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus eagraíochtaí eile ar ghnéithe de ghníomhaíochtaí taighde ar shábháilteacht ar bhóithre.**

25

# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE 2015

## BUNACHAR SONRAÍ UM IMBHUAILTÍ BÓTHAIR

Cuirtear eolas imbhuailte a ghineann baill an Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Roinn Taighde san RSA i gcomhair anailíse agus foilsiú. Déantar léarscáiliú agus anailísiú ar an eolas imbhuailte sa Roinn. Foilsíonn an RSA torthaí na hanailíse ina Leabhar Fírice um Imbhuailtí Bóithre go bliantúil.

## SUIRBHÉ SAORLUAIS

I dtuarascáil bhreathnóireachta a cuireadh i dtoll a chéile in 2015 rinneadh saorluas 12,458 carr a thomhas: an luas faoina dtaistealaíonn tiománaithe i gcás nach mbíonn aon bhac orthu maidir leis an mbail atá ar an mbóthar, cúrsaí aimsire, nó cúrsaí tráchta. Léiríodh an méid seo a leanas sa suirbhé:

- Ba é céatadán na dtiománaithe cairr a sháraigh an luasteorainn ar bhóithre uirbeacha ná 60%; nuair a chuirtear bóithre cónaithe san áireamh, ardaíonn sé sin go dtí 74% i gcás na mbóithre náisiúnta uirbeacha ar fad eile.
- 22% de thiománaithe cairr a sháraigh an luasteorainn ar bhóithre na tuaithe.
- Tháinig laghdú ar chéatadán na gcarranna a bhí ag tiomáint ar róluas ar mhótarbhealaí: ó 28% in 2014 go 21% in 2015
- Tháinig laghdú ar chéatadán na gcarranna a bhí ag tiomáint ar róluas ar dhébhealaí: ó 36% in 2014 go 28% in 2015
- Tháinig laghdú ar chéatadán na gcarranna a bhí ag tiomáint ar róluas ar bhóithre réigiúnacha 80km/h: ó 45% in 2014 go 41% in 2015
- Saorluas carranna ar an meán:
    - 114km/h in 2015, 115km/h ar mhótarbhealaí in 2014; teorainn ar taispeáint: 120km/h
    - 95km/h in 2015, 99km/h ar dhébhealaí in 2014; teorainn ar taispeáint: 100km/h
    - 67km/h in 2015, 66km/h ar bhóithre artaireacha uirbeacha in 2014; teorainn ar taispeáint: 60km/h
    - 58km/h in 2015, 58km/h ar bhóithre náisiúnta uirbeacha in 2014; teorainn ar taispeáint: 60km/h

*Foinse: Nationwide Data Collection survey for the RSA, Samhain 2015*

**I DTUARASCÁIL BHREATHNÓIREACHTA A CUIREADH I DTOLL A CHÉILE IN 2015 RINNEADH SAORLUAS**
**12,458**
**CARR A THOMHAS**

## SUIRBHÉ MAIDIR LE CRIOS SÁBHÁLA A CHAITHEAMH


In 2015 rinneadh suirbhé breathnóireachta ar na rátaí caite creasa sábhála ar bhóithre na hÉireann inar léiríodh gurbh é an ráta iomlán caite creasa sábhála do dhaoine fásta (tiománaithe, paisinéirí tosaigh agus cúil) ná 92% (mar a chéile in 2014). Ba é an ráta caite i gcás tiománaithe agus paisinéara tosaigh ná 94% agus 81% i gcás gach paisinéara cúil ar duine fásta é.

- Bhí na leibhéil chomhlíonta ba lú le sonrú i measc na bpaisinéirí cúil ar daoine fásta iad: thug 19% acu le fios nár chaith siad a gcrios sábhála (vs 6% de phaisinéirí tosaigh)
- Bhí leibhéal an chomhlíonta níos airde i gcás paisinéirí ar leanaí iad (94%) agus ba lú an seans go gcaithfidís crios sábhála dá mbeidís sa suíochán cúil ná dá mbeidís sa suíochán tosaigh (9% vs 4%)
- Ba mhó an seans go gcaithfeadh paisinéirí ar leanaí iad crios sábhála agus iad i bhfoisceacht bunscoile (96%) ná iad siúd i bhfoisceacht meánscoile (91%).

De réir na staitisticí ó na himbhuailtí marfacha a tharla le linn 2015 ní raibh crios sábhála ar 25% de na daoine a maraíodh. Tugann sé sin le fios go bhféadfaí 29 bás a sheachaint dá mbeadh crios sábhála ar na daoine sin. I gcás cuid mhór de na himbhuailtí, áfach, ní raibh an Garda a bhí ar an láthair in ann a dhéanamh amach cibé acu a bhí nó nach raibh crios sábhála á chaitheamh, mar a léirítear thíos:

**An ráta caite creasa sábhála de réir na ndaoine a bhí sa charr agus chineál an bhóthair**

| | 1990 (1991) | 2000 (2002) | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| **Crios sábhála ar dhuine fásta** | | | | |
| **Suíochán tosaigh** | | | | |
| Gach bóthar | 53% | 72% | 92% | 94% |
| Suíochán cúil – gach bóthar | | | | |
| Gach bóthar | | | 88% | 81% |
| **Leanaí (srian sábháilteachta linbh)** | | | | |
| **Suíochán tosaigh** | | | | |
| Gach leanbh | | | 93% | 96% |
| Bunscoil | | | 97% | 98% |
| Meánscoil | | | 91% | 95% |
| **Suíochán cúil** | | | | |
| Gach leanbh | | | 91% | 91% |
| Bunscoil | | | 93% | 95% |
| Meánscoil | | | 88% | 85% |




Is figiúirí iad seo a bhaineann le tiománaithe agus paisinéirí tosaigh amháin. Níor scrúdaíodh suíocháin chúil ach ó 2007 nó 2008 agus, mar sin, níl siad san áireamh sa chairt stairiúil.

## SUIRBHÉ 2015 MAIDIR LE FÓN PÓCA A ÚSÁID LE LINN TIOMÁNA

I nDeireadh Fómhair 2015, rinneadh staidéar breathnóireachta ar díreach os cionn 14,230 tiománaí ag 111 suíomh. Breathnaíodh ar a mhinice is a bhí fón póca i lámh tiománaí nó a bhí fón póca ina lámh lena gceann acu. Breathnaíodh ar thiománaithe ó Luan go hAoine ó 8.30 a.m. go 6.30 p.m.


Chonacthas 3% de thiománaithe agus guthán póca ina lámh acu. Bhí an guthán lena gceann ag níos mó tiománaithe (2%) ná mar a bhí ina lámh acu (1%).

| Iompraíocht | % | % |
|---|---|---|
| | 2015 | 2014 |
| | (n=14,230) | (n=14,493) |
| Gan fón póca | 97% | 92% |
| Fón póca ina lámh | 1% | 4% |
| Fón póca lena gceann | 2% | 4% |

*Foinse: Amárach survey for the RSA, Nollaig 2015*

## SUIRBHÉ BREATHNÓIREACHTA 2015 MAIDIR LE HÉADAÍ SOFHEICTHE AGUS CLOGAID A CHAITHEAMH (GLUAISROTHAITHE AGUS ROTHAITHE)

In 2015, rinne an RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta ar rátaí caite éadaí ard-infheictheachta agus clogad. 21,627 breathnóireacht san iomlán sna 8 réigiún.



**Rátaí Caite Éadaí Ard-Infheictheachta:**


- Gluaisrothaithe (58%)
- Rothaithe ar fad (50%)
- Rothaithe príobháideacha (i.e. rothaithe ag úsáid a rothair féin) (54%)
- Poiblí (i.e. rothaithe a úsáideann an scéim rothar poiblí) Rothaithe (33%)
- Tá na rátaí caite éadaí ard-infheictheachta i measc gluaisrothaithe ardaithe ó 2014 (37%) go 2015 (58%)
- Tá na rátaí i measc na rothaithe ar fad ardaithe ó 2014 (30%) go 2015 (50%)
- Bhí ráta caite níos airde i measc daoine fásta (56%) ná mar a bhí i measc leanaí (38%) i gcás rothaithe príobháideacha


**Rátaí Caite Clogad:**

In 2015 bhí clogad á chaitheamh ag 97% de ghluaisrothaithe i gcomparáid le nach mór 100% in 2014. Is údar imní an laghdú sin ar líon na ngluaisrothaithe a chonacthas agus clogad orthu. I gcás na rothaithe ar fad a chonacthas (n=17,534) bhí clogad ar 52% acu. Rinneadh tuilleadh anailíse agus fuarthas amach go raibh clogad agus feisteas sofheicthe ar 41% de na rothaithe (n=14,733) a d'úsáid a rothar féin agus bhí clogad agus feisteas sofheicthe ar 17% acu siúd a d'úsáid an scéim phoiblí rothar (n=2,801).

| Clogad á chaitheamh | % | % |
|---|---|---|
| | **2015** | **2014** |
| **Gluaisrothaithe** | 97% | 99% |
| **Rothaithe ar fad** | 52% | 41% |
| **Rothaithe príobháideacha** | 57% | 46% |
| **Rothaithe poiblí** | 27% | 9%* |

*Foinse: Nationwide Data Collection survey for the RSA, Deireadh Fómhair/Samhain 2015*



## STAIDÉAR BREATHNÓIREACHTA 2015 AR SHOILSE LOCHTACHA AGUS MÍ-ÚSÁID LAMPAÍ CEO

Staidéar breathnóireachta a rinneadh in 2015 ag 95 suíomh: uirbeach (36 suíomh) agus bóithre tuaithe (59 suíomh), ina raibh carranna, feithiclí altacha earraí, feithiclí leathaltacha agus busanna páirteach. Breathnóireachtaí ó Luan go hAoine ó 6.30-8.30 a.m. agus ó 6.30-9 p.m.

- Soilse lochtacha: 36,016 feithicil
- Lampaí ceo: 35,912 feithicil

**Rátaí Soilse Lochtacha:**

- Bhí solas lochtach amháin ar a laghad ag níos lú ná feithicil amháin as gach 10 bhfeithicil (8%)
  - méadú beag i gcomparáid le 2014 (7%)
  - Soilse tosaigh lochtacha (5%) níos comónta ná soilse cúil lochtacha (3%)
- Bhí beagán níos mó soilse lochtacha ar bhóithre tuaithe ná mar a bhí ar bhóithre uirbeacha (+1%)
- Bhí an líon ba lú soilse lochtacha (3%) i measc na bhfeithiclí ar fad ar bhusanna.

I STAIDÉAR BREATHNÓIREACHTA Ó 2015 AG 95 SUÍOMH FUARTHAS

**36,016**

AG A RAIBH SOILSE LOCHTACHA

**Mí-úsáid Rátaí lampaí Ceo:**

- Fuarthas amach gur bhain 1 as 7 (14%) mí-úsáid as lampaí ceo – méadú ar 2014 (10%)
- Na feithiclí ba mheasa ná feithiclí leathaltacha inar taifeadadh beagán le cois 1 as 4 (23%) díobh agus lampa ceo casta air
- Ba mhinice a baineadh mí-úsáid as lampaí ceo ar bhóithre uirbeacha (16%) i gcomparáid le bóithre tuaithe (13%), agus ar mhótarbhealaí b'annaimhe a baineadh mí-úsáid astu (7%).
- Baintear níos mó mí-úsáide as lampaí ceo tosaigh (8%) ná lampaí ceo cúil (2%) ach
  - bhain 4% mí-úsáid as lampaí ceo tosaigh agus cúil.

**14%**

DE THIOMÁNAITHE CAIRR A BHAIN MÍ-ÚSÁID AS LAMPAÍ CEO

## COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE LEANAÍ AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Reáchtáil an RSA a Chomhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2015 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Déardaoin an 20 Márta. Ba é téama na comhdhála 'Leanaí agus Sábháilteacht ar Bhóithre' agus bhí sí ar siúl ó 10am go 4.30pm sa Phríomh-Halla Comhdhála, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.

D'fhreastail os cionn 200 toscaire ar an gcomhdháil agus bhí cainteoirí i láthair ón tSualainn, ón Ísiltír, ón Ríocht Aontaithe agus ó Éirinn. I measc chainteoirí na comhdhála bhí:

- An tUasal Rod King, MBE, Bunaitheoir agus Stiúrthóir Feachtais, UK '20's Plenty for Us', a thug cur i láthair faoina fheachtas a léiríonn go bhfuil an chuid is mó de na húdaráis áitiúla mhóra uirbeacha sa Ríocht Aontaithe ag cur luasteorainneacha 20mph (30km/h) i bhfeidhm go forleathan, agus chuir sé síos ar an tairbhe do leanaí i bpobail áitiúla timpeall na tíre sin.
- An Dr Margaret Ryan, Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An tOllamh Alf Nicholson, Péidiatraí Comhairleach, Ospidéal Shráid Temple
- Moyagh Murdock, Príomhfheidhmeannach an RSA
- Velma Burns, Bainisteoir Taighde sa RSA

- An Dr Divera A.M. Twisk, SWOV Institute for Road Safety Research, an Ísiltír
- Katarina Bohman, Príomhinnealtóir Taighde, Autoliv Development AB, an tSualainn
- Åsa Viklund, Straitéisí Sábháilteachta Tráchta, Roinn Iompair na Sualainne
- An tUasal Michael Aherne, Ceann na Rannóige Forbartha Iompair, An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- An Garda Ashling Connor, Garda Pobail
- Aisling Leonard, Oifigeach Sinsearach um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre sa RSA

Sheol an craoltóir, an t-iriseoir agus an láithreoir clár faisnéise an tUasal Charlie Bird sraith nua gearrchlár faisnéise faoi shábháilteacht leanaí ar bhóithre, lena n-áirítear ar thurais scoile, baol san eastát tithíochta, agus sábháilteacht leanaí i gcarranna.

## SUIRBHÉ AR MHEONTA AGUS AR IOMPRAÍOCHT TIOMÁNAITHE 2015

Sa suirbhé is deireanaí a rinneadh ar mheonta agus iompraíocht tiománaithe (2015) i measc sampla 1,073 tiománaí in Éirinn:

- Fuarthas amach go gceapann idir 44% agus 54% de thiománaithe go bhfuil sé, ar an mórgóir, inghlactha tiomáint faoi róluas beag. Sa chás sin, is é an sainmhíniú a tugadh ar róluas beag ná luasteorainneacha a shárú níos lú ná 10km san uair.
- Dúirt 8% de thiománaithe gur thiomáin siad tar éis deoch amháin ar a laghad a bheith acu le linn an 12 mhí seo caite. Dúirt 44% acusan go raibh dhá dheoch ar a laghad nó níos mó acu ar an ócáid sin.
- Cuireadh ceist ar na freagróirí cé chomh minic is a chaitheann siad crios sábhála mar thiománaí, mar phaisinéir tosaigh agus mar phaisinéir cúil. Mar thiománaithe, dúirt 98% acu go gcaitheann siad crios sábhála i gcónaí; mar phaisinéirí tosaigh, dúirt 97% acu go gcaitheann siad ceann i gcónaí; ach mar phaisinéirí cúil, ní dúirt ach 80% acu go gcaitheann siad ceann i gcónaí. Ní dúirt ach 77% acu go n-iarrann siad i gcónaí ar na paisinéirí cúil ina gcarr féin crios sábhála a chur orthu.

*Foinse: Behaviour & Attitudes survey for the RSA, Samhain 2015*

**11%**

**DE THIOMÁNAITHE A D'ADMHAIGH GUR GEARRADH FÍNEÁIL NÓ PIONÓS ORTHU AR BHEALACH EILE AS AN LUASTEORAINN A SHÁRÚ LE TRÍ BLIANA ANUAS.**

## SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – NA TOSCA IS MÓ TIONCHAR

Tá leabharlann taighde bunaithe ag an Roinn Taighde ag ceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Tá an leabharlann anois ina hacmhainn shuntasach faisnéise i ngach gné de shábháilteacht ar bhóithre.

## TEAGMHÁLAÍ IDIRNÁISIÚNTA


Tá an RSA tiomanta do rannpháirtíocht i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre den chaighdeán is airde a fhorbairt laistigh den Údarás. Comhoibríonn Roinn Taighde RSA le heagrais éagsúla idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre, ag glacadh páirte i staidéir thaighde agus ag freastal ar chruinnithe. I measc na ngrúpaí seo tá an Fóram Institiúidí Eorpacha um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); an OECD—Fóram Idirnáisiúnta Iompair; an Bunachar Timpistí Tráchta Bóthair Idirnáisiúnta (IRTAD) agus Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC).

# 26

## OIDEACHAS

### RÓDSEÓNNA SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE IN 2015

'CHECK IT FITS'
**7,470**
SUÍOCHÁN CAIRR A SEICEÁLADH AG 135 IONAD



'STREETSMART'
**11,154**
LEANBH AG 64 SCOIL




'ROLLOVER SIMULATOR'
**28,507**
DUINE I LÁTHAIR AG 114 ÓCÁID



'INTERACTIVE SHUTTLE'
**61,438**
CUAIRTEOIR AG 68 IONAD



**'Check it Fits' – Figiúirí Míosúla 2015**




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## SEIRBHÍS NÁISIÚNTA OIDEACHAIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE



10 n-oifigeach um chur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre lonnaithe go réigiúnach a chuireann oideachas sábháilteachta ar bhóithre ar fáil go náisiúnta.

- 5,362 clár oideachais a cuireadh ar fáil
- 5,613 uaireanta teagmhála a cuireadh ar fáil

Cuireadh campaí gníomhaíochta samhraidh ar fáil i mbliana mar bhealach nua chun an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

## FEACHTAIS SCOILE

- 3,286 pacáiste 'Ar ais ar Scoil' (Gaeilge agus Béarla) scaipthe ar bhunscoileanna
- 1,013 pacáiste 'Ar ais ar Scoil' (Gaeilge agus Béarla) scaipthe ar mheánscoileanna
- 3,286 pacáiste 'Seatbelt Sheriff' / 'Hi Glo Silver' (Gaeilge agus Béarla) scaipthe ar bhunscoileanna
- Reáchtáladh oiliúint rothaíochta i 311 bunscoil agus ghlac 19,928 páirt
- Bhí 25 scoil páirteach in 'Junior School Warden' anuraidh agus ghlac 615 leanbh páirt.



*'Seatbelt Sheriff' an RSA*

# 27

## ÁBHAIR RSA A SCAIPEADH AGUS MARSANTÚ A DHÉANAMH ORTHU

### NA CÚIG BHRÓISIÚR IS FEARR AR ÉIRIGH LEO

- ‘CORRECT USE OFLIGHTS’
- ‘ROUNDABOUTS’
- ‘THE FASTER THE SPEED’ ‘THE BIGGER THE MESS’
- ‘NO SEATBELT NO EXCUSE’
- ‘MOBILE PHONES AND DRIVING’



### NA CÚIG CHAINÉAL IS FEARR AR ÉIRIGH LEO

Méadaíodh Tionscadal Marsantaithe an RSA in 2015 agus cuireadh sé chainéal nua leis, ina measc: Ionaid CVRT, Ionaid Oiliúna Intreo, Oifigí Leasa Shóisialaigh, Garáistí SIMI, Oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim agus Iarnród Éireann agus mar thoradh air cruthaíodh 174 seastán nua. Scaipeadh bileoga ó na seastáin sin le linn 2015 agus tá 1.4 milliún bileog san iomlán scaipthe ó tugadh isteach é in 2012.

STÁISIÚN NA NGARDAÍ

LEABHARLANN PHOIBLÍ

COMHAIRLE CONTAE

IONAID NCT

IONAID NDLS

**500**
IONAD MARSANTAITHE

**487,215**
BRÓISIÚR A SCAIPEADH


**8,231**
CUNTAS A CLÁRAÍODH

28

# ÁBHAR ARD-INFHEICTHEACHTA A SCAIPEADH LE LINN 2015




**308,694**
VEIST ARD-INFHEICTHEACHTA




**227,942**
VEIST DO LEANAÍ



**188,015**
BANDA MUINCHILLE DO LEANAÍ




**94,517**
MÁLA ÉILLE



**63,392**
OIRIÚINT



**62,486**
BANDA MUINCHILLE DO DHAOINE FÁSTA



**60,739**
BIBE REATHA



**41,214**
CLÚDACH MÁLA DROMA



**20,428**
SOILSE ROTHAIR



## CAINÉIL SCAIPTHE VEISTEANNA ARD-INFHEICTHEACHTA

- úsáid phearsanta
- scoileanna
- grúpaí pobail
- seirbhísí éigeandála
- ócáidí carthanachta
- imeachtaí spóirt

29

# ÓCÁIDÍ BRONNTA

## GRADAIM 'LUCHT TIONCHAIR NA SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE' 2015

Déanann Duaiseanna 'Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre' ceiliúradh ar scothiarrachtaí daoine an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ina bpobal féin. Tugann na gradaim deis speisialta do bhaill an phobail ómós a thabhairt dá bhfuil curtha i gcrích ag daoine ar leith chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach duine.



*Bhuaigh an t-iriseoir ón Irish Times, Peter Murtagh, an 'tArdghradam Náisiúnta' i mbliana ag Gradaim 'Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre' an RSA. Rinne sé athchruthú fóiréinseach ar ar tharla roimh thimpiste i Maigh Eo agus ar ar tharla ina dhiaidh.*



*Bronnadh an Gradam 'Pobail' i rannóg an oideachais ar bhaill Chomhairle na nÓg a léirigh sraith fógraí sábháilteachta ar bhóithre faoi úsáid criosanna sábhála, tiomáint faoi thionchar an óil, úsáid fón póca agus tuirse tiománaithe a bhí dírithe ar aos óg na tíre. Craoladh na fógraí le linn na bliana ar Highland Radio, Ocean FM agus iRadio.*

## GRADAIM 'SEATBELT SHERIFF' 2015

Is idirghabháil oideachais an feachtas 'Seatbelt Sheriff' (Sirriam Sábháilteachta) agus 'Hi Glo Silver' a bhfuil sé d'aidhm aige beathaí daoine ar na bóithre a shábháil trína thabhairt ar leanaí i rang a haon a gcrios sábhála a chaitheamh i gcónaí agus trína thabhairt ar leanaí i rang a dó seaicéid, bandaí muinchille, nó criosanna ard-infheictheachta a chaitheamh agus a mheabhrú dá dtuismitheoirí a dhéanamh amhlaidh. Faigheann na leanaí a ghlacann páirt teastas a thugann an chumhacht dóibh a rá le gach duine a gcrios sábhála nó éadaí ard-infheictheachta a chaitheamh. Is cuid lárnach den fheachtas an comórtas bliantúil póstaer faoi shábháilteacht ar bhóithre a spreagann leanaí arís smaoineamh faoin tábhacht a bhaineann le criosanna sábhála agus éadaí ard-infheictheachta a chaitheamh. Ba iad buaiteoirí an chomórtais 'Seatbelt Sheriff' ná Scoil Náisiúnta an Bhaile Rua, Lios Leamháin, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí. Ba iad buaiteoirí an chomórtais 'Hi Glo Silver' ná Scoil Mhuire, Béal an Átha, An Ráth, Co. Luimnigh. Bhí an ócáid bhronnta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus thug siad cuairt ar Zú Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh.



*I dteannta na mbuaiteoirí, bronnadh ceithre dhuais eile i ngach catagóir.*

## EOLAÍ ÓG BT 2015

Beidh léirithe ag buaiteoir tionscadail Ghradam Speisialta an RSA go bhfuil go leor taighde déanta acu sa tionscadal agus go bhfuil an cumas iontu líon na mbásanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú.




*Bhronn Michael Rowland, Stiúrthóir Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe an RSA gradam an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar Jessica Sheehan, Max Shanahan ó Scoil Phobail Chionn tSáile dá dtionscadal 'A statistical study on the effect of change blindness and its impact on road safety'.*

## GRADAIM SMEDIA 2015



*Sarah O'Connell agus Justine Trautt, Oifigigh um Chur chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre sa RSA ag bronnadh an Ghradaim Sábháilteachta ar Bhóithre ar Chian Roche thar ceann Eoin Sheehan agus Sean Defoe.*

## COMÓRTAS DAMHSA 'AN CHÓID SÁBHÁLA' 2015

Iarradh ar mhúinteoirí a scoláirí a spreagadh le páirt a ghlacadh sa chomórtas nua de chuid an RSA maidir leis an gCód Sábhála. Caithfidh na scoláirí a thaispeáint go bhfuil an Cód ar eolas acu trí dhreas damhsa an Chóid Sábhála a dhéanamh agus físeán a thaifeadadh díobh féin agus de na múinteoirí agus iad á dhéanamh. Ba é an duais ná táibléad 7 n-orlach do gach dalta sa rang a bhuaigh.



*Orlaith Maguire, Oifigeach an RSA um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre, ag bronnadh duaiseanna ar an Uasal James Murray, Príomhoide, Scoil Naomh Caoimhín, Cill na Manach, Baile Átha Cliath 24.*

## 'STREETSMART' (BÍ CLISTE AR AN TSRÁID)

Tá 'StreetSmart' dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chun beatha ar bhealach spraíúil do leanaí scoile óga. Úsáideann sé mata 'sráid-dreacha' a bhfuil radharc gnáthshráide air. Ceapadh 'StreetSmart' do leanaí atá idir 4 agus 12 bhliain. Is féidir an mapa sráid-dreacha a shocrú i halla na scoile. Oibreoidh foireann an RSA i gcomhar leis na múinteoirí roimh ré chun na ceachtanna oiriúnacha faoi shábháilteacht ar bhóithre a chinneadh do na scoláirí. Is féidir le leanaí a bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí cosúil le scéalaíocht, cluichí um shábháilteacht ar bhóithre agus seisiún ceisteanna agus freagraí idirghníomhach ar shábháilteacht ar bhóithre. Déanann na múinteoirí agus foireann an RSA éascaíocht ar na gníomhaíochtaí. Bíonn an-spraoi ann. Tá StreetSmart le fáil saor in aisce.




*Liz O'Donnell, Cathaoirleach an RSA agus Moyagh Murdock, Príomhfheidhmeannach an RSA le leanaí ar mhata sráid-dreacha 'StreetSmart' an RSA.*

30

# TEAGASCÓIRÍ TIOMÁNA FORMHEASTA (ADINNA)

Ón 30 Aibreán 2009 i leith, is tionscadal rialaithe in Éirinn é teagasc tiomána. Clúdaíonn na rialacháin caighdeán teagaisc, na scrúduithe atá le déanamh chomh maith le pionóis as sáruithe an dlí.

Chun bheith ag obair mar theagascóir tiomána in Éirinn, caithfidh teagascóir bheith ar Chlár RSA de Theagascóirí Tiomána Formheasta (ADI) agus ceadúnas Teagascóra Tiomána Formheasta (ADI) a thaispeáint. Chun bheith cláraithe agus ceadúnas iomlán ADI a fháil, déanann RSA measúnú ar gach stiúrthóir chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na nithe a leanas mar is gá acu:


- Eolas ar rialacha an bhóthair agus ar shábháilteacht ar an mbóthar
- Cumas tiománaí
- An cumas tiománaí faoi oiliúint a theagasc

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí 1,741 Teagascóir Tiomána Formheasta (ADI) ag obair sa tionscal.

## BUNOILIÚINT TOSAIGH (IBT) DO GHLUAISROTHAITHE

An cúrsa oiliúna éigeantach ina dteagasctar bunscileanna gluaisrothaíochta do ghluaisrothaithe foghlama is ea Bunoiliúint Tosaigh (IBT). Tá an cúrsa mar chuid de scéim an RSA um Cheadúnú Tiomána Forchéimnitheach (GDL) agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Cúrsa 16 huaire is ea an IBT Bhunúsach agus cuirtear ar fáil í i gceithre mhodúl ar leith, ceann i ndiaidh a chéile.

Mhéadaigh líon na n-ionad oiliúna formheasta IBT go 70 ceann agus is é an líon teagascóirí gluaisrothair formheasta anois ná 92, ar IBT iad 72 acu.




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

31

# OILIÚINT RIACHTANACH DO THIOMÁNAITHE (EDT)

- Ó tugadh isteach é tá 1,955,877 ceacht EDT tugtha do bhreis agus 210,355 tiománaí faoi oiliúint.
- San am i láthair, tá níos mó ná 1,600 ADI ag tabhairt ceachtanna EDT d'fhoghlaimeoirí ar fud na tíre.
- Ba é líon na gceachtanna EDT a cuireadh i gcrích le linn 2015 ná 617,505 (ardú 25% nach mór i gcomparáid le 2014).

## DEIMHNIÚ AR INNIÚLACHT GHAIRMIÚIL TIOMÁNAITHE (IGT TIOMÁNAITHE)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint an tslí bheatha atá acu) an cháilíocht IGT Tiománaithe atá acu a choinneáil trí oiliúint thréimhsiúil aon lae a chur i gcrích gach bliain ina dtéitear siar ar a bhfuil foghlamtha acu cheana.

## TÁ 129 EAGRAÍOCHT OILIÚNA FORMHEASTA, IONAD OILIÚNA FORMHEASTA AGUS 880 OILIÚNAÍ IGT FORMHEASTA TIMPEALL NA TÍRE

- Níos mó ná 463,105 lá oiliúna (suas go deireadh mhí na Nollag 2015) curtha i gcrích ó tugadh isteach IGT, le 64,190 lá oiliúna curtha i gcrích in 2015.
- Le linn 2015 rinneadh 4,066 tástáil cás-staidéir teoirice IGT ar fad
- Chuir 42,000 tiománaí gairmiúil aonair an riachtanas maidir le hoiliúint thréimhsiúil bhliantúil i gcrích le linn 2015

# 32

## CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ

**Tá ról lárnach ag caighdeáin feithiclí agus na córais um thástáil feithiclí maidir leis na bóithre a dhéanamh níos sábháilte. Cé gur botúin tiománaithe is cúis le himbhuailtí bóthair go minic, is féidir le lochtanna feithiclí a bheith ina bpríomhchúis freisin nó mar chúis thánaisteach ar féidir leo iarmhairtí imbhuailtí a dhéanamh níos measa.**

Rud eile a chuireann go mór le sábháilteacht ar bhóithre, anuas ar chaighdeáin feithiclí agus tástáil feithiclí, ná gníomhaíocht an RSA maidir le comhlíonadh feithiclí troma tráchtála – trucailí agus busanna – agus a dtiománaithe a rialáil agus a chur i bhfeidhm. Leis na cigireachtaí a dhéanaimid aimsímid trucailí agus busanna atá lochtach, nó uaireanta atá chomh lochtach sin go bhfuil siad contúirteach, agus tiománaithe atá ag sárú na rialacha trí thiomáint ar feadh tamaill rófhada, rud a chuireann a mbeatha féin agus beatha úsáideoirí bóithre eile i mbaol. Buntáiste eile a bhaineann lenár ngníomhaíocht i dtaca le forfheidhmiú agus comhlíonadh ná go gcabhraímid le cothrom na Féinne a bhaint amach ó thaobh na hiomaíochta de d'oibreoirí feithiclí tráchtála comhlíontacha.

Ar Stiúrthóireacht Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú RSA atá an fhreagracht as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht feithiclí agus tiománaithe agus comhlíonadh a fheabhsú chun bainistíocht éifeachtach agus shábháilte feithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Cuimsíonn Stiúrthóireacht an RSA um Chaighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú an Rannóg um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála agus an Rannóg um Fhorfheidhmiú, atá lonnaithe i mBaile Locha Riach, agus an Rannóg um Chaighdeáin Feithiclí, atá lonnaithe i mBéal an Átha.

Is é ár n-aidhm ghinearálta ná a chinntiú go bhfuil caighdeáin feithiclí agus nósanna imeachta tástála na hÉireann ar aon dul leis an gcleachtas is fearr, go gcomhlíonann oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála na dualgais atá orthu feithiclí tráchtála a úsáid agus a fheidhmiú go sábháilte agus go gcuireann obair na Stiúrthóireachta leis an RSA a bheith ina údarás aitheanta éifeachtach ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de.

Cuirimid na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Rialachán le haghaidh feithiclí nua atá ag dul isteach i seirbhís (cineálcheadú) agus na rialacháin a bhaineann le feithiclí atá in úsáid cheana féin ar bhóithre na hÉireann;
- Reachtaíocht náisiúnta agus AE a bhaineann le hiompar ar bhóithre a fhorfheidhmiú i dtaobh tacagraf, rialacha uaireanta tiománaithe, an Treoir ar Am Oibre agus IGT Tiománaithe agus riachtanas ceadúnas oibritheora iompar bóthair a bheith agat;
- Údarú agus bainistiú feidhmíochta oibreoirí agus tástálaithe Thástáil Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála;
- Maoirseacht a dhéanamh ar an gCóras um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála chun caighdeán agus sábháilteacht feithiclí tráchtála ar na bóithre a chinntiú – oibleagáidí cothabhála oibreoirí agus cuidiú leis an nGarda Síochána nuair atá seiceálacha i gcomhair ródacmhainneachta á ndéanamh ar fheithiclí tráchtála ar thaobh an bhóthair;
- An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora thar ceann an Stáit;
- An Scéim um Eisiúint Cártaí Tacagraif Dhigitigh a riar thar ceann an Stáit; agus
- An tseirbhís tástála feithiclí ADR (iompar earraí contúirteacha) a riar.



33

Tástáil Ródacmhainneachta um Fheithiclí Tráchtála
Commercial Vehicle Roadworthiness Testing

# RÓDACMHAINNEACHT FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA (CVR)

Seo é an tríú bliain de chlár an RSA chun an córas tástála feithiclí tráchtála a athrú ó bhonn. Le linn na tréimhse sin ba é an tosaíocht ghinearálta ná údarú oibreoirí tástála agus tástálaithe CVR a chur i gcrích agus feabhas a chur ar chomhlíonadh na riachtanas éagsúil dlí chun comhsheasmhacht tástála CVR sa chóras tástála ar fad a chinntiú. In 2015, chuir an RSA an próiseas údaraithe do 144 oibreoir tástála CVR i gcrích faoin spriocdháta (27 Márta 2015) agus ba chloch mhíle thábhachtach é sin do na heintitis lena mbaineann. Chun riachtanais an údaraithe a chomhlíonadh, rinne go leor ionad tástála infheistíocht mhór san uasghrádú ar threalamh, infreastruchtúr agus ar shaoráidí eile, oiliúint foirne ina measc. Tá an RSA tiomanta do chaighdeán agus comhsheasmhacht na tástála i gcóras tástála CVR ar fad a fheabhsú agus tá sé ag obair i gcomhar leis na hionaid tástála agus le Cumann Thionscal Mótar na hÉireann chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh ó bhí 2013 ann.

## BUAICPHOINTÍ Ó 2015

1. Rinneadh athnuachan ar údarú 144 oibreoir ionad tástála CVR faoin 27 Márta 2015.
2. 1,236 cigireacht ar ionaid tástála CVR curtha i gcrích in 2015 ag Soláthraí Seirbhísí Teicniúla RSA, Bureau Veritas.
3. Tugadh faoi 2,668 tástáil bhreathnaithe agus 1,002 tástáil neamhspleách le linn 2015 chun cruinneas na dtástálacha ar thug tástálaithe fúthu a fhíorú.
5. Cuireadh tús le 69 iniúchadh éagsúla a raibh baint ag 52 ionad tástála leo agus cuireadh bearta coigeartaithe i bhfeidhm i 23 cás. Cuireadh 3 ionaid tástála CVR ar fionraí mar gheall ar iniúchadh ar chaighdeán agus comhsheasmhacht na tástála.
6. Rinneadh mionanailís bhliana ar threochtaí na tástála rud a chabhraigh le spriocdhíriú an RSA ionaid tástála nó tástálaithe a aithint ar theastaigh bainistiú breise feidhmíochta uathu.
7. Cuireadh seiceálacha comhsheasmhachta trealaimh i gcrích ar threalamh tástála Feithiclí Éadroma Tráchtála le linn 2015.
8. Chuir Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (AIT) oiliúint ar fáil do 901 rannpháirtí ag 68 cúrsa dírithe ar a chinntiú go bhfuil siad siúd atá údaraithe chun tástáil a dhéanamh oilte chuig na caighdeáin chuí agus go bhfuil an t-eolas is deireanaí acu.

SEO É AN
3Ú
BLIAIN DE CHLÁR AN RSA CHUN AN CÓRAS TÁSTÁLA FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA A ATHRÚ Ó BHONN.

96%
DE THÁSTÁLACHA BREATHNAITHE A LÉIRIGH GUR CUIREADH AN MODH TÁSTÁLA I GCRÍCH I GCOMHRÉIR LE NÓSANNA IMEACHTA.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## COMHLÍONADH TÁSTÁLA FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA – 2015

In 2015, rinneadh 148,543 tástáil agus atástáil ar Fheithiclí Tráchtála Troma (HCV) agus 533,943 tástáil agus atástáil ar Fheithiclí Tráchtála Éadroma (LCV). Ba ionann sin agus méadú 6% ar líon na HCVanna agus méadú 9% ar líon na LCVanna a tástáladh i gcomparáid le 2014.

Ar an iomlán, is ionann an 680,000 tástáil a rinneadh in 2015 agus méadú 33% ó bhí 2012 ann – bliain dheireanach iomlán na tástála sular tugadh na hathchóirithe agus an córas nua tástála isteach.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## HCV – PASRÁTAÍ TÁSTÁLA IOMLÁINE V PASRÁTAÍ ATÁSTÁLA (2014-2015)[1]

| | Tástálacha Iomlána | Tástáil Iomlán % Pasráta | Atástálacha | Atástálacha % Pasráta |
|---|---|---|---|---|
| **2014** | 93,121 | 47.98% | 43,912 | 91.49% |
| **2015** | 97,743 | 45.50% | 47,810 | 90.41% |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## LCV – PASRÁTAÍ TÁSTÁLA IOMLÁINE V PASRÁTAÍ ATÁSTÁLA (2014-2015)[1]

| | Tástálacha Iomlána | Tástáil Iomlán % Pasráta | Atástálacha | Atastálacha % Pasráta |
|---|---|---|---|---|
| **2014** | 348,951 | 54.27% | 137,867 | 94.24% |
| **2015** | 374,342 | 51.34% | 158,203 | 93.78% |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

In 2015, bhí líon na dtástálacha a rinneadh i gcás HCV agus LCV mórán mar a chéile le treocht 2014 agus rinneadh an líon ba mhó tástálacha HCV agus LCV i Meán Fómhair.


In 2015, bhí laghdú beag timpeall 3% ar an bpasráta náisiúnta a baineadh amach i gcás tástálacha iomlána i gcatagóirí HCV agus LCV. Cé gur beag an laghdú é, tá seans ann go raibh baint ag an gcaighdeán feabhsaithe tástála in ionaid tástála CVR leis an laghdú. Ní raibh ach mionathrú ar an bpasráta náisiúnta i gcás atástálacha idir 2014 agus 2015.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

1) Níl ach na pasrátaí agus na teiprátaí d'fheithiclí tráchtála a ndearnadh tástáil iomlán orthu (seachas torthaí ó atástálacha) ó mhí Dheireadh Fómhair 2013 amach le fáil de bharr an Chórais Faisnéise Feithiclí Tráchtála (CoVIS) a bheith tugtha isteach.

## COMHLÍONADH THÁSTÁIL CVR ‘IN AM’ – 2015

Ar an iomlán, le linn 2015 tháinig feabhas leanúnach ar chomhlíonadh tástála in am seachas i gcás LCVanna agus feithiclí a bhfuil ollmheáchan ceaptha idir 3,500 agus 7,500 kg acu




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

In 2015, sheol ionaid tástála CVR os cionn 280,000 teachtaireacht téacs amach chuig custaiméirí tríd an gcóras CoVIS chun an oibleagáid atá orthu a bhfeithicil tráchtála a thabhairt isteach le haghaidh tástála a mheabhrú dóibh.

**BUSANNA MÓRA BA MHÓ A BHÍ COMHLÍONTACH AGUS TÁSTÁLADH**

**82%** IAD LAISTIGH D’AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA IN 2015.

**74%**





DE HGVANNA OS CIONN 7,500 KG A THÁSTÁIL LAISTIGH D’AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA.

**56%**




DE HGVANNA IDIR 3500 KG AGUS 7500 KG DE GVDW A TÁSTÁLADH LAISTIGH D’AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA.

**72%**



DE LEANTÓIRÍ A TÁSTÁLADH LAISTIGH D’AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA.

**55%**



DE LCVANNA (FEITHICLÍ A BHFUIL GVDW NÍOS LÚ NÁ 3500KG ACU) A TÁSTÁLADH LAISTIGH D’AON MHÍ AMHÁIN DEN DÁTA DLITE TÁSTÁLA.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## CRWanna

D'eisigh an RSA beagnach leathmhilliún Teastas Ródacmhainneachta (CRWanna) go lárnach d'úinéirí cláraithe feithiclí tráchtála le linn 2015. 0.8% acu sin, nó 4,398 iarratas, ba iarratais iad ar theastas athsholáthair mar cailleadh, goideadh nó scriosadh an teastas bunaidh nó níor chuir sealbhóir na feithicle an t-ionad tástála ar an eolas ar lá na tástála go raibh an fheithicil á díol.


In 2015, rinneadh 60% ar an meán d'iarratais athsholáthair CRW ar líne. Faoi dheireadh na bliana, áfach, bhí líon na n-iarratas ar líne ardaithe go dtí os cionn 80% mar gheall gur cuireadh deireadh leis an táille €7 le custaiméirí a spreagadh le hiarratas a dhéanamh ar líne, rud a bhainfeadh cuid den ualach riaracháin den Údarás; buntáiste eile a bhaineann leis an tseirbhís ar líne ná go bhfuil sí ar fáil do chustaiméirí 24 uair an chloig ó cheann ceann na seachtaine.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## LOCHTANNA AR FHEITHICLÍ TRÁCHTÁLA AG AN TÁSTÁIL


Le linn 2015, fuarthas go raibh lochtanna ag baint le níos mó ná 6,000 feithicil tráchtála a bhí chomh contúirteach sin go raibh 'fógra teipe contúirtí' ag teastáil uathu agus, rud ar ábhar imní é, bhain an chuid ba mhó acu seo le coscáin. In 2014 tugadh 'ráta teipe contúirtí' do 4,800 feithicil. Coinneoidh an tÚdarás súil ghéar ar na treochtaí le linn 2016, ach tugtar faoi deara gur tugadh bearta breise maoirseachta tástála isteach in 2015.

### An Chomhpháirt/ An Réimse is coitianta ina dteiptear – HCV





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

### Mír Theipe Trealaimh





### Mír Theipe Amhairc




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*


## An Chomhpháirt/ An Réimse is coitianta ina dteiptear – LCV

Is iad seo a leanas na ceithre phríomhchúis ar theip ar fheithiclí tráchtála éadroma.





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## Mír Theipe Trealaimh




## Mír Teipe Amhairc




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## MONATÓIREACHT AR FHEIDHMÍOCHT IONAD TÁSTÁLA CVR 2015

Is príomhghné de mhaoirseacht an RSA ar chóras tástála CVR an mhonatóireacht feidhmíochta ar ionaid tástála CVR. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá le monatóireacht feidhmíochta:

- comhlíonadh na riachtanas agus na rialachán a mheas agus a dhoiciméadú
- tacú leis an bpróiseas monatóireachta feidhmíochta trí fhianaise a bhailiú,
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanas, lena n-áirítear oibleagáidí seirbhíse custaiméara,
- droch-chaighdeáin tástála nó seirbhíse custaiméara a dhíspreagadh, agus
- aiseolas a thabhairt d'oibreoirí tástála CVR faoi fheidhmíocht.

Cuireann an tÚdarás monatóireacht feidhmíochta i bhfeidhm ar na bealaí seo a leanas:

- cigireachtaí ag ionaid tástála, anailís ar shonraí agus iniúchtaí a dhéanamh, agus
- ábhar oiliúna d'oibreoirí tástála CVR agus tástálaithe CVR a leagan amach maidir le tástáil feithiclí tráchtála.

San fhoireann uirlisí atá ar fáil ag an RSA chun comhlíonadh a chinntiú tá fógraí treorach, fionraíochtaí agus aisghairmeacha i leith údaruithe. Le linn 2015 cuireadh trí ionad tástála ar fionraí mar bhí imní ann nach raibh an tástáil á cur ar fáil de réir an chaighdeáin chirt agus chun deis a thabhairt do na heintitis lena mbaineann bearta coigeartaithe a d'éiligh an tÚdarás a chur i bhfeidhm. Cé is moite de na fionraíochtaí, d'éiligh an RSA go gcuirfeadh ionaid tástála áirithe bearta coigeartaithe ar leith i bhfeidhm i gcás 23 cás de thoradh a bhfuair iniúchtaí amach.

D'eisigh soláthraí seirbhíse teicniúla an RSA, Bureau Veritas, 51 fógra treorach le linn 2015; bhí 7 gcinn acu fós gníomhach ag deireadh na bliana.

Níor aisghaireadh aon údarú le linn 2015.

Tá dlúthchaidreamh ag an RSA le hoibreoirí tástála CVR maidir leis an gclár athchóirithe feithiclí tráchtála a chur i bhfeidhm agus chun treoir a thabhairt dóibh faoina n-éilítear orthu go haonarach agus le chéile. D'oibrigh oibreoirí tástála agus tástálaithe go hiomlán i gcomhar leis an RSA le linn 2015 maidir leis an gClár um Athrú atá fós ar bun

## FORBHREATHNÚ AR AN NGNÍOMHAÍOCHT CHUN TACÚ LE COMHLÍONADH FEITHICLÍ AGUS TIOMÁNAITHE TRÁCHTÁLA IN 2015

### BUAICPHOINTÍ Ó 2015

1. Cuireadh tús le 279 ionchúiseamh maidir le sáruithe a fuarthas amach a bhain le huaireanta tiománaithe; tacagraif; an Treoir ar Am Oibre; CPC tiománaithe agus riachtanais i dtaca le ceadúnú oibritheora iompar bóthair.
2. Thángthas ar 276 feithicil a raibh lochtanna contúirteacha orthu agus tógadh de na bóithre iad.
3. Díríodh ar thionscail áirithe, ar thaobh an bhóthair agus ar áitreabh an oibreora, i rith na bliana agus béim ar leith ar oibreoirí/feithiclí a úsáidtear chun daltaí a thabhairt ar scoil agus abhaile arís agus oibreoirí/tiománaithe a bhíonn i mbun gníomhaíochta calaoisí ar nós mí-ionramhála tacagraif.
4. Tháinig ardú 7% ar chomhlíonadh ródacmhainneachta i dtionscal na mbusanna (cé is moite de bhusanna scoile) ó bhí 2014 ann.
5. Bhí dlúthbhaint ag oifigigh forfheidhmiúcháin le teicneolaíochtaí nua a chur ar fáil, glacadh páirte i dtreoracha agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht.
6. Rinneadh athbhreithniú ar na cleachtais oibre forfheidhmiúcháin ar fad i ndeireadh na bliana 2015 chun comhsheasmhacht agus caighdeán na gcigireachtaí a rinneadh a chinntiú agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin i bhfeidhm.
7. Rinneadh roinnt feabhsuithe córais le linn 2015 chun a chinntiú go leanann an córas de bheith ag tacú leis na húsáideoirí gnó ar fad a bhfeidhmeanna a chur i gcrích chomh héifeachtach agus is féidir. I measc na samplaí tá rochtain ar thairseach gréasáin a chur ar fáil d'ionaid tástála sa chaoi is gur féidir leo an dialann áirithintí a rochtain agus bainistíocht tascanna d'úsáideoirí inmheánacha a chuíchóiriú tuilleadh.
8. Cuireadh feabhas ar na seirbhísí atá ar fáil ar líne ag CVRT.ie tar éis athbhreithnithe inúsáidteachta agus aiseolas ó chustaiméirí a fháil. Tá sé anois níos éasca iarratais athnuachana ADR a dhéanamh ar líne, tugtar teachtaireachtaí níos soiléire d'úsáideoirí le linn an phróisis chlárúcháin ar líne do CVRT.ie agus tugadh tuilleadh feidhmiúlachta don fheidhmiúlacht ar líne "Check My CRW" .

Sa bhliain 2015, lean an RSA agus an Garda Síochána d'fhorfheidhmiú na comhstraitéise um fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair a bheidh ar bun go dtí an bhliain 2019 ar aon dul le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

BA É RÁTA COMHLÍONTACHTA FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA AG SEICPHOINTÍ AR THAOBH AN BHÓTHAIR

**57%**

**1,967**

SEICPHOINTE AR THAOBH AN BHÓTHAIR AR ABHFREASTAIL OIFIGIGH FHORFHEIDHMIÚCHÁIN RSA, MÉADÚ 14% AR 2014

## FORFHEIDHMIÚ NÍOS DÍRITHE BHEITH ANN...

Príomhphrionsabal de chuid straitéis forfheidhmithe RSA is ea tacú le hoibreoirí comhlíontacha trína chinntiú go ndírítear forfheidhmiú níos mó agus níos mó orthu siúd nach bhfuil ag comhlíonadh na rialacha, mar sin ag íoslaghdú an chuir isteach orthu siúd atá comhlíontach.

Glacadh roinnt céimeanna in 2015 chun tacú le forfheidhmiú níos dírithe, ina measc sin:


- Rinneadh faisnéis aip aimsithe fóin chliste a bhfuil rochtain uirthi ar thaobh an bhóthair a fhorbairt chun iad siúd atá neamhchomhlíontach a aithint agus rochtain éasca a éascú ar stair chomhlíontach ar thaobh an bhóthair.
- Cuireadh liosta faire de CRWanna caite i bhfeidhm ar chóras ANPR an Gharda Síochána agus seoladh é ina iomláine.
- Baineadh feidhm as dhá cheamara Shoghluaiste ANPR chun iad a úsáid ag seicphointí RSA ar thaobh an bhóthair agus baineadh leas as faisnéis ar neamhchomhlíontacht chun díriú ar chigireachtaí ar áitreabh.
- Láithreacha agus amanna seiceálacha ar thaobh an bhóthair a díríodh ar thionscadail ar leith agus bealaí oibreora is mó aithne.
- Cuireadh le feachtais feasachta ar son riachtanas féindearbhúcháin Oibreora HCV agus cuireadh le feachtais dhírithe.

**IS MINICE ATÁ FORFHEIDHMIÚ DÍRITHE ORTHU SIÚD IS MÓ ATÁ NEAMHCHOMHLÍONTACH AGUS A BHFUIL AN RIOSCA IS AIRDE AG BAINT LEO DO SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

## FÉINDEARBHÚ OIBREORA

Bhí roinnt céimeanna tógtha le linn 2015 chun feasacht a éascú agus a chur chun cinn ar an dualgas dlí d'oibreoirí chun Féindearbhú Oibreora a chur isteach ar líne chuig RSA gach bliain:

- cuireadh le tairseach ar líne an oibreora ag cvrt.ie.
- foilsíodh treoirleabhar míniúcháin i gcomhair oibreoirí HCV
- cuireadh feachtas feasachta ar fáil le hlonaid Tástála atá údaraithe ag HCV ar fud na tíre, le suíomh gréasáin agus oifig an Cheadúnaithe Oibreora Iompair Bóthair (RTOL), agus le cigirí teicniúla agus cigirí feithiclí RSA ag áitreabh oibreoirí agus ar thaobh an bhóthair.




Faoi mhí na Nollag 2015, bhí méadú suntasach ar chlárúcháin ar líne d'oibreoirí chuig CVRT.ie ann agus bhí 700 clárúchán in aghaidh na míosa ann.
*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## CVORI – TÁSCAIRE RIOSCA OIBREOIRÍ

Le linn 2015, rinneadh ceardlanna Dearadh Mionsonrach le Conraitheoir CoVIS chun seoladh pleananna táscaire riosca ghinearálta a chumasú in 2016

## AR THAOBH AN BHÓTHAIR

Ba é comhlíontacht ródacmhainneachta ar thaobh an bhóthair ag deireadh mhí na Nollag, 2015 57%, méadú beag ar 2014 (56%). Léirigh an bhliain 2014 agus an bhliain 2015 dul chun cinn maith ar an mbliain 2013 tráth a bhfuarthas nach raibh ach 44% (de bhusanna agus de thrucailí) HCV ann a bhí comhlíontach.

Is cúis imní é go fóill i gcás 7,487 nó 43% de HCVanna ar a raibh locht:


- bhí lochtanna contúirteacha ar 276 (2%) feithicil a thug údar le gníomh láithreach, amhail gaibhniú, deisiú ar an láthair nó tástáil nua.
- bhí méadú ann i dtaobh líon na HCVanna ar a raibh mórlochtanna, bhí 3,283 (32%) HCV ann in 2015 i gcomparáid le 2,869 (28%) HCV in 2014. Léiríonn an méadú seo i dtaobh mórlochtanna go bhfuiltear ag díriú níos mó ar fheithiclí a bhfuil an riosca is airde ag baint leo ar ár mbóithre,
- Bhí 8% de HCVanna a seiceáladh ar thaobh an bhóthair nach raibh diosca bailí CRW ar taispeáint acu, i gcomparáid le 7% de HCVanna in 2014.

In 2015, ghlac Cigirí Feithiclí an RSA páirt i 1,967 seicphointe ar thaobh an bhóthair leis an nGarda Síochána agus seiceáladh 17,319 feithicil tráchtála.

Ba laghdú 7% é sin ar líon na bhfeithiclí a seiceáladh nuair a chuirtear é i gcomparáid le 2014.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

NOCHT SEICEÁLACHA GO RAIBH **7,487 NÓ 43%** FEITHICIL ANN AR A RAIBH LOCHTANNA, BHÍ 8,226 FEITHICIL NÓ 44% FEITHICIL ANN IN 2014.




## FEITHICLÍ EARRAÍ TROMA (HGVANNA)

Imscrúdaíodh riocht ródacmhainneachta 14,732 HGV ar fad le catagóir thástáil CVR de HGV ar thaobh an bhóthair in 2015, agus aimsíodh go raibh locht de chineál éigin ar (6,194) 42% díobh seo. I gcás díobh siúd ar a raibh locht níor sainmhíníodh ach díreach os cionn 40% mar mhórlochtanna. Laghdú beag (1%) ar líon na bhfeithiclí ar a bhfuarthas lochtanna is ea é sin agus méadú 10% ar mhórlochtanna/lochtanna contúirteacha a bhrath ann. Léiríonn an méadú ar mhórlochtanna/lochtanna contúirteacha go bhfuil díriú níos éifeachtaí ann ar fheithiclí a bhfuil riosca ard ag baint leo.

## BUSANNA SCOILE

Ó lár na bliana 2015 ar aghaidh, dhírigh RSA d'aon ghnó ar earnáil na mbusanna scoile agus leanfar leis seo le linn 2016. Díreofar go mór ar bhusanna a úsáidtear chun daltaí a iompar agus cuirfear béim ar na busanna sin a mheastar a bhfuil an riosca is airde ag baint leo ar ár mbóithre. D'fhonn fáil réidh leis an gcontúirt a d'fhéadfadh a bheith ann. Déanfaidh an tÚdarás feasacht a ardú i measc scoileanna a bhfuil tuismitheoirí agus daoine eile ann a fhaigheann busanna go príobháideach chun comhlíontacht a fheabhsú ar fud na hearnála.



RINNEADH IMSCRÚDÚ AR RÓDACMHAINNEACHT **661** BUS SCOILE SAN IOMLÁN AR THAOBH AN BHÓTHAIR IN 2015 I GCOMPARÁID LE 865 BUS SCOILE A IMSCRÚDAÍODH AR THAOBH AN BHÓTHAIR IN 2014

**47%** CÉATADÁN NA MBUSANNA SIN AR AIMSÍODHGO RAIBH LOCHT DE CHINEÁL ÉIGIN ORTHU I GCOMPARÁID LE 48% IN 2014.

**27%** A SAINMHÍNÍODH MAR MHÓRLOCHTANNA/LOCHTANNA CONTÚIRTEACHA, I GCOMPARÁID LE 17% IN 2014.




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## BUSANNA – SEACHAS BUSANNA SCOILE


Imscrúdaíodh riocht ródacmhainneachta 654 feithicil ar fad le catagóir thástáil CVR feithicle paisinéara (seachas busanna scoile) ar thaobh an bhóthair in 2014. Aimsíodh go raibh lochtanna ar 54% díobh seo. 28% díobh a sainmhíníodh mar mhórlochtanna. Áiríonn an chatagóir seo feithiclí le níos mó ná 8 suíochán paisinéara, a bhfuil an chuid is mó acu in ann níos mó ná 14 phaisinéir a iompar.

## NA PRÍOMHCHINEÁLACHA LOCHTANNA A AIMSÍODH AR FHEITHICLÍ TRÁCHTÁLA AR THAOBH AN BHÓTHAIR LE LINN 2015







**LOCHT A BHAIN LE FONNADH/CROCHADH:**
Meirge leitheadach ar chrochadóir sprionga an leathleantóra



**LOCHT A BHAIN LE CROCHADH:**
Lárbholta an sprionga scaoilte agus u-bholtaí scaoilte.



**LOCHT AR THREALAMH COSCÁNAITHE:**
Feadán coscáin clampáilte le bísghreamán agus cleibhí coscáin bainte

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## SEICEÁLACHA AR ÁITREABH OIBREOIRÍ: DUALGAIS CHOTHABHÁLA AGUS DEISÍUCHÁIN

Sa bhliain 2013, cuireadh dualgais nua ar oibreoirí agus ar úinéirí feithiclí tráchtála chun córais deisiúcháin agus chothabhála a bheith i bhfeidhm acu. Le linn 2015, rinneadh 3,502 cigireacht ar áitreabh. Astu seo, aimsíodh go raibh córais imleor i bhfeidhm ag 32% agus tugadh oideachas agus comhairle don 68% a bhí fágtha agus marcáladh iad le haghaidh athchuairte.

Le linn 2015, rinneadh 568 cigireacht leantach ónar eisíodh 93 fógra treorach ar son neamhchomhlíonadh.

Tá ráta comhlíontacha na gcóras cothabhála ag feabhsú seasta ó ráta 24% ar an gcéad chuairt go ráta 75% ar an dara cuairt.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

LE LINN 2015

**568**

CIGIREACHT LEANTACH ÓNAR EISÍODH 93 FÓGRA TREORACH AR SON NEAMHCHOMHLÍONADH.

In 2015 bhí 44% de na hoibreoirí a roghnaíodh le cigireacht a dhéanamh orthu ina n-oibreoirí ceadúnaithe agus bhí 56% faoin gcéad ann a raibh a gcuntas féin acu.

**Seiceálacha ar Oibreoirí – dualgais Chothabhála agus Deisiúcháin 2015 ceadúnaithe vs. neamhcheadúnaithe**

Leagtar amach sa tábla thíos na comparáidí idir oibreoirí ceadúnaithe agus oibreoirí neamhcheadúnaithe (cuntas féin) a seiceáladh i dtaobh chomhlíonadh na ndualgas cothabhála agus deisiúcháin.

| | Ceadúnaithe | Neamhcheadúnaithe |
|---|---|---|
| **Oibreoirí ar tugadh cuairt orthu** | 41% | 59% |
| **Ráta foriomlán comhlíontachta** | 59% | 74% |
| **Comhlíontacht 1ú Cuairt** | 32% | 34% |
| **Comhlíontacht 2ú Cuairt** | 72% | 61% |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Seiceálacha ar Oibreoirí – Dualgais Chothabhála agus Deisiúcháin – Busanna**

In 2015, rinneadh 645 cigireacht ar áitreabh ag oibreoirí bus inar seiceáladh comhlíonadh dualgas cothabhála agus deisiúcháin. Astu seo, aimsíodh go raibh córais imleor i bhfeidhm ag 53% agus tugadh oideachas agus comhairle do 47% agus marcáladh iad le haghaidh athchuairte.

Rinneadh 253 cigireacht leantach ag oibreoirí bus in 2015. Astu seo, aimsíodh go raibh córais imleor i bhfeidhm ag 78% agus moladh tuilleadh gníomh forfheidhmiúcháin i gcás an 22% a bhí fágtha.

Tháinig feabhsú ar ráta comhlíontachta na gcóras cothabhála ag oibreoirí bus ó 37% ar an gcéad chuairt go 78% ar an dara cuairt.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Seiceálacha ar Oibreoirí – Dualgais Chothabhála agus Deisiúcháin – Feithiclí Earraí**

In 2015, bhí 2,758 cigireacht ar áitreabh ann inar seiceáladh comhlíonadh dualgas cothabhála agus deisiúcháin ag oibreoirí a raibh feithiclí earraí ann.
Astu seo, aimsíodh go raibh córais imleor i bhfeidhm ag 32% agus tugadh oideachas agus comhairle don 68% a bhí fágtha agus marcáladh iad le haghaidh athchuairte.

Tosaíodh gníomh forfheidhmiúcháin i ndeireadh 2014, agus rinneadh 246 cigireacht leantach ag oibreoirí a raibh feithiclí earraí ann in 2015. Astu seo, aimsíodh go raibh córais imleor i bhfeidhm ag 71% agus moladh tuilleadh gníomh forfheidhmiúcháin i gcás an 29% a bhí fágtha.

Tháinig feabhas ar ráta comhlíontacha na gcóras cothabhála ag oibreoirí earraí ó 28% ar an gcéad chuairt go 71% ar an dara cuairt.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*


THÁINIG FEABHAS AR RÁTA COMHLÍONTACHA NA GCÓRAS COTHABHÁLA AG OIBREOIRÍ EARRAÍ Ó 28% AR AN GCÉAD CHUAIRT GO

**71%**

AR AN DARA CUAIRT.

## TACAGRAF DIGITEACH

Phróiseáil RSA 15,238 Cárta Tacagraif Dhigiteach in 2015, fuarthas 85% díobh sin trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne. Tá éifeachtúlachtaí oibriúcháin níos fearr ann laistigh den aonad próiseála Tacagraif Dhigitigh dá bharr sin agus tá costais riaracháin laghdaithe ann. Tá buntáiste sa bhreis i gceist leis chomh maith i gcás an chustaiméara toisc go bhfuil sé níos saoire (€45 in áit €60 le haghaidh iarratais poist) agus tá sé le fáil 24/7. Ceapadh soláthróir nua cártaí in 2015 a chuaigh i mbun na cártaí a tháirgeadh in Q3. Tá feabhas ar eispéireas an chustaiméara dá bharr ós rud é go bhfuil agaí comhlánaithe idir 7 agus 10 lá ann i gcomhair táirgeadh agus seachadadh cártaí.



# 34

# FORFHEIDHMIÚ UAIREANTA TIOMÁNAITHE AGUS TACAGRAIF, LENA N-ÁIRÍTEAR CEADÚNÚ OIBREOIRÍ

Forfheidhmíonn Oifigigh Iompair RSA na rialacha i dtaobh uaireanta tiománaithe, na rialacháin i dtaobh tacagraf agus ceadúnú oibreoirí agus CPC tiománaithe ar thaobh an bhóthair agus ag áitreabh oibreoirí. Tá forfheidhmiú éifeachtach fíorthábhachtach chun comhlíontacht a mhéadú. Is é an ceist mhór anseo ná sábháilteacht ar bhóithre, toisc go bhfuil na rialacha seo dírithe ar thuirse tiománaithe a sheachaint i gcás tiománaithe feithiclí tráchtála a chaitheann an tréimhse is faide ar na bóithre. Meastar go bhfuil tuirse tiománaithe ina toisc rannpháirteach i thart ar cheann amháin as gach cúig imbhualadh mharfacha in Éirinn. Ní hamháin go bhfuil an dlí á shárú ag tiománaithe agus ag oibreoirí nach gcomhlíonann na rialacha ach tá siad ag fágáil iad féin agus úsáideoirí eile bóithre gan cosaint ar ghuais mhór sábháilteachta ar bhóithre.

- Braitheadh 1,947 sárú ar na rialacháin le linn cigireachtaí a rinneadh ar thaobh an bhóthair in 2015
- Bhí laghdú 19% ar thaobh an bhóthair ann ar líon na sáruithe ar rialacháin a bhain le huaireanta tiománaithe, ceadúnú agus tacagraf i gcomparáid le 2014.
- Léiríonn laghdú 17% ar líon na ráiteas a tógadh ó oibreoirí agus ó thiománaithe ar thaobh an bhóthair ag deireadh na bliana 2015 go bhfuil iompraíocht chomhlíontach ag feabhsú.

Tá trealamh faighte agus in úsáid le cabhrú le hOifigigh Iompair mí-ionramháil tacagraif a bhrath ar thaobh an bhóthair agus in áitreabh oibreora araon. Tá calaois agus ionramháil a bhrath mar phríomhthosaíocht i gcomhair 2016 nuair a dhéanfar imscrúduithe a dhíreoidh go speisialta ar ghléasanna ionramhála a bhrath chun brath ar oibreoirí agus ar thiománaithe neamhscrupallacha a shocraíonn dul i mbun na ngníomhaíochtaí contúirteacha seo.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**212**
**IONCHÚISEAMH AG NA SEICEÁLACHA SEO AR THAOBH AN BHÓTHAIR LE LINN 2015 I LEITH RÉIMSE CIONTA.**

## SEICEÁLACHA AR THAOBH AN BHÓTHAIR: DUALGAIS MAIDIR LE HUAIREANTA OIBRE, TACAGRAF AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Le linn na bliana 2015, ghlac Oifigigh Iompair an RSA páirt in 846 seiceáil ar thaobh an bhóthair agus rinne siad imscrúdú ar 72,805 taifead ama tiomána i gcás 2,911 tiománaí. Tá seo i gcomparáid le 1,000 seiceáil agus 3,669 imscrúdú tiománaithe in 2014.

Tionscnaíodh 212 ionchúiseamh ag na seiceálacha seo ar thaobh an bhóthair le linn 2015 i leith réimse cionta.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## SEICEÁLACHA AR OIBREOIRÍ: DUALGAIS MAIDIR LE HUAIREANTA OIBRE; TACAGRAF AGUS CEADÚNÚ

Rinneadh 423 cigireacht ar áitreabh oibreoirí in 2015 i gcomparáid le 523 in 2014. Le linn na bliana 2015, sheiceáil Oifigigh Iompair 4,884 tiománaí ag na cigireachtaí sin agus rinneadh anailís ar 692,338 taifead. Tá seo i gcomparáid le 5,113 tiománaí agus 721,440 taifead a seiceáladh in 2014.

Tá laghdú 19% ann ar 2014 i dtaobh líon na gcigireachtaí ar áitreabh inar seiceáladh comhlíonadh uaireanta tiománaithe, tacagraif agus ceadúnaithe. Tháinig méadú 13% ar líon na sáruithe a bhrath ag na cigireachtaí seo in 2015, a léiríonn go bhfuil na cigireachtaí níos dírithe agus go bhfuil siad bunaithe ar riosca níos mó.

**LE LINN 2015, SHEICEÁIL OIFIGIGH IOMPAIR**
**4,884**
**TIOMÁNAÍ AG NA CIGIREACHTAÍ SIN AGUS RINNEADH ANAILÍS AR 692,338 TAIFEAD.**

## CIGIREACHTAÍ AR ÁITREABH OIBREOIRÍ - UAIREANTA TIOMÁNAITHE & TACAGRAF - MIONDEALÚ AR CHUNTAS FÉIN VS CUNTAS CEADÚNAITHE

Tá roghnúchán na n-oibreoirí i gcomhair cigireachtaí ar áitreabh bunaithe ar líon critéar, ina bhfuil tús áite tugtha do na cinn a meastar riosca ard a bheith ag baint leo. Déantar an riosca sin a dheimhniú trí rátaí braite ar thaobh an bhóthair agus i gcás sáruithe tromchúiseacha a bhrath roghnaítear na hoibreoirí sin le haghaidh dianchigireacht ar áitreabh

| | Móriomlán | Cuntais Féin | Cheadúnaithe |
|---|---|---|---|
| 2013 | 103 | 277 | 380 |
| 2014 | 143 | 383 | 526 |
| 2015 | 113 | 310 | 423 |
| **Iomlán** | **359** | **970** | **1329** |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## RATH RSA SA CHÚIRT 2015

Chuir RSA 169 cás i gcrích go rathúil sna Cúirteanna Dúiche le linn 2015 (i gcomparáid le 166 cás in 2014). Ba le sáruithe ar rialacha i dtaobh uaireanta tiománaithe agus tacagraif a bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa Chúirt.

Is ar shuíomh Gréasáin an RSA ag www.rsa.ie/prosecutions a fhoilsítear na torthaí ó chásanna an RSA.

Ábhar imní go fóill is ea leibhéal na bpionós a bhíonn á bhforchur ag an gCúirt de bharr cionta tromchúiseacha sábháilteachta ar bhóithre maidir le huaireanta tiománaithe agus rialacha tacagraif, ach aithnítear gur faoin gCúirt sin amháin a bhíonn sé an cinneadh a dhéanamh. I mí na Nollag 2015, chuir RSA tús le hathbhreithniú ar smachtbhannaí chun a chinntiú go gcruthaíonn siad díspreagadh tráthúil agus éifeachtach don neamhchomhlíonadh ag ciontóirí a bhfuil neamhaird oscailte acu do na rialacha, agus ag an am céanna tacú le hoibreoirí comhlíontacha. Táthar ag súil go ndéanfar moltaí a chur chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt lena mbreathnú de bharr an athbhreithnithe.

35

# CUMARSÁID & OIDEACHAS FORFHEIDHMIÚCHÁIN

D'fhoilsigh RSA raon faisnéise agus ábhar treorach, lena n-áirítear físeáin, chun cabhrú le hoibreoirí na dualgais dhlíthiúla éagsúla atá orthu a chomhlíonadh. Fógraíonn RSA go rialta i nuachtáin náisiúnta agus ar an raidió. D'fhreastail RSA ar a lán comhdhálacha/seimineár tionscail i rith 2015, ag roinnt eolais trí chuir i láthair. Tá físeáin ar fáil ar chainéal YouTube RSA.

Tá an t-ábhar comhairleach agus treorach ar fad ar fáil ar www.CVRT.ie agus www.rsa.ie

Scaiptear faisnéis ag seicphointí ar thaobh an bhóthair, ag cúrsaí CPC Tiománaithe, ag seimineáir agus trí ionaid eile. Foilsíonn an RSA ailt freisin in irisí trádála ar nós Fleet Magazine. Bíonn teagmháil leanúnach idir an RSA agus na cumainn éagsúla ionadaíocha maidir le saincheisteanna agus le malartú faisnéise. Creideann an RSA go mbaineann ríthábhacht leis na hidirghníomhartha sin maidir le feabhas a chur ar thuiscint, le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus le comhlíonadh a fheabhsú.



36

# NCTS

1,492,176

TÁSTÁIL IOMLÁN DÉANTA – AN LÍON IS AIRDE TÁSTÁLACHA I STAIR NA TÁSTÁLA NÁISIÚNTA CARRANNA.

## ROINNT BUAICPHOINTÍ Ó 2015

- Rinneadh 1,492,176 tástáil iomlán – an líon is airde tástálacha i stair na Tástála Náisiúnta Carranna
- Fuarthas 2.37m locht
- Measadh go raibh 6,422 feithicil chomh lochtach sin go raibh siad contúirteach
- Cuireadh 5 lána nua tástála ar fáil
- Méadaíodh líon Cigirí Feithiclí ó 538 ag deireadh 2014 go 614 ag deireadh 2015.
- Cuireadh leis na huaireanta fada oscailte agus solúbtha NCT chun freastal ar chustaiméirí le seirbhís 24 uair an chloig a chur ar fáil in 2 ionad in 2015.

*Foinse: NCTS, Nollaig 2015*

## FAOI NCTS

Tugadh NCT isteach in 2000 agus tá sí éigeantach i gcás carranna atá os cionn ceithre bliana d'aois. Cuirtear ar fáil í i gcomhréir le Treoir 2009/40/CE agus Treoir 2010/48/AE. Tá sí ina cuid mhór de Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn agus bhí ról riachtanach aici chun líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú. Tá ról NCT chomh tábhachtach céanna mar bheart coisctheach um shábháilteachta ar bhóithre. Nuair a tugadh NCT isteach den chéad uair, theip ar bhreis agus 4% d'fheithiclí de bharr locht contúirteach. Ó shin i leith tá méadú mór ar líon agus aois na gcarranna atá ar ár mbóithre. Sa lá atá inniu ann, chiallódh sé sin 60,000 feithicil lochtach a bheith ar ár mbóithre mura mbeadh NCT againn. In 2015 ba é 6,422 an figiúr a bhí ann. Is éard atá i gceist le NCT ná seiceáil bhunúsach ar ródacmhainneacht na ngnéithe sábháilteachta fíorthábhachtacha amhail soilsiú, coscáin agus boinn gan aon chuid den fheithicil a dhíchóimeáil.

Tá Applus Car Testing Service Ltd (An Conraitheoir NCT) freagrach as feidhmiú na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna (NCTS) in Éirinn.

Cuirtear an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna (NCTS) ar fáil i 47 ionad tástála ar fud na tíre agus bhí breis agus 880 ball foirne fostaithe ann ag deireadh 2015.

Cuireann an Conraitheoir NCT seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil ina gcuirtear an-bhéim ar chustaiméirí agus ar shaineolas chun measúnú ar gach feithicil a dhéanamh ar bhealach cóir agus comhsheasmhach.

Is é ról RSA maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an chonartha ag Applus thar ceann an Stáit, tacú leis an gconraitheoir agus nuair a thagann saincheisteanna chun cinn, a bheith in ann déileáil leo.

CUIRTEAR NCTS AR FÁIL I

47 IONAD TÁSTÁLA

AR FUD NA TÍRE AGUS BHÍ BREIS AGUS 880 BALL FOIRNE FOSTAITHE ANN AG DEIREADH 2015.

## ÉILEAMH IN 2015

Níl an t-éileamh roinnte go cothrom ar feadh na bliana agus 50% de na carranna ar a bhfuil tástáil le déanamh le déanamh sna chéad trí mhí agus tá suas le 80% le déanamh sna chéad sé mhí de bhliain ar bith. Tarlaíonn sé sin toisc go bhfuil baint ag an dáta tástála leis an dáta clárúcháin agus déantar formhór mór na bhfeithiclí a cheannach agus a chlárú sa chéad chuid den bhliain.

Le blianta beaga anuas cuireadh roinnt straitéisí i bhfeidhm chun cuidiú leis an éileamh a roinnt. Rinneadh muirir sheasta agus trí phointe pionóis a thabhairt isteach, an 8 Nollaig 2014, as carr a úsáid gan NCT agus bhí sé sin an-éifeachtach chun tiománaithe neamhchomhlíontacha a thabhairt isteach sa chóras NCT. Bhí dul chun cinn níos fearr ná riamh i dtaobh comhlíontachta míosa in Eanáir 2014 agus comhlíontacht 38% ann i gcomparáid le 63.35% i mí na Nollag 2015.


Tá buntáistí móra i gcomhair sábháilteacht ar bhóithre ann de bharr an dul chun cinn seo i dtaobh comhlíontachta, ach, ag an am, bhí éileamh níos mó ná riamh ar thástálacha luatha agus mar bharr ar an donas bhí líon mór carranna ann a bhí mall leis an tástáil a dhéanamh. Chuir an conraitheoir NCT roinnt feabhsúchán seirbhísí custaiméara i bhfeidhm chun an t-éileamh a choimeád faoi smacht. Rinneadh lánaí nua tástála a chur leis an Nás, Port Laoise, an Muileann gCearr, an Bhlarna agus Inis Córthaidh. Earcaíodh Cigirí breise Feithiclí agus d'fhág sin go raibh 614 cigire ann ag deireadh na bliana 2015 i gcomparáid le 538 ag deireadh na bliana 2014. Cuireadh acmhainn bhreise ar bun agus 3ú seal i roinnt ionad ina raibh tástáil ó 7am go 11.30pm. Cuireadh tástáil 24 uair an chloig ar fáil i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, de réir mar ba ghá. Suiteáladh 30 líne nua theileafóin san ionad glaonna agus cuireadh 10 n-áit lena achar. Seoladh suíomh gréasáin nua so-úsáidte agus tháinig an-fheabhas ar shealanna tástála a bhí ar fáil. Rinneadh feachtais fógraíochta a bhí dírithe ar lucht spéise ar leith thar scata seachtaine agus d'éirigh go han-mhaith leo.

Ina theannta sin, i gcás dóibh siúd a raibh tástáil le déanamh acu fuair siad cúpla fógra faoin dualgas tástáil a dhéanamh lena chinntiú go raibh siad ar an eolas faoi na tástálacha a bhí ar fáil go héasca i gcaitheamh na bliana.

Faoi dheireadh na bliana 2015 bhí an meántréimhse feithimh laghdaithe ó 31 lá i mí Eanáir go 7.5 lá.

*Foinse: NCTS, Nollaig 2015*






*Foinse: NCTS, Nollaig 2014-2015*

Tá na pasrátaí i gcás fhormhór na n-ionad tástála laistigh de 6% den mheán náisiúnta. Beidh mionlach ionad tástála ann a bheidh taobh amuigh den raon seo toisc go bhfuil cuid mhaith tosca ann a bhfuil tionchar acu ar phasráta / theipráta agus atá ina gcúis le teiprátaí difriúla de bharr an méid seo a leanas:

- Meascán aoise na bhfeithiclí a tástáladh i láthair amháin i gcomparáid le láthair eile (mar shampla, tá pasráta 77% ag feithiclí 4 bliana d'aois, cé go bhfuil pasráta 38% ag seanfheithiclí 10+ mbliana d'aois). Tá tionchar ag an meascán aoise mar sin ar an bpasráta ar an iomlán.
- Tá éifeacht mór ag míleáiste an chairr ar phasrátaí chomh maith, dá mhéad míleáiste atá ar an bhfeithicil is mó seans go dteipfidh air. Tá an-tionchar aige sin ar roinnt láithreacha tuaithe. Mar shampla, in 2013, 2014 agus 2015 bhí an teipráta ab airde sa tír ag an Ionad NCT ar an gClochán. Bhí na léamha odaiméadair ar charranna ar an gClochán idir 15,000 agus 25,000 uair ní b'airde ná na hionaid a raibh an teipráta ab ísle iontu sna blianta sin.
- Déanann a choitianta atá cineálacha agus múnlaí ar leith feithiclí a tástáladh difríocht mhór do phasrátaí. Mar shampla, tá pasráta atá chomh hard le 59% ann i gcás roinnt cineálacha feithiclí ar bhonn náisiúnta. Is rud eile ar fad é sin i gcomparáid le pasráta 39% a bheith ann i gcás mórbhranda eile. Déanfaidh difríochtaí áitiúla sna saghsanna feithiclí difear don phasráta.
- Próifíl dhifriúil úsáide feithiclí agus tionchar na dtimpeallachtaí éagsúla e.g. tuaithe, cósta, uirbeach.
- Difríochtaí ó thaobh an bhail atá ar na bóithre i gceantar ar leith, a fhéadfaidh a bheith ina chúis le coitiantacht míreanna teipthe amhail coscáin nó comhpháirteanna crochta, mar shampla.

Níl NCTS dírithe ar phasráta coitianta/mhíreanna teipe, is é an bhéim atá ann a chinntiú go bhfuil gach tástáil á dhéanamh i gceart. Déanann an Conraitheoir NCT na torthaí tástála a athbhreithniú ar bhonn leanúnach lena dheimhniú go mbíonn cáilíocht agus caighdeáin á gcoinneáil i gcónaí i gcás ionad tástála agus tástálaithe. Tugann RSA faoi bhreathnóireacht neamhspleách rialta ar thástálaithe feithiclí chomh maith, anailísí sonraí atá dírithe ar raon 'tosca riosca', cláir chomhsheasmhachta trealamh tástála agus cláir rúnsiopaera chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar ardchaighdeán na tástála.


## PASRÁTAÍ TÁSTÁLA IOMLÁINE V PASRÁTAÍ ATÁSTÁLA (2008-2015)

**Pasrátaí Tástála Iomláine v Pasrátaí Atástála (2008-2015)**

| | Tástáil Iomlán | Tástáil Iomlán % Pasráta | Atástáil | Atástáil % Pasráta |
|---|---|---|---|---|
| 2008 | 835,802 | 51.90% | 402,125 | 86.80% |
| 2009 | 864,499 | 51.50% | 367,467 | 90.70% |
| 2010 | 893,664 | 51.70% | 419,077 | 90.60% |
| 2011 | 984,968 | 50.50% | 464,337 | 90.50% |
| 2012 | 1,067,985 | 48.30% | 532,586 | 90.50% |
| 2013 | 1,170,899 | 46.60% | 614,035 | 90.50% |
| 2014 | 1,344,265 | 48.40% | 682,365 | 90.90% |
| 2015 | 1,492,176 | 48.90% | 767,675 | 90.90% |

*Foinse: NCTS, Nollaig 2015*

**Tástálacha NCT agus atástálacha NCT 2008 - 2015**




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## DEIMHNIÚ ISO 17020

Tá creidiúnú ISO 17020 ag Applus Car Testing Service Ltd a bhronn an Bord Náisiúnta Creidiúnaithe (INAB) air.

## MONATÓIREACHT AR NCTS

Agus cúnamh á fháil aige ón gConraitheoir Seirbhísí Maoirseachta (SSC), ó PwC, agus ó Chonraitheoir Gnéithe Teicniúla (TEC), AA Ireland Ltd, déanann an RSA monatóireacht ar chomhlíonadh príomh-mhéadrach feidhmíochta agus ar chomhlíonadh comhaontuithe seirbhíse chonraitheoir an NCTS.

Ní mór do chonraitheoir an NCTS roinnt caighdeáin thábhachtacha feidhmíochta a chomhlíonadh ar bhonn ráithiúil, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Ní mór an meán-am feithimh ar áirithint tástála ar fud na seirbhíse ina hiomláine a bheith níos lú ná 14 lá agus ní mór é a bheith níos lú ná 21 lá in ionaid tástála aonair.
- Ní mór an meán-innéacs ilchodach feidhmíochta a bhaineann le hiniúchtaí oibriúcháin na nIonad Náisiúnta Tástála Carranna a bheith cothrom le 90%. Áirítear leis sin iniúchtaí ar gach gné den tseirbhís, amhail áitreabh, comharthaíocht, áiseanna, nósanna imeachta, seirbhís do chustaiméirí agus tástáil seiceálacha.

*Foinse: NCTS, Nollaig 2015*

**80%**
**AN CÉATADÁN D'ÚINÉIRÍ AR GÁ A GCARRANNA A THÁSTÁIL 4-6 SEACHTAINE ROIMH DHÁTA DLITE NA TÁSTÁLA.**

**NÍ MÓR DON LEIBHÉAL SÁSTACHTA CUSTAIMÉIRÍ LEIS AN TSEIRBHÍS NÁISIÚNTA TÁSTÁLA CARRANNA, DE RÉIR SHAINMHÍNIÚ AN INNÉACS ILCHODAIGH FEIDHMÍOCHTA DO CHUSTAIMÉIRÍ, A BHEITH COTHROM LE**
**80%**

## SEICEÁLACHA COMHSHEASMHACHTA

Tugtar faoi thástálacha comhsheasmhachta ceithre huaire in aghaidh na bliana. Déantar iad trí fheithicil amháin a thástáil ar gach ceann den 103 lána tástála sa 47 ionad tástála NCT. Cinntíonn sé sin go mbíonn torthaí trealaimh comhsheasmhach le chéile agus go dtagann siad faoi lamhálltais is inghlactha ionas gur féidir leis an RSA agus leis an bpobal a bheith muiníneach gurb ionann caighdeáin an trealaimh thástála do gach ionad. Breathnaíonn an TEC ar shraith amháin seiceálacha comhsheasmhachta ar a laghad gach bliain.

**99%**
**AN CÉATADÁN DE THORTHAÍ NACH MÓR A DHEIMHNIÚ A BHEITH CRUINN AGUS AN TÁSTÁIL Á SEICEÁIL.**

## SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA NCT

Cuireann NCTS seirbhís fhreagrúil sholúbtha ar fáil a chuidíonn le custaiméirí seacht lá na seachtaine agus a chuidíonn leo taobh amuigh d'uaireanta an ghnáthmhúnla naoi go dtí a cúig. Féadfar tástálacha a chur in áirithe am ar bith, tá an t-ionad glaonna le fáil ó 8am go 8pm Luan go Déardaoin agus ó 8am go 6pm ar an Aoine. Freagraítear níos nó ná 90% de ghlaonna laistigh de 15 soicind. Tá formhór na n-ionad ar oscailt seacht lá na seachtaine agus tá trí oscailt dhéanacha ar a laghad ann gach seachtain go dtí 10pm. Tá uaireanta oscailte níos faide le fáil má bhíonn gá leis agus cuireann roinnt ionad tástáil ar fáil ó 7am go dtí 11.30pm. Chun cuidiú le tiománaithe, féadfar tástálacha a chur in áirithe suas go 90 lá roimh an dáta ar a bhfuil tástáil le déanamh gan tionchar a bheith aige ar dháta éaga an deimhnithe eisithe. Tugann an tsolúbthacht seo an deis do dhaoine an ceanglas reachtúil seo a chomhlíonadh gan am saor a ghlacadh ón obair lena dhéanamh.

*Foinse: NCTS, Nollaig 2015*

## GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC

Má thagann aon saincheisteanna chun cinn tá próiseas trédhearcach ann ina bhfuil sásra i bhfeidhm chun saincheisteanna a thuairisciú do NCTS agus/nó iniúchadh a dhéanamh orthu go neamhspleách. Tá sé de cheart ag custaiméir ar bith gearán a chur faoi bhráid NCTS nó achomharc a dhéanamh chuig an mBord Neamhspleách um Achomhairc atá á reáchtáil ag AA agus déanfar iniúchadh iomlán air. Tá líne theileafóin rúnda sceithire, (01)6309319, agus r-phost, integrity@ncts.ie, ag NCTS chomh maith. Tá na sonraí ar fad le fáil ar shuíomhanna gréasáin RSA agus NCTS.

*Foinse: NCTS, Nollaig 2015*

## AN MÉID A IMSCRÚDAÍONN TÁSTÁIL NCT

Is éard atá sa NCT, ná tástáil seiceála tráthrialta go gcomhlíonann an fheithicil na bunriachtanais gan aon chuid den fheithicil a dhíchóimeáil. Déantar a sheiceáil, ag pointe áirithe, go bhfuil na comhpháirteanna, a bhfuil tástáil le déanamh orthu, ar comhpháirteanna iad atá sofheicthe agus inrochtana, ag cloí leis an mbunriachtanas. Ní baránta í, ná ní seirbhís dhiagnóiseach í agus i gcás úinéirí carr ní mór go ndéantar cothabháil ar a bhfeithicil agus é a dheisiú ar bhonn leanúnach.


Tá na míreanna go léir a thástáiltear ag NCT leagtha síos i Lámhleabhar NCT ar féidir é a fheiceáil ar rsa.ie.

Tá an méid seo a leanas i measc na míreanna a thástáiltear:

- Coscáin
- Rotha agus boinn
- Stiúradh agus crochadh
- Córais leictreacha
- Tras-seoladh
- Córas breosla
- Astúcháin sceithphíopa
- Soilse
- Fonnadh agus fo-chabhail
- Gloine agus scátháin
- Criosanna sábhála


## An Chomhpháirt/ An Réimse is coitianta ina dteiptear - NCT

Is iad seo na chéad cúig chúis is mó le Teip ag an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna.





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## Na Míreanna tástála is coitianta a dteiptear iontu - Mír Theipe Amhairc NCT




## Na Míreanna tástála is coitianta a dteiptear iontu - Mír Theipe Trealaimh NCT




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

# 37

# CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ

In 2015, lean Rannóg Caighdeáin Feithiclí RSA ar aghaidh lena clár oibre ar mhaithe le sábháilteacht feithiclí:

## RIALACHÁIN NA GCOMHPHOBAL EORPACH MAIDIR LE MÓTARFHEITHICLÍ A CHINEÁLCEADHÚ (ECWVTA) MÓTARFHEITHICLÍ FAOI THIOMÁINT 4+ ROTH

Ar an 4 Nollaig bhí comhairliúchán poiblí ar siúl ar nuashonruithe a bhí beartaithe maidir le I.R. Uimh. 158 de 2009 (Rialacháin faoi Chineálcheadú). Cuireadh leasuithe teicniúla ar scéimeanna NSSTA (Cineálcheadú Náisiúnta Sraitheanna Beaga) agus ar IVA (Ceadú Feithiclí Aonair) chun cinn. Áirítear orthu sin leibhéil astaíochta (Euro VI) níos déine i gcomhair feithiclí tromshaothair a thabhairt isteach, Ardchóras Coscánaithe Éigeandála (AEBS) agus Córas Rabhaidh Fágála Lána (LDWS) d'fheithiclí iomchuí a thabhairt isteach.



## CINEÁLCHEADÚ DON FHEITHICLE IOMLÁN (ECWVTA) MÓTARFHEITHICLÍ FAOI THIOMÁINT 2 & 3 ROTH

Tá éifeacht le rialachán nua cineálcheadaithe, Rialachán AE Uimh. 168/2013 ón 1 Eanáir 2016 agus tá feidhm aige maidir le gach feithicil faoi thiomáint dhá agus trí roth thuas i.e. móipéid, gluaisrothair, gluaisrothair ar a bhfuil carr cliathánach agus mótar tríthothaigh, agus cuadrothair, i.e. cuadrothair, bugaithe agus mioncharranna. Trasuíodh an Rialachán seo i ndlí na hÉireann le IR 614 de 2015 agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é an 22 Nollaig 2015.

## CAIGHDEÁIN TIONSCAIL SEIRBHÍSE AGUS DEISIÚCHÁIN

Rinneadh Mír Gnímh 66 agus Mír Gnímh 99 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013—2020 a thabhairt le chéile agus cuireadh tús in 2015 le hathbhreithniú ar na caighdeáin a d'úsáid seirbhísí cothabhála feithiclí agus deisiúcháin in Éirinn agus ar chaighdeán na hoibre a rinne siad. Trí phróiseas comhairliúcháin leathan le páirtithe leasmhara, d'oibrigh RSA le comhlachtaí tionscail chun réimsí a aithint arbh fhéidir a fheabhsú i dtaobh na gcaighdeán a úsáidtear sa tionscal seirbhísí agus deisiúcháin. In 2016, cuirfidh RSA sraith moltaí ar fáil chun sochair a sholáthar do na príomhréimsí a aithníodh.

## FEASACHT CUSTAIMÉIRÍ A CHUR CHUN CINN FAOIN NGNÁ CARRANNA ATHLÁIMHE A SHEICEÁIL GO NEAMHSPLEÁCH SULA GCEANNÓFAR IAD

Sheol RSA feachtas cumarsáide in Q4 2015 chun cur le feasacht an phobail i dtaca leis an tábhacht go seiceálfaidh meicneoir go neamhspleách carranna athláimhe sula gceannófar iad. Chuir an feachtas meán fógraí áitiúla/náisiúnta raidió ar fáil lenar ghabh seoladh feachtas suntasach meán digiteach ceithre seachtaine ar na príomhshuíomhanna gréasáin carranna athláimhe ar fad. Moladh sna príomhtheachtaireachtaí nach baránta é NCT agus comhairle neamhspleách a lorg ó mheicneoir chun a shoiléiriú go bhfuil bail mhaith mheicniúil ar an bhfeithicil.

## CEADANNA SPEISIALTA D'FHEITHICLÍ ÁIRITHE

In 2015, phróiseáil RSA iarratais ar 82 (síos ó 85 in 2014) ceadúnú speisialta, ag ligean d'fheithiclí nach gcloíonn go hiomlán le rialacháin feithiclí 'in úsáid' bheith in úsáid ar an mbóthar poiblí.

## CEADÚNÚ ADR

Bhronn RSA 2,578 ceadúnas ADR in 2015. In Q4 2014, d'fhorbair RSA córas chun é a chur ar chumas oibreoirí iarratas a dhéanamh ar dheimhnithe ADR ar líne. Faoin 1 Nollaig 2015, bhí 100% d'oibreoirí ADR cláraithe agus bhí ag éirí leo iarratas a dhéanamh ar líne. Dearadh an córas ar bhealach an-soiléir, rud a éascaíonn íocaíocht ar líne agus lenar féidir gach doiciméad tacaíochta a uaslódáil nuair a chuireann oibreoirí iarratas isteach ar a ndeimhnithe.

## RIALACHÁIN ATHBHREITHNITHE LE HAGHAIDH FEITHICLÍ TALMHAÍOCHTA

D'ullmhaigh an Rannóg Caighdeáin Feithiclí ceithre Ionstraim Reachtúla sna réimsí seo a leanas; coscán, soilsiú, sofheictheacht, meáchain agus toisí, cúpláil, plátáil agus rátáil luais a shínigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa dlí i Meitheamh 2014 agus beidh siad i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016. Bhí an tÚdarás an-réamhghníomhach in 2015 ag déanamh poiblíochta ar na hathruithe i gcomhair na ndéantóirí, úinéirí agus oibreoirí ag a bhfuil trealamh talmhaíochta trí fhóraim éagsúla ar nós; cuir i láthair le haghaidh grúpaí príomhpháirtithe leasmhara, gníomhaíocht sna meáin, freastal ar sheónna/ imeachtaí trádála agus ábhar faisnéise a fhorbairt (Físeáin, leabhráin, faisnéis ar an suíomh gréasáin etc.)




*Foireann RSA ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2015*

**FÉACH ÁR BHFÍSEÁIN SÁBHÁILTEACHTA FEITHICLÍ TALMHAÍOCHTA AR YOUTUBE**

**NÓ ÍOSLÓDÁIL AN LEABHRÁN ANSEO**

## FEITHICLÍ SEANRÉ

I gcomhréir le Gníomh 59 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020, in 2014 d'athbhreithnigh RSA riachtanais tástála ródacmhainneachta d'fheithiclí seanré chun an cás sábháilteachta agus buntáistí costais a dheimhniú, má tá cuid ar bith ann, lena chur san áireamh i dtástáil ródacmhainneachta éigeantach. I ndiaidh comhairliúchán poiblí, cuireadh tuarascáil ag cuimsiú mholtaí RSA ar bheartais amach anseo sa réimse chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt lena bhreithniú.

## TEORAINN MEÁCHAIN FEITHICLÍ ALTACHA & AISFHEISTIÚ ACASTÓRA

Níl aon teorainneacha meáchain ann ar a ndéantar rialú i gcás feithiclí altacha ar a bhfuil níos mó ná ceithre acastóir. Rinne Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), ar a dtugtaí An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta tráth, é sin a athbhreithniú, agus mhol BIÉ do RSA teorainneacha oiriúnacha meáchain d'fheithiclí dá leithéid chun damáiste don bhonneagar bóithre náisiúnta a laghdú a oiread agus is féidir. Rinne RSA athbhreithniú ina dhiaidh sin ar na teorainneacha meáchain is infheidhme ó thaobh sábháilteacht ar bhóithre de agus cuireadh moltaí faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt lena mbreathnú.

## TÁSTÁIL CIGEARACHTA TRÁTHRIALTA - DÍOLÚINE I GCÁS CARRANNA RAILÍ

D'iarr Rásaíocht Mótair Éireann (MI) go dtabharfaí aird ar dhíolúine a dheonú ón riachtanas dul faoi thástáil éigeantach ródacmhainneachta i gcás thart ar 1,500 'feithicil iomaíochta' nó 'carranna railí' a bhí ar a clár oifigiúil. Rinneadh RSA an t-iarratas a mheas i gcomhthéacs cé chomh hoiriúnach a bhí sé córas NCT a bhí ann a chur i bhfeidhm ar charranna railí, na staitisticí imbhuailte a bhaineann le carranna railí agus na córais iniúchta eile a bhí in úsáid i dtíortha eile na hEorpa i gcás carranna railí a athbhreithniú. Cuireadh moltaí faoi bhráid an an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcomhair athbhreithniú.



# 38

## AIRGEADAS AGUS SEIRBHÍSÍ TRÁCHTÁLA


**Is é an cuspóir atá le hAirgeadas agus Seirbhísí Tráchtála feidhm cumasú a chur ar fáil chun tacú le stiúrthóireachtaí gnó an Údaráis.**

**Is é a gcuspóir a chinntiú go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh a raon dualgais reachtúla, dlí, rialála agus seirbhíse poiblí.**

Áirítear leis sin go háirithe:

- A chinntiú go bhfuil a dhóthain maoiniú ar fáil don Údarás chun a shainordú sábháilteachta ar bhóithre agus a shraith seirbhísí poiblí a chur ar fáil;
- Seirbhísí fiúntacha a chur ar fáil don Údarás sna réimsí soláthair agus conartha/ bainistíochta tráchtála;
- Láthair oibre sábháilte agus folláin a chur ar fáil; soláthar cuí áise agus trealaimh agus flít.
- A chinntiú go bhfuil próisis um chosaint sonraí, próisis um bainistíocht slándála faisnéise agus próisis um bainistíocht riosca atá oiriúnach don fheidhm ann.

Is é an príomhchúram atá aige seirbhísí breisluacha éifeachta a chur ar fáil, gan mhoill, chun an t-ualach riaracháin a bhaint de na stiúrthóireachtaí gnó.



## RÉIMSÍ FREAGRACHTA

- Rialachas corparáideach
- Maoiniú a sholáthar
- Bainistíocht riosca
- Soláthar
- Bainistíocht conartha
- Bainistiú flít agus áise
- Bainistíocht airgeadais
- Sláinte agus sábháilteacht

## AN ÁIT A BHFUILIMID ANOIS

- In 2015, tá sainstruchtúr eagraíochtúil againn a mhíníonn úinéireacht agus freagracht go soiléir le haghaidh príomhréimsí seirbhísí lárnacha a sainaithníodh;
- In 2015, líonamar róil fhíorthábhachta bainistíochta maidir le soláthar agus airgeadas sa stiúrthóireacht. Ina theannta sin, rinneamar foireann a athlonnú chun teacht níos fearr le riachtanais ról bainistíochta;
- Tá an fhoireann ag cur lena feiceálacht, tuairisciú agus cumarsáid thar an Údarás rud a bhfuil agaí comhlánaithe, feidhmíocht agus iompar ginearálta níos fearr dá bharr.

## TÁ AIRGEADAS AGUS SEIRBHÍSÍ TRÁCHTÁLA EAGRAITHE I GCÚIG RANNÓG AR LEITH:

- Airgeadas
- Soláthar
- Bainistíocht Áise
- Sláinte agus Sábháilteacht, Comhshaol agus Folláine
- FOI, Bainistíocht um Chosaint Sonraí, Slándáil Faisnéise agus Riosca

In 2015, ba iad seo a leanas méadracht na gcúig rannóg sna Seirbhísí Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála:

## AIRGEADAS


Airgeadas (tugtar achoimre ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Údaráis in 2015 san Aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil ina dtíolactar an tsraith iomlán ráiteas airgeadais reachtúil)

## SAORÁIL FAISNÉISE

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair, 2014. Tá RSA faoi réir a fhorálacha le héifeacht ón 14 Aibreán 2015.


Idir an 14 Aibreán 2015 agus an 31 Nollaig 2015, fuair RSA 46 iarratas FOI. Tugtar achoimre ar mhiondealú agus ar stádas na n-iarratas a fuarthas in 2015 sna sceidil seo a leanas.

**Cásanna FOI 2015**





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Stádas na n-iarratas FOI 2015**




**Foinse na n-iarratas FOI 2015**




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## COSAINT SONRAÍ

Le linn 2015, fuair an tÚdarás seacht nIarratas Rochtana ar Ábhair Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus phléigh sé leo.

## AN TOMBUDSMAN

Le linn 2015, fuair an tÚdarás sé ghearán a cuireadh ar aghaidh go dtí an tOmbudsman agus phléigh sé leo.

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS MAIDIR LE RIALACHÁIN CHOMHSHAOIL

Le linn 2015, fuair an tÚdarás dhá iarratas faoi Rochtain ar Fhaisnéis maidir le Rialacháin Chomhshaoil agus phléigh sé leo.


## SLÁINTE, TIMPEALLACHT SÁBHÁILTEACHTA AGUS FOLLÁINE

## TUAIRISCIÚ FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA 2015

## TUAIRISCIÚ TEAGMHAS

Fuair an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta 46 tuairisciú teagmhais san iomlán in 2015. Bhí teagmhais le linn Tástálacha Tiomána ina gcúis le 89% de na teagmhais a tuairiscíodh.

**Teagmhais Thuairiscithe de réir Aicmiú 2015**





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Staitisticí ar Theagmhais Thuairiscithe 2015**

| Aicmiú Teagmhais | Líon na dTeagmhas | Laethanta Caillte |
|---|---|---|
| Teagmhais Ghinearálta san Ionad Oibre | 5 | 0 |
| Teagmhais le linn Tástáil Tiomána | 41 | 108.5 |
| **Iomlán** | **46** | **108.5** |

### Aicmiú Teagmhas Laethanta Caillte, HSA/Neamh-HSA





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Tuairisciú feidhmíochta 2015 ar chuspóirí sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh chun timpistí san ionad oibre a laghdú:**

- In ainneoin méadú i líon na dtástálacha tiomána in 2015, d'fhan an ráta timpiste mar a bhí in 2014 0.03% in aghaidh líon na dtástálacha a rinneadh;
- Ba é líon na dtimpistí laethanta caillte le linn tástálacha tiomána a tuairiscíodh ná 7. Tá an figiúr sin seasmhach ó 2014 ar aghaidh;
- Laghdaigh líon na laethanta caillte de bharr timpistí ginearálta san ionad oibre go náid den chéad uair ó thosaigh an tÚdarás ag taifeadadh figiúirí feidhmíochta sábháilteachta in 2007;
- Bhí 85% de na teagmhais laethanta caillte a tuairiscíodh in 2016 intuairiscithe don HSA. Méadú 67% ar fhigiúirí 2014 is ea é seo.

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

### Tuairiscí foréigin agus ionsaitheachta de réir suímh 2015




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Staitisticí 2015 ar Fhoréigean agus Ionsaitheacht a tuairiscíodh**

| Limistéar Feidhme | Timpeallacht Ionaid Oibre | Líon na dTeagmhas |
|---|---|---|
| Forfheidhmiú Teicniúil | Seicphointe ar thaobh an bhóthair | 1 |
| Forfheidhmiú Teicniúil | Cigireacht ar áitreabh | 1 |
| Tástáil Tiománaithe | Tástáil Tiomána | 50 |
| **Iomlán Teagmhas Foréigin agus Ionsaitheachta** | | **52** |

*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

**Measúnú Riosca**

Bhain an t-aonad sláinte agus sábháilteachta comhlíonadh iomlán chuspóirí chlár measúnaithe riosca thimpeallacht oibre 2015 amach. I dteannta leis an gclár reatha de mheasúnú riosca ar gach próiseas oibre a athbhreithniú, rinneadh roinnt measúnú riosca le haghaidh tionscadal nua a bhí á dtabhairt isteach san Údarás.

## MEASÚNUITHE RIOSCA 2015

- Athbhreithniú ar Mheasúnú Riosca i gcás gach ceann de 50 foirgneamh RSA
- Ollphuball 'Check it Fits'
- Úsáid Thionscadal Píolótach Cheamara ANPR ag seicphointí ar thaobh an bhóthair
- Tionlacan ADI a bheith ar Thionscadal Píolótach Tástála Tiomána
- Físeán ar Chaighdeáin nua i gcomhair tarracóirí agus leantóirí
- Imeacht RSA agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta


## OILIÚINT FOIRNE

D'fhreastail 71 ball foirne ar na cúrsaí oiliúna sláinte agus sábháilteachta seo in 2015.

## AN COMHSHAOL

Bíonn rún daingean ag RSA i gcónaí ár lorg carbóin a laghdú agus bíonn an 'Fhoireann Ghlas' gníomhach le foireann a spreagadh chun tabhairt faoi chleachtais mhaithe chomhshaoil ina n-obair laethúil.

**Léiríonn na sonraí grafacha seo a leanas tuairisciú feidhmíochta comhshaoil RSA i gcomhair 2015.**





*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

## FUINNEAMH

Thug RSA tuairisciú ar ídiú fuinnimh isteach in 2015. Déanfar tuilleadh anailíse ar fheidhmíocht sa réimse sin in 2016 agus sonraí comparáideacha a bheith ag teacht chun cinn.

Rinne OPW figiúirí teoranta a thaifeadadh i gcomhair 2014 agus cuireadh ar fáil don Údarás iad. Léiríonn na figiúirí ó 2014 gur éirigh go maith leis an Údarás agus gur tháinig laghdú 2.2% ar ídiú fuinnimh ó 2014.

**Ídiú Fuinnimh Bliantúil 2015 in aghaidh an kWh – RSA Bhéal an Átha**




*Foinse: RSA, Nollaig 2015*

39

# ACMHAINNÍ DAONNA

Tacaíonn an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) le gach Stiúrthóireacht ar líon saincheisteanna éagsúla lena n-áirítear bainistíocht acmhainní, bainistíocht feidhmíochta, bainistíocht asláithreachta, oiliúint agus Caidreamh Tionsclaíoch.

## SOLÁTHAR FOIRNE

Tá státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí ag obair do RSA. Ba é leibhéal na foirne ag deireadh mhí na Nollag 2015 324 (312.34 coibhéis lánaimseartha). Rinneadh roinnt ceapacháin thábhachtacha in 2015 lena n-áirítear Príomhinnealtóir agus Bainisteoir Soláthair chomh maith le Bainisteoir Sinsearach Iompair agus scrúdaitheoir ADI. Ina theannta sin, tugadh roinnt deiseanna inmheánacha d'fhoireann i ngach Stiúrthóireacht. D'éirigh seisear foirne as an tseirbhís in 2015.

Cuireann Rannóg AD figiúirí foirne in aghaidh na ráithe ar fáil don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina dtugtar achoimre ar líon na bhfostaithe agus an choibhéis lánaimseartha atá againn chun ár gCreat Rialaithe Fostaíochta a chomhlíonadh. Tá cruinnithe rialta leis an Roinn sceidealaithe chun na mionsonraí sin a athbhreithniú.

## BAINISTÍOCHT ASLÁITHREACHTA

Tá an Rannóg AD ag díriú ar shaincheist na bainistíochta asláithreachta.

Leanaimid orainn ag cur gach cás saoire breoiteachta fadtéarmach ar aghaidh chuig an bPríomhoifigeach Leighis i ndiaidh ceithre seachtaine agus oibrímid go dlúth leis nuair a fhaightear tuairiscí.

Mar a mhionsonraítear thíos sna sonraí comparáideacha ó 2014 go 2015, bhí laghdú ar líon iomlán na hasláithreachta a bhí deimhnithe agus nach raibh deimhnithe.

| Bliain | 2014 | 2015 |
|---|---|---|
| Iomlán Laethanta Deimhnithe | 3616 | 2931 |
| Iomlán Laethanta nach raibh deimhnithe | 220 | 201 |

## CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Oibríonn an Rannóg AD ar bhealach dearfach i gcomhar le líon áirithe ceardchumann atá san fhóram caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear IMPACT, PSEU, CPSU agus AHCPS. Tá Comhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch i ngníomh sa RSA agus cuidíonn an fóram sin le timpeallacht mhaith chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn.

## STRAITÉIS

Ghlac Acmhainní Daonna páirt i bPlean Corparáideach 2016-2020 RSA agus táthar ag súil le bheith ag obair le páirtithe leasmhara air sin.

# 40

# TUAIRISCIÚ TEICNEOLAÍOCHT, FAISNÉIS AGUS CUMARSÁIDE (TFC) I GCOMHAIR THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

## SLÁNDÁIL AGUS RIALACHAS TFC

Cuireadh Grúpa Stiúrtha TFC ar bun chun ceannaireacht feidhmiúcháin a chur ar fáil i dtaobh Teicneolaíocht Faisnéise a chur ar fáil sa RSA agus lena chinntiú go dtacaíonn tionscnaimh agus tionscadail TFC atá ar bun le cuspóirí agus le straitéisí gnó na cuideachta. I bhfianaise an méadú atá ar cibearchoireacht, tá ról lárnach ag Grúpa Stiúrtha TFC chomh maith chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar bhagairtí slándála agus ar theagmhais slándála.

## BONNEAGAR

Cuireadh tús le clár mór oibre in 2015 chun bonn teicneolaíochta RSA a uasghrádú, a raibh a ré caite nach mór i gcás cuid mhaith dó. Cuireadh athruithe suntasacha i bhfeidhm ar bhallaí dóiteáin, Stóráil Sonraí, Líonra Achair Fhairsing agus trealamh líonraithe agus tá sé beartaithe uasghrádú mór a dhéanamh ar thimpeallacht seomra freastalaí le haghaidh 2016.

## TIONSCADAIL

Tugadh faoi roinnt tionscadail lárnacha lena n-áirítear;

- Seirbhís Bhainistithe Priontála a chur i bhfeidhm
- Feabhsúcháin a dhéanamh ar Chóras Oideachais Tiománaithe (ADI agus CPC)
- Córas bainistíochta Cártaí Tacagraif Dhigitigh a athfhorbairt.
- Córas Riaracháin um Sheirbhísí Tiománaithe na Seirbhíse Éigeandála (ESDS)

## FEABHSÚCHÁN SEIRBHÍSE

Rinneadh Deasc Seirbhíse TFC a chur i bhfeidhm, a chuir tacaíocht chéad leibhéil ar fáil d'Aonaid Ghnó RSA, do shaoráidí féinfhreastail (e.g. athruithe pasfhocail) agus a chuir cúpla treoir fhéinchabhrach ar fáil. Rinneadh feabhsúcháin nach beag ó thaobh costais de in 2015 trí sholáthraithe TFC a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú agus coinnítear leis sin in 2016.

# AGUISÍN A

## RÁITIS AIRGEADAIS AN ÚDARÁIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH NOLLAIG 2015

An Clár Ábhar ........ 91

Faisnéis Ghinearálta ........ 92

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ........ 93

Tuarascáil na gComhaltaí Boird ........ 94

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais ........ 95

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe ........ 97

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ........ 98

Ráiteas ar an Staid Airgeadais ........ 99

Ráiteas ar Shreafaí Airgid ........ 100

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ........ 101

# FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Moyagh Murdock – Príomhfheidhmeannach<br>An tUasal Pearse White – Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála<br>An tUasal Denise Barry – Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí<br>An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe<br>An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| **Cathaoirleach** | An tUasal Liz O'Donnell |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Eddie Rock<br>An tUasal Ronan Melvin<br>An tUasal Áine Carroll<br>An tUasal Sean Finan<br>An tUasal Aideen Carberry<br>An tUasal John Mulvihill<br>An tUasal John Lumsden<br>An tUasal Aileen O'Toole |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 WP44 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

**Comptroller and Auditor General**

**Report for presentation to the Houses of the Oireachtas**

## Road Safety Authority

I have audited the financial statements of the Road Safety Authority for the year ended 31 December 2015 under the Road Safety Authority Act 2006. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 29 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice.

### Responsibilities of the Chief Executive Officer and of the Board of the Authority

The Chief Executive Officer is responsible for the preparation of the financial statements The Board of the Authority is responsible for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors

### Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies I consider the implications for my report

### Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority as at 31 December 2015 and of its income and expenditure for 2015, and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited The financial statements are in agreement with the accounting records

### Matters on which I report by exception

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted

***Severance payments***

Note 4(a) to the financial statements discloses expenditure of €145 000 in relation to severance payments made to staff during 2015 Associated legal costs amounted to €66 400 The Authority did not obtain sanction for the severance payments from the Department of Public Expenditure and

***Non compliance with procurement rules***

Audit testing identified non-competitive procurement of goods and services in 2015 to the value of €700 000, representing 2.6% of the value of procurements examined This was down from the identified level of non-competitive procurement identified in 2014 of €1.4 million The statement on internal financial control sets out the steps being taken by the Authority to address the matter.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**
**3[illegible] May 2016**

**Freagrachtaí na gComhaltaí Boird**

**Ráitis Airgeadais**

Ceanglaítear le hAlt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go gcoinníonn sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé.

Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre na nithe seo a leanas:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás air i mbun feidhme;
- Luaigh ar lean caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais, agus a chuireann ar a chumas lena chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006. Sa mhullach air sin, tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin tá an Bord freagrach as céimeanna réasúnta a chur díobh le calaois, mar aon le mírialtachtaí eile, a chosc agus a bhrath.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Ghlac an tÚdarás céimeanna chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe agus chuir an Bord na príomhnósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm, a dearadh chun rialú inmheánach airgeadais éifeachtach a chur ar fáil lena n-áirítear;

i. Freagrachtaí bainistíochta, údarás agus freagracht atá sainmhínithe go soiléir;
ii. Nósanna imeachta foirmiúla a chruthú le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar chosaint sócmhainní
iii. Nós freagrachta in uile leibhéal na heagraíochta a fhorbairt
iv. Buiséad bliantúil a chruthú agus comparáid a dhéanamh idir torthaí iarbhír agus buiséid le linn na bliana
v. Nósanna imeachta chun riosca gnó agus airgeadais a bhainistiú lena n-áirítear úsáid teorainneacha údarúcháin, deighilt dualgas agus rialuithe chun calaois a chosc agus a bhrath
vi. Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí seachfhoinsithe a chruthaíonn Plean bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí agus a dhéanann athbhreithniú ar thuarascálacha iniuchóireachta inmheánaí.

I ndáil le 2015 chomhaontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Comhaontú Seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí ag an Údarás. D'fheidhmigh an tÚdarás ar bhonn féinmhaoinithe in 2015 seachas tarraingt anuas €139,000 an ioncaim státchiste i gcomhair íocaíochtaí pinsin.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais de chuid an Údaráis ar obair an iniúchóra inmheánaigh; ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Sa bhliain 2015, rinneadh na hIniúchtaí Inmheánacha seo a leanas agus tuairiscíodh iad do Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis:

- Athbhreithniú Inmheánach ar Chonraitheoirí Straitéiseacha Seachfhoinsithe an Údaráis;
- Iniúchóireacht Inmheánach ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Sainaithníodh san iniúchóireacht ar ráitis airgeadais 2014 nach ndearnadh próisis iomaíocha soláthair i dtaca le híocaíochtaí arbh fhiú €1.4m san iomlán iad a léirigh 34% den sampla a scrúdaíodh (de réir luacha). Sainaithníodh san iniúchóireacht ar ráitis airgeadais 2015 nach ndearnadh próisis iomaíocha soláthair i dtaca le híocaíochtaí arbh fhiú €0.7m san iomlán iad a léirigh 2.6% den sampla a scrúdaíodh (de réir luacha). Ar an 19 Deireadh Fómhair 2015 cheap an tÚdarás bainisteoir soláthair chun bainistíocht gach soláthair agus conarthaí a rialú go lárnach san Údarás chun a chinntiú go gcloítear go daingean le treoirlínte soláthair. Cuireadh roinnt tairiscintí ar bun le linn 2015. Ina dhiaidh sin féin, bhí deacrachtaí ag an Údarás tairiscintí iomaíocha a lorg i gcás conradh amháin de bharr oibleagáidí conarthacha. Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh le tairiscintí a lorg sa chás seo le linn 2016.

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag díriú ar sholáthar chun comhlíonadh iomlán rialacha iomchuí soláthair a chinntiú.

Sainaithníodh i dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí ar Athbhreithniú ar Chonraitheoirí Straitéiseacha Seachfhoinsithe an Údaráis roinnt feabhsúcháin a bhí ag teastáil i dtaobh a nósanna imeachta bainistíochta conartha. Tá tús curtha ag an Údarás le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais in 2015.

# RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | 139,000 | - |
| Acmhainní Eile | 3 | 76,744,127 | 68,613,817 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 5(c) | 4,065,000 | 3,179,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a tarchuireadh chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 5(a) | (275,000) | (278,000) |
| **Ioncam Iomlán** | | 80,673,127 | 71,514,817 |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair agus costais eile pá | 4(a) | (20,177,049) | (19,387,505) |
| Costais sochair scoir | 5(a) | (4,018,000) | (3,127,000) |
| Comhairle theicniúil | (6) | (193,719) | (23,007) |
| Costais riaracháin | 7 | (6,320,923) | (5,334,866) |
| Costais chláir | 8 | (38,175,784) | (39,721,117) |
| Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta | | (3,772,638) | (3,244,312) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (71,672,056) | (71,823,864) |
| **Barrachas/ (Easnamh) don bhliain roimh Leithreasaí** | | **9,001,071** | **(309,047)** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | (1,278,149) | (215,650) |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí** | | **7,722,922** | **(524,697)** |
| **Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh an 1 Eanáir** | | **18,632,324** | **19,157,021** |
| **Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh an 31 Nollaig** | | **26,355,246** | **18,632,324** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas uile don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar dháta an chláir chomhordaithe.
Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015<br>€ | 2014<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | 7,722,922 | (524,697) |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | 1,826,000 | 324,000 |
| Athruithe i dtoimhdí faoi bhonn luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | | 5,269,000 | (18,239,000) |
| **Gnóthachan achtúireach iomlán/ (caillteanas) sa bhliain** | 5 (b) | **7,095,000** | **(17,915,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | (7,095,000) | 17,915,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain** | | **7,722,922** | **(524,697)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015<br><br>€ | 2014<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | 9 | 8,043,642 | 6,765,493 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 10 | 4,957,639 | 1,547,183 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 202,532 | 195,113 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 33,061,350 | 28,243,047 |
| | | 38,221,521 | 29,985,343 |
| **Dliteanais Reatha (suim dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | (11,866,275) | (11,353,019) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 26,355,246 | 18,632,324 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha (suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin)** | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | 5(c) | 54,521,000 | 57,551,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 5(b) | (54,521,000) | (57,551,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **34,398,888** | **25,397,817** |
| **A fhreagraíonn do** | | | |
| Chuntas Caipitil | 13 | 8,043,642 | 6,765,493 |
| Chaillteanais Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 19 | 26,355,246 | 18,632,324 |
| | | **34,398,888** | **25,397,817** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

## RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | 2015<br>€ | 2014<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí | 9,001,071 | (309,047) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 3,772,638 | 3,244,312 |
| Méadú/ (Laghdú) ar Infháltais | (3,417,875) | (230,046) |
| Méadú/ (Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 513,256 | (2,600,546) |
| Ús Bainc faighte | (69,203) | (167,305) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **9,799,887** | **(62,632)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíocht le Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh a fháil | (5,050,787) | (3,459,962) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(5,050,787)** | **(3,459,962)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús bainc faighte | (69,203) | (167,305) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **69,203** | **167,305** |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead agus Coibhéisí Airgid** | **4,818,303** | **(3,355,289)** |
| Airgead agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir | 28,243,047 | 31,598,336 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig** | **33,061,350** | **28,243,047** |

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta a ghlac an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre leagtha amach thíos.
Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, agus tá ceannoifig ag Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo ann.

Bunaíodh príomhchuspóirí an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 an 1 Meán Fómhair 2006. Is comhlacht corparáideach é an tÚdarás le comharbas suthain agus le séala agus an chumhacht agairt agus bheith agartha ina ainm corparáideach, agus talamh nó leas i dtalamh a fháil, a choinneáil nó a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a choinneáil agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann Ioncam nach ón Státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal agus cuid de ó Dheontas Státchiste ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Aistríodh na príomhfheidhmeanna a bhfuil an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach astu ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ón Údarás Náisiúnta Bóithre agus ón gComhairle Náisiúnta Sábháilteachta agus leagtar amach iad san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006.

Is é an tÚdarás an phríomhghníomhaireacht phoiblí i dtaobh cur chun cinn, oideachas, feasacht agus taighde ar shábháilteacht ar bhóithre agus is iad a phríomhsheirbhísí poiblí ná tástáil tiománaithe, ceadúnú tiománaithe agus tástáil feithiclí.

Is Eintiteas Sochar Poiblí é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar eintiteas é a chuireann seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, don phobal agus chun leasa shóisialta.

### (b) Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), atá á fhógairt ag Cuntasóirí Cairte in Éirinn. Is iad seo an chéad tacar de ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre arna n-ullmhú i gcomhréir le FRS 102. Is é an dáta le haistriú go dtí FRS 102 ná an 1 Eanáir 2014. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin a athlua i gcomhair coigeartuithe ábhair ar FRS 102 a ghlacadh sa bhliain reatha. Tá toradh an ghlactha sin le feiceáil i Nóta 21.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

### (c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoi Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

### (d) Ioncam

- **Deontas Oireachtais**
  Is iondúil gurb ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam; eisceacht amháin ar an riail sin is ea cás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

- **Ioncam Úis**
  Déantar Ioncam Úis a aithint ar bhonn fabhraithe.

- **Ioncam Eile**
  Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe seachas ioncam ó tháillí ar chártaí tacagraif dhigitigh agus ó cheadúnais tiomána agus ó chlárúcháin teagascóirí tiomána formheasta ar bhonn fáltas airgid.  Is ar bhonn fabhraithe a aithnítear an uile ioncam eile, lena n-áirítear táillí ar thástálacha tiomána, an tobhach tástála náisiúnta carranna agus an tobhach tástála feithiclí tráchtála.

### (e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Taispeántar réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i gcomhair aon soláthar do bhearnú. Déanfar dímheas a sholáthar ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Mótarfheithiclí | 20% | sa bhliain |
| (ii) | Feabhsúcháin Léasachta | 5% | sa bhliain |
| (iii) | Daingneáin agus Feistis | 20% | sa bhliain |
| (iv) | Crua-earraí TFC | 33% | sa bhliain |
| (v) | Bogearraí Feidhmchláir | 33% | sa bhliain |

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, dá mbeadh aois ag an tsócmhainn agus bail uirthi a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta.

I gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú luach na sócmhainne ann, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

### (f) Sochair Fostaithe

**• Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san Fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

### (g) Sochair Scoir

**Pinsin na mBall Foirne**

**Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse**

Amhail an 31 Nollaig 2015 tá 149 ball foirne san Údarás páirteach i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin do na baill foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an Údaráis. Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin de chuid an 149 ball foirne sin a tharchur chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ar an Údarás ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

**Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')**

Reáchtálann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim le sochar sainithe í i gcomhair fostaithe sa tseirbhís poiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Bhí 5 bhall den scéim sin ann amhail an 31 Nollaig 2015.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

**Cuntasaíocht Pinsin do Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus na Seirbhísí Poiblí Aonair Scéim Pinsin ('Scéim Aonair')**

Léiríonn na ráitis airgeadais, de réir luacha chóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus na Scéime Pinsin Seirbhís Poiblí Aonair agus aon mhaoiniú gaolmhar. Agus aithnítear sna ráitis airgeadais na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa.

**Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre**

Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an tÚdarás Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. I mí Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach inti trí chomórtas seachtrach agus trí bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí 164 ball foirne de chuid an Údaráis ina mbaill ghníomhacha den Scéim. Tá freisin 13 ball iarchurtha agus 15 pinsinéir den scéim ann. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go n-asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go dtarchuireann sé na ranníocaíochtaí sin chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun díospóireachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, go leanfadh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, fad a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha Státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

**(h) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla**

Le hullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

**Luachanna Dímheasa agus Iarmharacha**

Rinne na Stiúrthóirí saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha comhlachaithe gach aicme sócmhainne seasmhacha a athbhreithniú, agus go háirithe, an tsaolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

**Oibleagáid Sochair Scoir**

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna iarmharacha lena gcinntear na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochtaí costais chúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain.
Bunaítear é sin ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo
(iii) rátaí treochtaí costais chúraim sláinte, an ráta maidir le boilsciú costais mhíochaine sna réigiúin iomchuí.

## 2. DEONTAIS OIREACHTAIS

Mar atá léirithe sa ráiteas airgeadais is é atá sa Deontas Oireachtais a vótáladh lena thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:

| | Fo-Cheannteideal | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Deontas i gcomhair caiteachas reatha | B.4 | 139,000 | - |
| | | **139,000** | **-** |

Níor tharraing an tÚdarás anuas cuid ar bith dá Dheontas Oireachtais in 2014. In 2015, leithdháileadh Deontas Oireachtais ar leith ar an Údarás chun riar ar íocaíochtaí bliantúla pinsin do líon pinsinéirí ar a chuntais.

## 3. ACMHAINNÍ EILE

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Táillí ó Thástáil Tiománaithe | 14,537,867 | 13,014,403 |
| Tobhach Náisiúnta Tástála Carranna | 26,175,827 | 21,305,486 |
| Ioncam ó Cheadúnais Tiomána | 20,115,033 | 19,797,251 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 14,228,823 | 12,766,755 |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | 626,536 | 726,675 |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | 398,580 | 224,281 |
| Ioncam ó Urraíocht | 74,153 | 95,012 |
| Ús Bainc | 69,203 | 167,305 |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | 267,958 | 252,655 |
| Ilghnéitheach | 250,147 | 263,994 |
| | **76,744,127** | **68,613,817** |

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Leagtar amach na príomhfhoinsí ioncaim reatha thíos;

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Thástáil Tiománaithe agus ó Cheadúnais Tiomána | Tá freagracht ar an Údarás as tástáil tiománaithe agus eisiúint agus athnuachan ceadúnas. Díorthaítear an t-ioncam seo ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh nó ó cheadúnas tiomána a fháil/athnuachan. |
| Tobhach Tástála Náisiúnta Carranna agus Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh freisin bunaithe ar an líon carranna agus feithiclí tráchtála a thástáiltear. Bailíonn an soláthraí seirbhíse ar conradh an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus tarchuirtear cuid den táille tástála go míosúil i riaráistí chuig an Údarás.<br>Leanann an tobhach a fuarthas maidir leis an Tástáil Náisiúnta Carranna ar aghaidh ag méadú de bharr chomhlíonadh níos fearr an cheanglais maidir le deimhniú bailí NCT a bheith ann. Dá thoradh sin, tá líon mór carranna a ndéantar Tástáil Náisiúnta Carranna orthu. In 2015, is é láimhdeachas an chonraitheora seachfhoinsithe a fheidhmíonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna timpeall €75m, a bhfuair an tÚdarás €26.2m de in ioncam tobhaigh agus roinnt brabúis mar a dtugtar achoimre air sa nóta seo.<br>In 2015, lig an tÚdarás ioncam tobhaigh €1.1m uaidh de thoradh custaiméirí a fuair tástálacha saor in aisce. Tá custaiméirí i dteideal tástáil shaor in aisce i gcás a mbíonn orthu fanacht níos mó ná ceithre seachtaine chun tástáil a fháil. |

## 3. ACMHAINNÍ EILE (AR LEAN)

| Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Tobhach Tástála Náisiúnta Carranna agus Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | Pointí pionóis a thabhairt isteach maidir leis an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna ba shiocair le moilleanna toisc go raibh méadú mór ar iarratais ar thástálacha de bharr comhlíonadh níos fearr a bheith ann. Tá céimeanna tógtha ag an Údarás chun freastal níos fearr don éileamh sin.<br>I gcomhréir le forálacha an chonartha, tá an tÚdarás i dteideal sciar de bhrabús na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna don tréimhse 2010-2015. Is é an tsuim iomlán atá dlite don Údarás maidir le coigeartú feidhmíochta agus roinnt brabúis ná €3.333m. Cuimsítear sna ráitis airgeadais ioncam €3.333m atá dlite i dtaca leis sin. Tá sé sin le fáil in 2016.<br>Leanann an tÚdarás le hioncam Tobhaigh Tástála Feithiclí Tráchtála a aithint in 2015. |
| Ioncam ó Thacagraif Dhigiteacha | Tá freagracht ar an Údarás as forfheidhmiú reachtaíochta maidir le huaireanta tiománaithe. Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí nuair a eisíonn sé cárta leictreonach tacagraif dhigitigh do tharlóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadadh. |
| Ioncam ó Theagascóirí Tiomána Formheasta | Tá freagracht ar an Údarás as rialú an tionscail Teagaisc Tiomána. Faigheann an tÚdarás ioncam tobhaigh nuair a chláraíonn agus a thástálann siad Teagascóir Tiomána. |
| Ioncam ó Iompar Earraí Contúirteacha | Tá freagracht ar an Údarás as rialú iompar earraí contúirteacha. Faigheann an tÚdarás ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir Iompar Earraí Contúirteacha. |

## 4. LUACH SAOTHAIR AGUS COSTAIS EILE PHÁ

### 4(A) LUACH SAOTHAIR AGUS COSTAIS EILE PHÁ

| | Nóta | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Tuarastail Foirne | | 16,609,253 | 16,088,022 |
| Ranníocaíochtaí fostóra le leas sóisialach | | 1,099,528 | 1,003,434 |
| Oiliúint & forbairt foirne | | 166,942 | 144,771 |
| Taisteal foirne & costais chothaithe | | 2,036,839 | 1,938,795 |
| Costais eile foirne | | 63,119 | 47,272 |
| Sochair oifige comhaltaí boird (lena n-áirítear luach saothair PFO) | 4 (c) | 201,368 | 165,211 |
| **Iomlán** | | **20,177,049** | **19,387,505** |

## 4(A) LUACH SAOTHAIR AGUS COSTAIS EILE PHÁ (AR LEAN)

Baineadh asbhaintí a bhaineann le pinsin arb ionann agus €871,989 iad as tuarastail agus pá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le 2015 (2014 - € 860,754).

Áirítear ar Thuarastail Foirne suimeanna €144,968 a bhain le híocaíochtaí foirceanta do thriúr foirne. Tá costais ghaolmhara dlí €66,370 san áireamh i gCostais Chláir. Ní bhfuair an tÚdarás ceadú foirmiúil i scríbhinn le haghaidh na n-íocaíochtaí sin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir mar a éilítear. Ina dhiaidh sin féin, tugadh faoi deara gur chuir an tÚdarás an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an eolas faoi agus rinneadh na híocaíochtaí i gcomhréir le treoirlínte seirbhíse poiblí agus i gcomhréir leis an dlí reachtúil agus an dlí cánach iomchuí le haghaidh íocaíochtaí foirceanta.

Áirítear ar Thuarastail Foirne chomh maith €9,171 i dtaca le ball foirne amháin a bhain conradh d'fhad éiginnte amach le linn 2015.

I measc na gCostas Eile Foirne tá muirear €5,082 (2014 - €4,702) maidir le suimeanna a d'íoc an tÚdarás le Cumann Spóirt agus Sóisialta na Foirne.

Is é an meánlíon na mball foirne atá fostaithe ag an Údarás sa bhliain 318 (316 in 2014). Thug an Roinn Talmhaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, CIÉ agus Comhairle Contae Mhaigh Eo 6 (2014 – 7) bhall foirne eile ar iasacht don Údarás.

## 4(B) MIONDEALÚ AR SHOCAIR FOSTAÍ DON BHLIAIN

| **Raon sochair fostaí ar an iomlán** | | **Uimhir d'Fhostaithe** | **Uimhir d'Fhostaithe** |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2015** | **2014** |
| € 60,000 - | € 69,99927 | 27 | 18 |
| € 70,000 - | € 79,999 | 13 | 9 |
| € 80,000 - | € 89,999 | 3 | 3 |
| € 90,000 - | € 99,999 | - | 1 |
| € 100,000 - | € 109,999 | - | - |
| € 110,000 - | € 119,999 | - | - |
| € 120,000 - | € 129,999 | - | - |
| € 130,000 - | € 139,999 | 1 | 1 |

### 4(C) SOCHAIR OIFIGE COMHALTAÍ BOIRD

| | Táillí Boird | Cruinnithe Speansais 2015 € | Deimhnithe Ar Freastalaíodh Orthu € |
|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | | | |
| An tUasal Liz O'Donnell (Cathaoirleach) | 11,970 | 751 | 10 |
| An tUasal Eddie Rock | 7,695 | 307 | 8 |
| An tUasal Ronan Melvin | 7,695 | 577 | 10 |
| An tUasal Sean Finan | 7,695 | 307 | 8 |
| An tUasal Áine Carroll | - | 39 | 9 |
| An tUasal Aideen Carberry | 5,771 | - | 7 |
| An tUasal John Mulvihill | 7,695 | 2,324 | 6 |
| An tUasal John Lumsden | 7,695 | 307 | 10 |
| An tUasal Aileen O'Toole | 7,695 | 39 | 10 |
| **Iomlán** | **63,911** | **4,651** | |

Ba é seo a leanas luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i gcomhair 2015: buntuarastal bliantúil €137,457, socruithe caighdeánacha phinsean na hearnála poiblí agus ranníocaíochtaí fostóra le leas sóisialach (luach €21,539). Ba é seo a leanas luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i gcomhair 2014 (a ceapadh an 17 Feabhra 2014): buntuarastal bliantúil €111,493 socruithe caighdeánacha phinsean na hearnála poiblí agus ranníocaíochtaí fostóra le leas sóisialach (luach €18,395).

Le linn 2015, reáchtáladh deich gcruinniú Boird.

Ní raibh aon cheapacháin ar an mBord nó dul ar scor ón mBord/éirí as an mBord in 2015.

### 5. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

### 5 (A) ANAILÍS AR CHOSTAIS SOCHAIR SCOIR A GEARRADH AR AN RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Glanchostas seirbhíse reatha | 2,973,000 | 1,951,000 |
| Ranníocaíochtaí na mBall | 275,000 | (278,000) |
| Costas úis ar dhliteanais scéime sochair scoir | 1,320,000 | 1,454,000 |
| **Iomlán** | **4,018,000** | **3,127,000** |

## 5 (B) GLUAISEACHT I NGLANOIBLEAGÁIDÍ SOCHAIR SCOIR LE LINN NA BLIANA AIRGEADAIS

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanoibligeád sochair scoir an 1 Eanáir | (57,551,000) | (36,457,000) |
| Glanchostas seirbhíse reatha | 2,973,000 | 1,951,000 |
| Costas úis | (1,320,000) | (1,454,000) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 7,095,000 | (17,915,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (228,000) | 226,000 |
| **Oibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig** | **(54,521,000)** | **(57,551,000)** |

## 5(C) GLANMHAOINIÚ IARCHURTHA LE HAGHAIDH SOCHAIR SCOIR

Aithníonn an Bord na suimeanna seo mar shócmhainn chomhfhreagrach don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos anseo ag 5(e) agus roinnt tarluithe san am a chuaigh thart. I measc na dtarlúintí seo bhí an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfaidh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, a fhad is go bhfuil an Scéim i bhfeidhm.

Ba é an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe a leanas:

| | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 4,293,000 | 3,405,000 |
| Deontas an Stáit curtha i bhfeidhm le sochair scoir a íoc | (228,000) | (226,000) |
| **Glanoibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig** | **4,065,000** | **3,179,000** |

Ba ionann an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha do shochair scoir an 31 Nollaig 2015 agus €54.521m (2014 € 57.551m).

### 5(D) STAIR NA N-OIBLEAGÁIDÍ SOCAIR SHAINITHE

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 54,521,000 | 57,551,000 | 36,457,000 | 30,496,000 |
| (Caillteanais)/gnóthachain taithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe | 1,826,000 | 324,000 | (4,152,000) | (2,982,000) |
| Mar chéatadán de dhliteanais scéime | 3.4% | 0.56% | (11.39%) | (9.78%) |

### 5(E) COMHDHÉANAMH NA SCÉIME

Is socrú pinsin le sochar sainithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh é an scéim sochair scoir le sochair agus ranníocaíochtaí sainmhínithe le tagairt do 'mhúnla' reatha rialacháin scéime na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsean (ar 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é), aisce nó cnapshuim (ar 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse é) agus pinsin do chéile agus do pháistí. Is é an gnáthaois scoir breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Tagann ardú ar phinsin in íocaíocht (agus iarchur) de ghnáth de réir bhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 5 Feabhra 2016, agus ceanglais FRS a chur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2015.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe i dtaobh tuarastal | 3.4% pa | 3.3% pa |
| Ráta an mhéadaithe i dtaobh sochair scoir in íocaíocht | 1.9%pa | 1.8% pa |
| Ráta Lascaine | 2.75% | 2.3% |
| Ráta Boilscithe | 1.9% | 1.8% |

**Mortlaíocht**

| Ba iad na táblaí mortlaíochta seo a leanas a úsáideadh; | **Fir** | **Mná** |
|---|---|---|
| Mortlaíocht roimh Scor | PMA 92 c 2020 | PMA 92 c 2020 |
| Mortlaíocht i ndiaidh Scoir | PMA 92 c 2025 > 1 bl | PMA 92 c 2025 > 1 bl |

Bunaithe ar na táblaí seo a leanas an gnáthionchas saoil ag aois 65:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Fir | 22 bliain d'aois | 22 bliain d'aois |
| Mná | 25 bliain d'aois | 25 bliain d'aois |

## 6. COMHAIRLE THEICNIÚIL

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | | Athluaite |
| | € | € |
| Comhairle Theicniúil | 193,719 | 23,007 |
| **Iomlán** | **193,719** | **23,007** |

## 7. COSTAIS RIARACHÁIN

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clódóireacht & Páipéarachas | 295,803 | 663,030 |
| Postas | 226,078 | 274,637 |
| Costais Bhainistíochta Saoráide | 483,159 | 453,299 |
| Fuinneamh | 230,053 | 212,150 |
| Costais Teileafóin & Malartú Sonraí | 390,141 | 524,045 |
| Bogearraí, Ceadúnú & Costais Thacaíochta | 2,231,008 | 2,919,535 |
| Cothabháil Crua-earraí | 301,862 | 456,353 |
| Táillí Iniúchóireachta | 20,000 | 16,900 |
| Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí | 33,276 | 61,390 |
| Riaradh Párolla | 41,630 | 40,652 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 40,954 | 11,830 |
| Árachas | 36,072 | 45,270 |
| Cothabháil an tSuímh Ghréasáin | 16,806 | 21,038 |
| Muirir Idirbhirt Airgeadais | 269,672 | 255,246 |
| Costais Chíosa Saoráide | 516,683 | 237,113 |
| Costais Bhainistíochta Flít | 131,725 | 147,935 |
| Costais Riaracháin AD | 69,944 | - |
| Gnóthú ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | - | (19,500) |
| **Iomlán** | **5,334,866** | **6,320,923** |

## 8. COSTAIS CHLÁIR

| | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|
| | € | € |
| (a) Tástáil Teoirice Tiomána | 183,316 | 167,948 |
| (b) Forfheidhmiú & Cumarsáid Tarlú Bóthair | 749,694 | 705,062 |
| (c) An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna | 1,056,284 | 1,083,673 |
| (d) Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre | 5,237,544 | 4,393,656 |
| (e) Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 1,330,382 | 1,337,070 |
| (f) Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 2,857,703 | 2,130,199 |
| (g) Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 332,165 | 486,015 |
| (h) Oideachas Tiománaithe | 541,811 | 1,305,011 |
| (i) Táillí Dlí | 662,284 | 644,625 |
| (j) An tSeirbhís Tástála Feithiclí Tráchtála | 2,853,218 | 3,657,289 |
| (k) Tástáil Tiománaithe | 122,876 | 341,720 |
| (l) Beartas Ceadúnais Tiomána & Feabhsú Próisis | 522,451 | 458,361 |
| (m) Cumarsáid | 1,253,512 | 1,164,752 |
| (n) An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána | 20,228,872 | 21,513,633 |
| (o) Caighdeán Tiománaithe Seirbhíse Éigeandála | 22,824 | 145,306 |
| (p) Costais Chláir Eile | 220,848 | 186,797 |
| **Iomlán** | **38,175,784** | **39,721,117** |

**COSTAIS CHLÁIR (AR LEAN)**

(a) Seo an costas a bhaineann le deimhnithe tástála teoirice tiománaithe a lannú.
(b) Is iad seo na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear costais chumarsáide.
(c) Is é seo an costas a bhaineann le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna.
(d) Is clár é Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre mar a gcuireann an tÚdarás sábháilteacht ar bhóithre chun cinn an t-am go léir le huirlisí margaíochta agus cumarsáide lena n-áirítear fógraíocht, ag cinntiú foghlaim leanúnach do gach úsáideoir bóthair.
(e) Is clár é Oideachas ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar oideachas ar shábháilteacht ar bhóithre a chur ar fáil suas go dtí an tríú leibhéal trí réimse feachtas oideachais sainfhorbartha.
(f) Is clár dírithe é Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí ar leith úsáideoirí bóthair chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht bóthair trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear úsáid an tointeálaí agus teachtaireachtaí faoin tsábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha.
(g) Seo an costas a bhaineann le tabhairt faoi chláir thaighde maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre.
(h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le rialú thionscal an Teagaisc Tiomána Fhormheasta agus cuimsíonn sé reáchtáil an chláir Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla maidir le tiománaithe gairmiúla bus agus trucaile.
(i) Tá táillí dlí a thabhaítear maidir le cláir an Údaráis lena n-áirítear an clár Tástála Feithiclí Tráchtála, clár na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána agus gach clár eile.
(j) Is clár é seo a bhaineann le feidhmiú chlár Tástála Ródacmhainneachta na bhFeithiclí Tráchtála.
(k) Is é seo an costas a bhaineann le feabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann leis na tástálacha tiomána teoirice agus praiticiúla, go háirithe forbairt ábhar siollabais.
(l) Baineann an clár seo le caiteachas i bhforbairt agus feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána.
(m) Tabhaíonn an tÚdarás costas maidir lena ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach meán, cruthaíocht meán agus caidreamh poiblí. Cuimsíonn sé chomh maith gníomhaíocht an Údaráis sna meáin shóisialta.
(n) Baineann an caiteachas cláir seo le costais feidhmiúcháin na Seirbhíse Náisiúnta Ceadúnais Tiomána agus áiríonn sé costas táirgthe an chárta, líonra gníomhaireachta agus míreanna próiseála cúloifige na seirbhíse ceadúnais.
(o) Is iad seo na costais chláir a bhaineann leis an gCaighdeán Tiomána don tSeirbhís Éigeandála.
(p) Baineann costais faoin gceannteideal seo le costais fógraíochta fógraí Caighdeán Feithiclí agus Tástála Feithiclí.

Ní áirítear sna suimeanna a thaispeántar sa Nóta seo costais bhaill foirne an Údaráis ag riar na gClár seo mar ní shanntar costais foirne go heisiach le cláir ar leith mar sin ní féidir na costais seo a shannadh.

## 9. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Léasacht | Daingneáin & Feistis | Flít | Saintrealamh/ Teileachumarsáide Trealamh | Crua-earraí | Ríomhaire Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 1,003,390 | 943,300 | 823,372 | 561,757 | 2,319,174 | 12,892,295 | 18,543,288 |
| Breiseanna | 139,389 | 17,354 | 504,530 | - | 293,124 | 4,096,390 | 5,050,787 |
| **Amhail an Nollaig 2015** | **1,142,779** | **960,654** | **1,327,902** | **561,757** | **2,612,298** | **16,988,685** | **23,594,075** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 127,591 | 799,941 | 526,931 | 561,581 | 2,029,889 | 7,731,862 | 11,777,795 |
| Táille don Bhliain | 52,592 | 65,972 | 149,425 | 176 | 251,920 | 3,252,553 | 3,772,638 |
| **Amhail an Nollaig 2015** | **180,183** | **865,913** | **676,356** | **561,757** | **2,281,809** | **10,984,415** | **15,550,433** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an Nollaig 2014** | **962,596** | **94,741** | **651,546** | **-** | **330,489** | **6,004,270** | **8,043,642** |
| **Amhail an Nollaig 2013** | **875,799** | **143,359** | **296,441** | **176** | **289,285** | **5,160,433** | **6,765,493** |

## 10. INFHÁLTAIS

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tobhach Náisiúnta Tástála Carranna | 4,739,355 | 1,302,680 |
| Ús Bainc | 11,876 | 49,289 |
| Tobhach Tástála Teoirice Tiomána | 165,725 | 148,807 |
| Táillí Tástála Tiomána | 21,063 | 15,972 |
| Ioncam ó Cheadúnas Tiomána | 19,620 | 30,435 |
| **Iomlán** | **4,957,639** | **1,547,183** |

## 11. RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Árachas | 25,252 | 23,329 |
| Ceadúnais Bhogearraí | 177,280 | 171,784 |
| **Iomlán** | **202,532** | **195,113** |

## 12 SUIMEANNA INÍOCTHA

| **(a) Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | | **Athluaite** |
| | **€** | **€** |
| Creidiúnaithe Trádála | 1,308,099 | 2,196,337 |
| ÍMAT/ÁSPC | 481,640 | 336,157 |
| Asbhaintí Párolla | 163,964 | (89,217) |
| CBL | 671,155 | 455,081 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 233,619 | 299,908 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 505 | 108 |
| Fabhruithe | 3,919,809 | 3,324,183 |
| Fabhrú Pá Saoire | 353,610 | 400,657 |
| Ioncam Iarchurtha ó Tháillí Tástála Tiomána | 3,889,129 | 3,577,738 |
| Ioncam Iarchurtha ón Tobhach ar Thástáil Teoirice Tiomána | 370,492 | 347,338 |
| Aoisliúntas dlite don Roinn<br>Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 474,253 | 504,729 |
| **Iomlán** | **11,866,275** | **11,353,019** |

## 13. CUNTAS CAIPITIL

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 6,765,493 | 6,549,843 |
| **Aistriú ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | | |
| Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach | 5,050,787 | 3,459,962 |
| Amúchadh Sócmhainní Seasta | (3,772,638) | (3,244,312) |
| | 1,278,149 | 215,650 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **8,043,642** | **6,765,493** |

## 14. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Tá ceangaltais chaipitil ag an Údarás i leith a chonartha le haghaidh an Chórais Faisnéise Feithiclí Tráchtála faoin gclár athchóirithe Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála. Faoin téarma conartha le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 28 Feabhra 2019, tá ceangaltais chaipitil chonartha de €5m ag an Údarás a bhaineann le mír chaipitil na n-íocaíochtaí míosúla muirir sheirbhíse. Cuirfidh an tÚdarás na ceangaltais seo i gcrích óna chúltacaí agus ó ioncam amach anseo ón tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála.

## 15. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Níl aon dliteanais theagmhasacha ann ar an 31 Nollaig 2015

## 16. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag a chomhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

## 17. IASACHTAÍ

Ligeann Alt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 don Údarás airgead a fháil ar iasacht le cead an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhaontú an Aire Airgeadais ar son a fheidhmeanna a chur de láimh. Ó tionscnaíodh é, níor thabhaigh an tÚdarás aon iasachtaí.

## 18. ÁITREABH

Tá áitreabh ag an Údarás i mBéal an Átha agus i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí an t-áitreabh seo agus níl aon chíos le híoc ag an Údarás. Tá 52 ionad tástála tiománaithe ag an Údarás, ar fud na tíre, tá 15 acu seo lonnaithe in Oifigí Rialtais agus tá 37 lonnaithe in áitreabh eile arna gcur ar fáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Gearrtar costais comhsheirbhísí i leith na n-ionad siúd atá lonnaithe in Oifigí Rialtais.

### 19. RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE

Ag deireadh 2015, bhí barrachas carnach coinnithe de €26.4m ag an Údarás. Leithdháileadh €0.139m don Údarás ón Státchiste le haghaidh 2016 go sonrach chun riar ar íocaíochtaí pinsin i gcomhair pinsinéirí ar a chuntais. Seachas sin, d'fheidhmigh an tÚdarás ar bhonn féinmhaoinithe in 2015.
D'ullmhaigh an tÚdarás Plean Corparáideach don tréimhse 2016 go 2020 inar thug an tÚdarás achoimre ar an gcaoi a n-úsáidfeadh sé a leibhéal reatha cúlchistí chun infheistiú ina bhonneagar seirbhíse poiblí thar thréimhse cúig bliana go 2020 rud a dhéanfadh cúlchistí an Údaráis a laghdú go leibhéal inbhuanaithe.
D'fhaomh Bord an Údaráis an Plean Corparáideach agus chuaigh an tÚdarás i dteagmháil agus i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an bplean.

### 20. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA FRS 102

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 agus ba ghá roinnt de na figiúirí comparáideacha a athlua dá bharr sin.

## 21. AISTRIÚ GO DTÍ FRS 102

| Réiteach Caipiteal agus Cúlchistí | Meán | Amhail an 1 Eanáir 2014 | Amhail an 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Caipiteal agus Cúlchistí (mar a luadh roimhe seo)** | | **26,065,410** | **25,798,474** |
| Fabhrú Pá Saoire | 21(a) | (358,546) | (400,657) |
| **Caipiteal agus Cúlchistí (mar a athluadh)** | | **25,706,864** | **25,397,817** |

| Réiteach Easnaimh don bhliain | | Amhail an 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| | | € |
| **Easnamh don bhliain (mar a luadh roimhe seo)** | | **(482,586)** |
| Fabhrú Pá Saoire | 21(a) | (42,111) |
| **Easnamh don bhliain (mar a athluadh)** | | **(524,697)** |

**(a) Fabhrú Pá Saoire**

Ní dhearna an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre fabhrú roimhe seo i gcás pá saoire a bhí saothraithe ag fostaithe ach nach raibh tógtha acu faoi dháta an tuairiscithe. Faoi FRS 102, ní mór go n-aithnítear sna ráiteas airgeadais fabhrú den chineál sin.

Is é an tionchar atá ag an athrú seo méadú €358,546 ar shuimeanna iníoctha ar an dáta aistrithe agus €400,657 an 31 Nollaig 2014. Tá an barrachas laghdaithe € 358,546 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus € 42,111 sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014.

## 22. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Bealtaine 2016.

# 41

# EAGRAÍOCHT

## AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – OIBRIÚ LENA CHÉILE LE SAOLTA A SHÁBHÁIL

**Ba mhaith leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as an tacaíocht a thug siad in 2015:**

A-CEART
An Garda Síochána
Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)
Cumann na nGluaisteán
Brí
Bus Éireann
An Chomhairle um Thurasóireacht agus Iompar Cóiste (CTTC)
An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA)
Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH)
Coistí Cathrach i gCúram Leanaí
Rothaíocht Éireann
Cycling.ie
An Roinn Oideachais agus Scileanna (Clár Idirbhliana)
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Comhshaoil (TÉ)
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Bus Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)
An iris Fleet
Clár na Scoileanna Glasa
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
IDA
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
Irish Farmers Journal (IFJ)
Iarnród Éireann
Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)
Cumann Thionscal Bonn na hÉireann (ITIA)
Bord Ríomheolaíochta an Rialtais Áitiúil
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)
Met Éireann
Muintir na Tíre
Fóraim Náisiúnta Phobail
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
Club Gan Ainm! (No Name!)
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi)
PARC
Responsible Young Drivers (RYD)
Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla
Meithleacha Oibre Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile
Féile Rós Thrá Lí
Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)
Coláistí Tríú Leibhéal
Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)
Grúpaí Oibre

**Urraitheoirí:**

Applegreen
Advance Pitstop
Electric Ireland
Mercedes
Reynolds Logistics Ltd

## NÓTAÍ

## NÓTAÍ

# Oibriú lena chéile le Saolta a Shábháil

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre


Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo.

Íosghlao: 1890 50 60 80 facs: 096) 25 252
r-phost: info@rsa.ie suíomh Gréasáin: www.rsa.ie